An Roinn Oideachais
Department of Education

# Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)

Lúnasa 2023

# Clár na nÁbhar


**Brollach ón Aire**
**Gluais na dTéarmaí**
Caibidil 1: **Réamhrá agus Creat Dlíthiúil** ........ 1
**1.1 Réamhrá** ........ 1
**1.2 Struchtúr na Nósanna Imeachta seo** ........ 3
**1.3 Creat Dlíthiúil** ........ 4
**1.4 Daoine Fásta Soghonta** ........ 9
Caibidil 2: **Sainmhíniú agus Aithint Mhí-úsáid Leanaí** ........ 10
**2.1 Aidhm** ........ 10
**2.2 Forais réasúnta imní** ........ 10
**2.3 Na Cineálacha Mí-úsáide Leanaí agus an chaoi inar féidir iad a aithint** ........ 11
Caibidil 3: **Freagrachtaí an Lucht Foirne Scoile go léir** ........ 19
**3.1 Freagrachtaí an Lucht Foirne Scoile go léir** ........ 19
**3.2 Comharthaí féideartha mí-úsáide a aithint** ........ 19
**3.3 Ag déileáil le nochtuithe ó leanaí** ........ 20
**3.4 Coimeád Taifead** ........ 21
**3.5 Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA)** ........ 21
**3.6 Tuarascáil mhaoirseachta um chosaint leanaí an phríomhoide don bhord bainistíochta** 23
Caibidil 4: **Oibleagáidí reachtúla ar Mhúinteoirí Cláraithe** ........ 24
**4.1 Aidhm** ........ 24
**4.2 Freagrachtaí sainiúla ar mhúinteoirí cláraithe** ........ 24
**4.3 Na critéir do thuairisciú faoi shainordú: an tairseach díobhála** ........ 26
**4.4 Nochtuithe maidir le mí-úsáid a fhaightear ó leanbh nó ó dhuine óg** ........ 28
**4.5 Daoine sainordaithe atá ag obair le haosaigh** ........ 28
**4.6 Déileáil le líomhain shiarghabhálach** ........ 29
**4.7 Eisceachtaí ón oibleagáid tuairisc shainordaithe a dhéanamh** ........ 29
**4.8 Na hiarmhairtí a bhaineann le gan tuairisc a dhéanamh** ........ 30
**4.9 Cúnamh sainordaithe** ........ 31
**4.10 Comhroinnt eolais agus an cion nochtadh neamhúdaraithe a dhéanamh** ........ 31
Caibidil 5: **Ábhair Imní a Thuairisciú** ........ 33
**5.1 An beart atá le déanamh ag an lucht foirne scoile ar fad (foireann teagaisc agus foireann neamhtheagaisc)** ........ 33
**5.2 An beart atá le déanamh áit a bhfuil ábhar imní ag múinteoir cláraithe** ........ 33
**5.3 An beart atá le déanamh ag an DIA** ........ 35
**5.4 Tuairisc a dhéanamh chuig Tusla** ........ 37
**5.5 An Bord Bainistíochta /an Fostóir a chur ar an eolas** ........ 39
**5.6 Ábhar imní ardaithe ag tuismitheoir faoi bhall den lucht foirne scoile** ........ 40
**5.7 Leanaí a aistríonn ó scoil amháin go scoil eile** ........ 40

Caibidil 6: **Ról Tusla agus an Gharda Síochána** .................... 41
6.1 **Aidhm** .................... 41
6.2 **Tusla** .................... 41
6.3 **An rud a tharlaíonn tar éis imní a bheith tuairiscithe chuig Tusla** .................... 42
6.4 **Fáil na himní ag Tusla** .................... 42
6.5 **Seiceálacha tosaigh ag Tusla** .................... 42
6.6 **Measúnú oibre sóisialta i leith imní** .................... 43
6.7 **Freagairt Tusla ar imní** .................... 44
6.8 **Ábhair imní a dteastaíonn seirbhísí tacaíochta teaghlaigh mar fhreagairt orthu** .................... 44
6.9 **Ábhair imní a bhfuil gá le hidirghabháil cosanta leanaí ag gabháil leo** .................... 44
6.10 **Córas Fógartha um Chosaint Leanaí** .................... 45
6.11 **Plean um Chosaint Leanaí** .................... 45
6.12 **Comhdháil um Chosaint Leanaí: freastal ag ball den lucht foirne scoile** .................... 46
6.13 **Eolas a roinnt le tríú páirtí** .................... 46
6.14 **Cearta na dTuismitheoirí** .................... 47
6.15 **Cearta leanaí** .................... 48
6.16 **Comhairle agus aiseolas ó Tusla** .................... 48
6.17 **Nós imeachta Tusla do Ghearáin** .................... 49
6.18 **An Garda Síochána: ról agus freagrachtaí** .................... 49
6.19 **Comhshaothrú idir Tusla agus an Garda Síochána** .................... 49
6.20 **Comh-shainagallaimh** .................... 50
Caibidil 7: **Líomhaintí nó Amhrais faoi Dhrochúsáid Leanaí a bhaineann leis an Lucht Foirne Scoile** .................... 51
7.1 **Réamhrá** .................... 51
7.2 **Prótacal lena n-údaraítear beart láithreach** .................... 52
7.3 **Nós Imeachta Tuairiscithe** .................... 53
7.4 **An beart atá le glacadh ag an bhfostóir** .................... 55
7.5 **Na bearta eile a theastaíonn ina dhiaidh sin** .................... 56
7.6 **Roinnt an eolais ag Tusla** .................... 58
Caibidil 8: **Riachtanais Cumhdaigh Leanaí** .................... 60
8.1 **Réamhrá** .................... 60
8.2 **Oibleagáidí Reachtúla** .................... 60
8.3 **A chinntiú go mbíonn leanaí sábháil ón díobháil** .................... 60
8.4 **Soláthar curaclaim agus cosc na drochúsáide leanaí** .................... 61
8.5 **An Clár Bí Sábháilte** .................... 61
8.6 **Nósanna imeachta earcaíochta agus na riachtanais i dtaca le grinnfhiosrúchán an Gharda** .................... 62
8.7 **Oiliúint** .................... 62
8.8 **Measúnacht Riosca** .................... 63
8.9 **Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí** .................... 65
8.10 **Na hAmlínte faoina gcaithfear Measúnacht Riosca a chomhlánú agus Ráiteas**

**maidir le Cumhdach Leanaí a chur le chéile** ........................................................................67
**8.11 Foilsiú, Taispeáint agus Roinnt Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí** ........ 67
**8.12 Maoirseacht ag an mBord Bainistíochta** .................................................................... 67
**8.13 An Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a Athbhreithniú** ............................................ 68
**8.14 Neamhchomhlíonadh agus an clár Neamhchomhlíonta** .............................................. 69
Caibidil 9: **Maoirseacht** .................................................................................................70
**9.1 Réamhrá** ........................................................................................................... 70
**9.2 Maoirseacht agus comhlíonadh ag lucht ceannaireachta scoileanna** ........................ 71
**9.3 Maoirseacht ag an mBord Bainistíochta** ..................................................................... 71
**9.4 Tuairisc Maoirseacht Cosaint Leanaí an Phríomhoide don bhord bainistíochta** ....... 72
**9.5 Líomhaintí mí-úsáide in aghaidh baill den lucht foirne scoile** .................................... 72
**9.6 Ábhar imní eile faoi chosaint leanaí a bhaineann le daltaí sa scoil (.i. nach mbaineann le haon líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball de phearsanra scoile)** ................75
**9.7 Údair imní cosaint leanaí de bharr iompraíocht bhulaíochta líomhnaithe i measc daltaí** 77
**9.8 Sonraí achoimre maidir le tuairisciú** ............................................................................ 77
**9.9 Maoirseacht Riachtanais Ráiteas Cosaint Leanaí ag Bord Bainistíochta** ................... 78
**9.10 Ról an phátrúin** ......................................................................................................... 79
**9.11 Riachtanais coinneáil taifead** ...................................................................................... 79
**9.12 Ról mhaoirseachta na Roinne Oideachais** .................................................................. 80
**9.13 Maoirseacht ag Cigireacht na Roinne** ......................................................................... 81
**9.14 Maoirseacht ag Bord Bainistíochta na Roinne** ........................................................... 85
**9.15 Ról Tusla sa mhaoirseacht** ......................................................................................... 86
**9.16 An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige** .......... 86
**9.17 Grúpa Forfheidhmithe Idir-rannach Tús Áite do Leanaí** ............................................ 86
**Aguisín 1: Sceideal na nDaoine faoi Shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015**....88
**Aguisín 2: Cionta Gnéasacha mar a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 [arna leasú in alt 55 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017]** ......................90
**Aguisín 3: Prótacal a údaraíonn beart láithreach** ......................................................................91
**Aguisín 4: Achoimre ar riachtanais coinneáil taifead** ..............................................................92
**Aguisín 5: Achoimre ar na hathruithe ar na nósanna imeachta atá san áireamh in athbhreithniú 2023**.........................................................................................................................94

## Réamhrá an Aire



Forbraíodh na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* tar éis comhairliúchán leathan le comhpháirtithe oideachais chun na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus Tús Áite do Leanaí: An Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí a chur san áireamh. Thug ár scoileanna an-aird ar na hoibleagáidí agus freagrachtaí a thagann chun cinn ó na nósanna imeachta óna gcur i bhfeidhm agus tá cultúr an-láidir ann de chosaint leanaí ar fud earnáil na scoileanna.

Tar éis fhoilsiú na nósanna imeachta in 2017, chuir scoileanna na nósanna imeachta i bhfeidhm ina n-iomláine, lenar áiríodh ráiteas um chumhdach leanaí a fhorbairt (lena n-áirítear measúnacht riosca), duine idirchaidrimh ainmnithe agus leas-duine idirchaidrimh ainmnithe a cheapadh, ag cinntiú go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí agus pearsana uile na scoile ar an eolas maidir le nósanna imeachta cosanta agus cumhdaigh leanaí na scoile, ag cinntiú go bhfuil nósanna imeachta tuairiscithe ar aon dul le Tús Áite do Leanaí i bhfeidhm agus ag cinntiú go gcuirtear oiliúint ar phearsanra na scoile maidir le himní faoi chosaint leanaí a líomhnaítear a aithint agus a thuairisciú.

Tharla forbairtí tábhachtacha ó fhoilsiú na nósanna imeachta in 2017 lena n-áirítear na hAchtanna um Chosaint Sonraí lena dtugtar éifeacht don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus tosú Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta 2023 (Faisnéis atá le Soláthar ag Fostóir i gCás Múinteoir Cláraithe a Bhristear nó a Éiríonn as Post). Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Roinn *Nósanna Imeachta Cosanta agus Cumhdaigh Leanaí do Shaoráidí Cónaithe a bhfuil baint acu le Scoileanna Aitheanta 2023* mar aon le samhail chigireachta ghaolmhar. Tá athbhreithniú ar nósanna imeachta 2017 curtha i gcrích anois ag an roinn agus d'fhoilsigh sí nósanna imeachta 2023 seo chun na forbairtí réamhluaite maidir le reachtaíocht agus beartas a chur san áireamh.

Tá sé bunriachtanach go mbíonn leas agus cosaint leanaí fíorthábhachtach fós do gach scoil. Foilsíodh na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (arna n-athbhreithniú 2023)* seo tar éis comhairliúchán leathan le comhpháirtithe oideachais agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabhail leis na comhpháirtithe oideachais agus leo siúd uile a raibh baint acu le forbairt na n-athbhreithnithe ar na nósanna imeachta.

Norma Foley TD
An tAire Oideachais

## Gluais na dTéarmaí

| | |
|---|---|
| **Aois na Comhthola:** | Is é 17 bliana aois na comhthola. Is cion coiriúil é páirt a ghlacadh nó iarracht a dhéanamh le páirt a ghlacadh i ngníomh gnéasach le leanbh atá faoi bhun 17 mbliana d'aois. |
| **Gníomhaireacht:** | San Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 is ionann “Agency” agus an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla). |
| **Bord Bainistíochta:** | Sa doiciméad seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt gur ionann bord bainistíochta agus bord bainistíochta a bunaíodh faoi alt 14 den Acht Oideachais, 1998 agus tagraíonn sé freisin d'aon duine nó daoine eile a cheapann an pátrún chun an scoil a bhainistiú thar ceann an phátrúin. |
| **Leanbh:** | Chun críche na nósanna imeachta seo, is ionann 'leanbh' agus aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois seachas duine atá pósta nó a bhí pósta. |
| **Mí-úsáid Leanaí:** | I gcás ina n-úsáidtear na focail "mí-úsáid leanaí" sna nósanna imeachta seo ba cheart go nglacfaí leo na ceithre chatagóir go léir (faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid chorpartha agus drochúsáid ghnéasach) mar atá leagtha amach i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo agus i gCaibidil 2 de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017. |
| **Ráiteas um Chumhdach Leanaí:** | Is ionann Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus ráiteas a ullmhaíodh de réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. |
| **Roinn:** | Sna nósanna imeachta seo is ionann Roinn agus an Roinn Oideachais seachas sa chás go n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt. |
| **Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA):** | An duine atá ainmnithe ag an mbord bainistíochta, mar an duine idirchaidrimh ainmnithe (DIA) don scoil agus í dteagmháil le Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, leis an nGarda Síochána agus le páirtithe eile i dtaca le líomhaintí de mhí-úsáid leanaí agus/nó imní faoi mhí-úsáid leanaí. Tá ról an DIA leagtha amach in alt 3.5 de na nósanna imeachta seo. |
| **Fostaí:** | Tá an focal "fostaí" comhchiallach leis an bhfrása "lucht foirne scoile" mar atá leagtha amach sa ghluais seo. Úsáidtear "Fostaí" i gCaibidil 7 de na nósanna imeachta seo go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar an gcaidreamh idir an fostóir agus an fostaí. |
| **Fostóir:** | Is ionann fostóir agus an t-údarás nó an gníomhaire scoile cuí. I gcás na mbunscoileanna (seachas bunscoileanna faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna), na meánscoileanna deonacha agus na scoileanna pobail agus cuimsitheacha, is é an bord bainistíochta an fostóir. I gcás na scoileanna a oibríonn faoin mBord Oideachais agus Oiliúna, is é an ETB féin an fostóir. Dá bhrí sin, sna nósanna imeachta seo, is ionann an frása "an fostóir" agus an bord bainistíochta nó an ETB de réir mar is cuí. |
| **Díobháil** | Is ionann díobháil maidir le leanbh agus an brí a shanntar dó faoi alt 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. |

**Duine Saoinordaithe:** Is ionann duine sainordaithe agus duine atá sonraithe i sceideal 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus cuimsíonn sé gach múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

**Tuismitheoir/ Cúramóir:** Is ionann an frása "tuismitheoir/cúramóir" agus tuismitheoirí nó cúramóir an linbh de réir mar is cuí. Cuimsíonn sé an sainmhíniú ar "thuismitheoir" san Acht Oideachais, 1998 chun cur san áireamh tuismitheoir altrama, caomhnóir a ceapadh faoi reachtaíocht ábhartha caomhnóireachta leanaí, nó duine eile atá ag gníomhú in loco parentis a bhfuil leanbh aige nó aici faoina c(h)úram atá faoi réir cumhachta reachtúla nó ordaithe cúirte agus, sa chás de leanbh a uchtaíodh faoi reachtaíocht uchtála iomchuí, nó sa chás de leanbh a uchtaíodh lasmuigh den Stát, is ionann "tuismitheoir/cúramóir" agus an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir marthanach.

**Soláthraí:** Tá an bhrí ag soláthraí a shanntar dó faoi alt 8 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Tá gach scoil aitheanta laistigh den sainmhíniú ar "soláthraí".

**Duine Ábhartha:** Tá an bhrí ag duine ábhartha a shanntar dó faoi alt 8 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus is duine é atá ceaptha ag soláthraí seirbhíse iomchuí le bheith ina chéad phointe teagmhála maidir le ráiteas um chumhdach leanaí an tsoláthraí. I suíomh scoile, is é an duine iomchuí an DIA.

**Seirbhís Ábhartha:** Is ionann seirbhís ábhartha agus aon obair nó gníomhaíochtaí atá sonraithe i sceideal 1 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

**Measúnú Riosca** Is ionann measúnú riosca mar a úsáidtear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus measúnú ar aon fhéidearthacht go ndéanfaí díobháil do leanbh agus seirbhís an tsoláthraí á húsáid aige/aici.

**Scoile:** Is ionann scoil agus bunscoil nó iar-bhunscoil aitheanta agus áirítear léi ionaid oideachais mar atá sainmhínithe san Acht Oideachais, 1998 agus a bhfhreastalaíonn leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois orthu.

**Údarás Scoile:** Is ionann údarás scoile agus údarás bainistíochta ábhartha don scoil nó don ionad oideachais lena mbaineann, mar shampla, an ETB ábhartha sa chás de scoileanna ETB agus bord bainistíochta nó a choibhéis sa chás de gach scoil/ionad oideachais eile.

**Lucht Foirne Scoile:** Is téarma cineálach é an frása "lucht foirne scoile" mar a úsáidtear sna nósanna imeachta seo chun gach duine fásta atá páirteach in oibriú na scoile a chuimsiú. Cuimsíonn sé fostaithe agus oibrithe deonacha, agus áirítear baill
den chomhlachas tuismitheoirí nuair a bhíonn siad ag obair sa scoil.

**Nótaí faoi chosaint agus faoi chumhdach leanaí:**

Is ionann cosaint leanaí agus an ghníomhaíocht a thugann cosaint do leanaí atá ag fulaingt nó ar dóigh dóibh a bheith ag fulaingt nó atá i mbaol díobhála mar thoradh ar mhí-úsáid, lena n-áirítear faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid fhisiciúil agus mí-úsáid ghnéasach

Tá Cosaint Leanaí níos leithne ná cumhdach leanaí agus baineann sé leis an leanbh a chosaint ar dhíobháil, a leas a chur chun cinn agus timpeallacht a chruthú a chuireann ar chumas leanaí agus daoine óga a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

# Caibidil 1: Réamhrá agus Creat Dlíthiúil

## 1.1 Réamhrá

**1.1.1** Forbraíodh na nósanna imeachta sa doiciméad seo tar éis comhairliúchán idir an Roinn Oideachais, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar bhainistíocht scoile, tuismitheoirí agus múinteoirí, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, anois an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (dá ngairfear Tusla anseo feasta). Cuirtear san áireamh leis na nósanna imeachta an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí nuashonraithe, a foilsíodh in 2017 (dá ngairfear Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 anseo feasta) agus an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019).

**1.1.2** Leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, cuirtear oibleagáidí reachtúla ar leith ar dhaoine gairmiúla áirithe, lena n-áirítear gach múinteoir cláraithe, ar a ndéantar tagairt dóibh mar dhaoine sainordaithe san Acht. Cuireadh oibleagáidí reachtúla ar leith freisin ar eagraíochtaí áirithe a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí, lena n-áirítear gach scoil. Is ionann oibleagáid reachtúil agus oibleagáid forchurtha ag reachtaíocht.

**1.1.3** Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann le daoine sainordaithe amhail múinteoirí cláraithe agus na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann le heagraíochtaí amhail scoileanna faoin Acht. Leagtar amach freisin na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla) atá i bhfeidhm do gach duine aonair (múinteoirí san áireamh) agus do gach earnáil sa tsochaí. Oibríonn na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, taobh le taobh leis na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla).

**1.1.4** Is é cuspóir na nósanna imeachta athbhreithnithe seo treoir a thabhairt d'údaráis scoile agus don lucht foirne scoile maidir lena ndualgais reachtúla a chomhlíonadh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus le feidhmiú leanúnach den treoir dhea- chleachtais (neamhreachtúil ) atá leagtha amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017.

**1.1.5** Tá sé tábhachtach a thabhairt d’aire go bhfuil na hoibleagáidí dea-chleachtais reatha (neamhreachtúla) faoi Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 i bhfeidhm mar a bhí roimhe i ndáil le haon imní réasúnach a thuairisciú do Tusla go ndearnadh mí-úsáid ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh.

**1.1.6** Dá bhrí sin, leanann na nósanna imeachta nuashonraithe seo do scoileanna le ceanglas na nósanna imeachta roimhe seo go gcuirfidh lucht foirne scoile, lena n-áirítear múinteoirí cláraithe, an DIA sa scoil ar an eolas faoi aon imní go ndearnadh mí-úsáid ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh.

**1.1.7** Ina theannta sin, faoi alt 14 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tá oibleagáid reachtúil anois ar gach múinteoir cláraithe, mar dhuine sainordaithe, chun a t(h)uarascáil féin a thabhairt do Tusla sa chás go bhfuil imní cosanta leanaí ag an tairseach dhíobhála nó os a cionn, mar atá sainmhínithe san Acht. Sna nósanna imeachta seo, tagraítear do thuarascálacha den chineál sin mar thuarascálacha sainordaithe.

**1.1.8** Áirítear i gCaibidil 4 de na nósanna imeachta seo tuilleadh faisnéise do mhúinteoirí ar an tairseach dhíobhála is gá tuairisc sainordaithe a dhéanamh ina leith. Leagtar amach i gCaibidil 5 amach na nósanna imeachta ábhartha tuairiscithe a bheidh le leanúint ag múinteoirí maidir le tuarascálacha den chineál sin, lena n-áirítear an ceanglas chun dul i dteagmháil leis an DIA agus chun tuairisc sainordaithe a chur faoi bhráid Tusla i gcomhpháirt leis an DIA.

**1.1.9** Cuirtear in alt 10 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, oibleagáid reachtúil ar scoileanna lena áirithiú, a mhéid is indéanta, go bhfuil gach leanbh atá ag freastal ar an scoil sábháilte ó dhíobháil agus é/í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Éilítear ar scoileanna freisin faoi alt 11 den Acht Ráiteas Cosanta Leanaí a ullmhú agus a fhoilsiú. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na hoibleagáidí reachtúla ar scoileanna leagtha amach i gcaibidil 8 de na nósanna imeachta seo.

**1.1.10** Ar leithligh ón Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, leantar le dualgas cúraim ginearálta a bheith ag gach scoil dá gcuid daltaí. Tá scoileanna suite go maith freisin chun saincheisteanna leasa leanaí níos leithne a aithint. Má thugtar aghaidh orthu siúd go luath, d’fhéadfadh ról lárnach a bheith acu i ndáil le leas agus cosaint iomlán leanaí agus le mí-úsáid agus faillí leanaí a chosc.

**1.1.11** Tá sé mar aidhm ag na nósanna imeachta seo faisnéis riachtanach a chur ar fáil d'údaráis scoile agus don lucht foirne scoile chun cabhrú leo a bheith faisnéiseach agus a bheith ar an eolas faoin méid atá le déanamh i gcásanna ina bhfuil imní, amhras nó líomhain ann go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh. I ngach cás, is í cosaint leanaí an rud is tábhachtaí. Maidir leis seo, léirítear go soiléir sna nósanna imeachta seo gur gá sábháilteacht, folláine agus cosaint leanaí a bheith ina dtosaíochtaí.

**1.1.12** Éilítear leis na nósanna imeachta seo in aon chás ina bhfaigheann ball den lucht foirne scoile, lena n-áirítear múinteoir cláraithe, líomhain nó má tá amhras ann go ndearnadh mí-úsáid ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh, go ndéanfaidh sé nó sí an t-ábhar a thuairisciú don DIA gan mhoill de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i gcaibidil 5. Tá an DIA freagrach as a áirithiú go ndéantar cúiseanna réasúnacha imní a thuairisciú do Tusla. Ní gá don DIA a chruthú gur tharla mí-úsáid chun imní a thuairisciú. Is éard atá riachtanach go

bhfuil forais réasúnacha imní ann.

**1.1.13** I gcás ina bhfaigheann múinteoir cláraithe líomhain nó má tá amhras ann go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh, chomh maith leis an ábhar a thuairisciú don DIA sa scoil, ní mór dó/di a chinneadh freisin an bhfuil sé riachtanach dó/do (an múinteoir cláraithe) tuairisc sainordaithe a dhéanamh do Tusla maidir leis an imní sin. Maidir leis sin, ceanglaítear leis na nósanna imeachta seo go dtéann an múinteoir cláraithe i dteagmháil leis an DIA agus go leanann sé/sí na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCaibidil 5.

**1.1.14** Ní mór do na boird bhainistíochta go léir glacadh go foirmiúil leis na nósanna imeachta athbhreithnithe seo agus iad a chur chun feidhme mar chuid de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile. Ní mór d'údaráis scoile agus don lucht foirne scoile cloí leis na nósanna imeachta athbhreithnithe seo maidir le haghaidh a thabhairt ar líomhaintí nó ar amhras de mhí-úsáid leanaí. Baineann na nósanna imeachta seo le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon agus cuirtear iad in ionad na nósanna imeachta roimhe seo a eisíodh in 2011.

## 1.2 Struchtúr na Nósanna Imeachta seo

**1.2.1** Cuirtear ar fáil i g**Caibidlí 1, 2 agus 3** treoir ar an gcreat dlíthiúil maidir le cosaint leanaí, na ceithre phríomhchineál mí-úsáide agus conas is féidir mí-úsaid agus faillí a aithint agus na freagrachtaí a bhaineann leis an lucht foirne scoile go léir, lena n-áirítear an DIA.

**1.2.2** Leagtar amach i g**Caibidil 4** na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann le gach múinteoir cláraithe mar dhaoine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

**1.2.3** Leagtar amach i g**Caibidil 5** na nósanna imeachta tuairiscithe atá le leanúint ag an lucht foirne scoile.

**1.2.4** Leagtar amach i g**Caibidil 6** an ról atá ag Tusla agus an Garda Síochána.

**1.2.5** Cuirtear ar fáil i g**Caibidil 7** treoir do scoileanna maidir le cásanna ina ndéantar líomhain faoi mhí-úsáid i gcoinne fostaí na scoile.

**1.2.6** Tá faisnéis i g**Caibidil 8** do scoileanna ar chosaint leanaí agus leagtar amach na hoibleagáidí reachtúla atá orthu faoin Acht um Thús Aite do Leanaí, 2015.

**1.2.7** Tá faisnéis i g**Caibidil 9** ar na riachtanais mhaoirseachta ag an leibhéal scoile agus leagtar amach an comhthéacs maoirseachta níos leithne ina n-oibríonn scoileanna.

## 1.3 Creat Dlíthiúil

### 1.3.1 An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Cuirtear leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, gnéithe áirithe de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 ar bhonn reachtúil. Soláthraíonn sé do roinnt príomhbheart cosanta leanaí a bhaineann le scoileanna agus le múinteoirí cláraithe, lena n-áirítear:

- Oibleagáid reachtúil ar scoileanna leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil agus Ráiteas um Chumhdach Leanaí a ullmhú agus a chur ar taispeáint;
- Oibleagáid reachtúil ar mhúinteoirí cláraithe imní faoi chosaint leanaí ag tairseach shainmhínithe nó os a cionn a thuairisciú do Tusla;
- Oibleagáid reachtúil ar dhaoine sainordaithe chun cabhrú le Tusla sa mheasúnú de riosca cosanta linbh, nuair a iarrann Tusla déanamh amhlaidh de réir an Achta.

Oibríonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 taobh le taobh le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017. Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 na hoibleagáidí reachtúla thuasluaite den Acht agus freisin na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla) atá fós i bhfeidhm i ndáil leis an lucht foirne scoile go léir agus le gach scoil.

De réir alt 17 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, is cion é má thugann duine faisnéis do thríú páirtí a roinneadh le Tusla le linn measúnachta a eascraíonn ó thuarascáil shainordaithe, ach amháin de réir an dlí, nó sa chás gur thug Tusla cead scríofa don duine sin déanamh amhlaidh. Is cion é an loiceadh cloí leis an alt seo den Acht a d’fhéadfadh a bheith faoi dhliteanas fíneála nó príosúnachta suas le sé mhí, nó an dá cheann.

### 1.3.2 An tAcht um Chúram Leanaí 1991

Is é seo an príomhphíosa reachtaíochta a rialaíonn beartas cúraim leanaí in Éirinn. Faoin Acht seo, tá freagracht reachtúil ar Tusla chun leas leanaí nach bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach acu a chur chun cinn. Má aimsítear nach bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach ag leanbh, tá dualgas ar Tusla gníomh cuí a dhéanamh chun leas an linbh a chur chun cinn. D'fhéadfadh tacaíocht do theaghlaigh a dteastaíonn cúnamh orthu chun cúram agus cosaint a sholáthar dá leanaí a bheith san áireamh. Leagtar amach san Acht um Chúram Leanaí freisin an creat reachtúil chun leanaí a chur faoi chúram, más gá.

### 1.3.3 An tAcht um Chosaint Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Leanaí 1998

Cosnaítear leis an Acht seo duine a thuairiscíonn mí-úsáid leanaí amhrasta d'oifigigh ainmnithe Tusla nó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó do bhaill den Gharda Síochána a fhad is a dhéantar an tuairisc de mheon macánta agus nach bhfuil sé mailíseach. I measc na n-oifigeach ainmnithe freisin tá daoine údaraithe ag Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Tusla chun tuarascálacha a fháil agus a aithint maidir le hábhair imní shainordaithe faoi leanbh ó dhaoine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Ciallaíonn an chosaint dlí seo, fiú amháin má thuairiscíonn duine cás faoi mhí-úsáid leanaí

amhrasta agus má bhí sé gan bhunús sa deireadh, go mbeadh ar ghearánaí a ghlac gníomhú a chruthú nach raibh an duine ag gníomhú go réasúnta agus de mheon macánta agus an tuairisc á déanamh. Féadfaidh duine a dhéanann tuairisc de mheon macánta agus ar mhaithe le leas an linbh a bheith faoi chosaint an dlí choitinn tríd an gcosaint de phribhléid cháilithe.

Leis an Acht seo cruthaíodh cion faoi thuairisciú bréagach ar mhí-úsáid leanaí nuair a dhéanann duine tuairisc ar mhí-úsáid leanaí d'oifigeach ainmnithe Tusla nó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó de bhall den Gharda Síochána "knowing that statement to be false". Is cion coiriúil é seo atá deartha chun daoine neamhchiontacha a chosaint ó thuarascálacha mailíseacha.

Tá liosta iomlán na ndaoine in Tusla agus san FSS atá ina n-oifigigh ainmnithe faoin Acht 1998 le fáil ar láithreáin ghréasáin gach gníomhaireachta (www.tusla.ie agus www.hse.ie)

### 1.3.4 An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006 – Cur i gContúirt Meargánta

Le hAlt 176 den Acht, cruthaíodh cion faoi bhagairt meargánta ar leanaí. Féadfaidh duine an cion seo a dhéanamh, a bhfuil údarás nó rialú aige ar leanbh nó ar mhí-úsáideoir, a chuireann an leanbh i mbaol d'aon turas nó go meargánta trí:

a) bheith mar chúis nó trí chead a thabhairt le leanbh a bheith curtha nó fágtha i gcúinsí a chruthaíonn riosca suntasach go mbeadh an leanbh ina íospartach díobhála tromchúiseach nó drochúsáid ghnéasach nó
b) loiceadh gníomhartha réasúnta a ghlacadh chun leanbh a chosaint ó riosca agus an duine sin ar an eolas go bhfuil an leanbh sna cúinsí sin.

### 1.3.5 An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017

Leis an Acht seo tugtar aghaidh ar shaothrú gnéasach leanaí agus díríonn sé orthu siúd a théann i mbun na gníomhaíochta coiriúla seo. Cruthaíonn sé cionta a bhaineann le leanaí a fháil nó a sholáthar chun críocha teacht i dtír gnéasach. Cruthaíonn sé freisin cionta de na cineálacha gníomhaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann le linn luathchéimeanna an phróisis chreiche roimh theacht i dtír gnéasach iarbhír ar leanbh, mar shampla, trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht nua-aimseartha chun creachadh ar leanaí agus socruithe a dhéanamh chun bualadh le leanbh agus an rún ann teacht i dtír gnéasach ar an leanbh. Aithnítear san Acht freisin go bhfuil caidrimh phiara chomhthoiliúla faoi aois ann, agus tagann aon ghníomhaíocht ghnéasach laistigh de theorainneacha aoise sainmhínithe go docht agus nach bhfuil imeaglú nó saothrú ag baint leis an gcaidreamh.

### 1.3.6 An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis um Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choinneáil Siar) 2012

Faoin Acht seo is cion coiriúil faisnéis a choinneáil siar faoi chion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, i gcoinne duine faoi bhun 18 mbliana d'aois nó i gcoinne duine soghonta. Éiríonn an cion i gcás ina bhfuil an duine ar an eolas nó ina gcreideann an duine go ndearnadh cion sonraithe i gcoinne linbh nó i gcoinne duine soghonta agus go bhfuil faisnéis aige nó aici a chabhródh le duine eile a ghabháil, a ionchúiseamh nó a chiontú ar an gcion sin, ach go loiceann an duine, gan leithscéal réasúnach, an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta é sin a dhéanamh le comhalta den Gharda Síochána.

Tá na hoibleagáidí tuairiscithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis um Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choinneáil Siar), 2012 **sa bhreis** ar na

hoibleagáidí tuairiscithe faoi Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Dá réir sin, tá sé an-tábhachtach a thabhairt d'aire –

- cé gur dheileáil ball den lucht foirne scoile le hábhar imní faoi chosaint nó leas leanaí de réir na nósanna imeachta seo agus/nó gur thuairiscigh siad an scéal faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ní bhaintear an oibleagáid reachtúil atá aige nó aici faisnéis a nochtadh don Gharda Síochána faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis um Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choinneáil Siar), 2012, i gcás go bhfuil faisnéis ag an duine sin a thagann faoi raon feidhme an Achta sin **nó**
- cé gur nocht ball den lucht foirne scoile faisnéis don Gharda Síochána, ní bhaintear an oibleagáid atá ar an duine sin a (h)ábhar imní a thuairisciú do Tusla de réir riachtanas na nósanna imeachta seo agus/nó de réir riachtanas an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Tá na cionta sonraithe in aghaidh leanaí liostaithe i sceideal 1 den Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis um Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choinneáil Siar) 2012. Tá na cionta sonraithe i gcoinne daoine soghonta liostaithe i sceideal 2 den Acht sin.

### 1.3.7 Na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012-2016

Leagann na hAchtanna um an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 (an tAcht Grinnfhiosrúcháin) oibleagáidí reachtúla ar údaráis scoile (seachas sin i gcúinsí teoranta áirithe mar a leagtar amach san Acht sin) chun nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin sula ndéantar duine a fhostú, a chur ar conradh nó a chur i mbun oibre nó gníomhaíochtaí ábhartha le leanaí nó le daoine soghonta nó sula dtugtar cead do dhuine dul i mbun oibre nó gníomhaíochtaí den chineál sin ar son na scoile. Foráiltear san Acht Grinnfhiosrúcháin freisin do ghrinnfhiosrú reachtúil cúlghabhálacha agus grinnfhiosrú tréimhsiúil ar fhostaithe, oibrithe deonacha agus daoine eile a dhéanann obair nó gníomhaíochtaí ábhartha le leanaí nó le daoine soghonta. Is cion coiriúil é d'údarás scoile gan a chuid oibleagáidí reachtúla grinnfhiosraithe faoin Acht a chomhlíonadh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt d'aire nach gcinneann Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Ghrinnfhiosrúchán ar oiriúnacht aon duine chun a bheith ag obair le leanaí nó le daoine soghonta. Bíonn cinntí maidir le hoiriúnacht don obair sin i gcónaí leis na húdaráis scoile ábhartha, agus níor chóir go mbeadh torthaí grinnfhiosraithe ach ina gcomhpháirt amháin den chinneadh earcaíochta. Tá tuilleadh faisnéise i gCaibidil 8 de na nósanna imeachta seo maidir leis na ceanglais le haghaidh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus an gá atá le nósanna imeachta earcaíochta cuimsitheacha ó thaobh cosaint leanaí de.

### 1.3.8 Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997, 2003 & 2014

D'fhéadfadh aon tuarascálacha a chuirtear faoi bhráid Tusla a bheith faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, a chuireann ar chumas an phobail rochtain a fháil ar fhaisnéis phearsanta a bhaineann leo atá i seilbh comhlachtaí poiblí. Mar sin féin, foráiltear freisin sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise go bhféadfaidh comhlachtaí poiblí rochtain ar fhaisnéis a fuair siad faoi rún a dhiúltú.

Áirítear iad seo a leanas leis na díolúintí agus eisiaimh a bhaineann le cosaint leanaí:

(a) taifid a chosaint atá cumhdaithe ag pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil;
(b) taifid a chosaint a éascódh coimisiúnú coireachta;
(c) taifid a chosaint a nochtfadh foinse rúnda faisnéise.

Faoi láthair, tá bord bainistíochta a bunaíodh faoi alt 14 den Acht Oideachais, 1998 seachas bord bainistíochta scoile bunaithe nó coinnithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna, díolmhaithe ó na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Mar sin féin, ba chóir do bhoird bhainistíochta a thabhairt dá n-aire go bhféadfadh taifid a chuireann scoil ar aghaidh chuig comhlacht poiblí a bheith faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

### 1.3.9 Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 go 2018 agus Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

Tá RGCS agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí deartha chun cearta daoine aonair a chosaint maidir le sonraí pearsanta. Sainmhínítear sonraí pearsanta faoin RGCS mar aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta nó le duine nádúrtha ar féidir é/í a shainaithint, go díreach nó go hindíreach.

Leis na hAchtanna, tugtar ceart do gach duine, beag beann ar náisiúntacht nó cónaí, a dheimhniú go bhfuil sonraí pearsanta ann, rochtain a fháil ar aon sonraí den sórt sin a bhaineann leis nó léi agus sonraí míchruinne a bheith ceartaithe nó scriosta. Éilítear leis ar rialtóirí sonraí a chinntiú go mbailítear na sonraí a choinníonn siad go cothrom, go bhfuil siad cruinn agus cothrom le dáta, go gcoinnítear iad chun críocha dleathacha, agus nach n-úsáidtear nó nach nochtar iad ar bhealach ar bith nach bhfuil ag luí leis na cuspóirí sin. Éilítear leis freisin go ndéanann rialtóirí sonraí agus próiseálaithe sonraí na sonraí a choimeádann siad a chosaint, agus cuirtear dualgas speisialta cúraim orthu i ndáil leis na daoine faoina gcoinníonn siad sonraí den sórt sin.

In Éirinn, is iad na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 an reachtaíocht reatha um Chosaint Sonraí, a thugann éifeacht don Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí.

### 1.3.10 Pribhléid Cháilithe

Cé nach mbaineann an chosaint dhlíthiúil atá leagtha amach san Acht um Chosaint Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Leanaí, 1998 ach amháin le tuarascálacha a dhéantar d’oifigigh ainmnithe Tusla nó FSS agus d’aon bhall den Gharda Síochána, níor athraigh an reachtaíocht seo na cúinsí maidir le pribhléid cháilithe an dlí choitinn. Dá bhrí sin, i gcás ina dtugann ball de bhord bainistíochta nó de bhall den lucht foirne scoile faisnéis maidir le amhras ar mhí-úsáid nó faillí leanaí do DIA na scoile, nó d'údarás na scoile, mheasfaí go mbeadh pribhléid cháilithe ag an gcumarsáid sin faoi dhlí coiteann.

Éiríonn pribhléid cháilithe i gcás ina bhfuil dualgas ar an duine a dhéanann an chumarsáid déanamh amhlaidh, nó ina bhfuil ceart nó leis ag an duine an leanbh a chosaint agus ina ndéantar an chumarsáid le duine a bhfuil dualgas, ceart nó leas den chineál céanna air/uirthi. Bheifí ag súil go mbeadh an duine a dhéanann an tuairisc, ag gníomhú dó/di in loco parentis, ag feidhmiú ar mhaithe le leas an linbh agus tríd an tuairisc a dhéanamh mheasfaí go raibh siad ag gníomhú mar sin. Ní féidir pribhléid a dhíchur ach amháin nuair is

féidir a dheimhniú gur ghníomhaigh an duine a dhéanann an tuairisc go mailíseach.

Ina theannta sin, maidir leo siúd a thuairiscíonn nochtadh linbh nó imní faoi iompar nó leas an linbh, ní mheastar go ndéanann siad líomhain mar chúiseamh, ach go bhfuil siad ag comhlíonadh a ndualgais de mheon macánta. Níl siad ag déanamh cúisimh nó ag tabhairt cúisimh.

### 1.3.11 Rúndacht

Níor cheart an fhaisnéis go léir maidir le hábhair imní faoi mhí-úsáid nó faillí féideartha leanaí a roinnt ach ar "bhonn riachtanais" ar mhaithe le leas an linbh. Is é an tástáil cibé acu an bhfuil aon rannpháirtíocht nó ról dlisteanach ag an duine le déileáil leis an gceist. Níor chóir an dearbhú rúndachta a thabhairt do thríú páirtí a thugann faisnéis.

Mar sin féin, ní sárú rúndachta é faisnéis a thabhairt dóibh siúd a dteastaíonn uathu an fhaisnéis sin a bheith acu, ar mhaithe le cosaint linbh a ndearnadh mí-úsáid air/uirthi, b'fhéidir, go bhfuil mí-úsáid á déanamh air/uirthi, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí air/uirthi.

Mar chuid dá ról maoirseachta agus dearbhaithe cáilíochta maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte seo, d'fhéadfadh cigirí na Roinne rochtain ar chomhaid aonair a éileamh. Éilítear ar scoil comhoibriú go hiomlán leis an gCigireacht agus an rochtain sin a chur ar fáil.

Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gur dea-chleachtas atá ann an tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go bhfuil tuairisc á déanamh agus na cúiseanna leis an gcinneadh an tuairisc a dhéanamh. Mar sin féin, foráiltear in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 nach gá tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go bhfuil tuairisc á déanamh –

más rud é tríd é sin a dhéanamh go mbeidh an leanbh i mbaol breise **nó**

(a) i gcásanna ina mbeadh eolas an teaghlaigh ar an tuairisc ina bhac le cumas Tusla measúnú riosca a dhéanamh **nó**

(b) má tá an tuairisceoir den bharúil réasúnta go mbeadh an tuairisceoir i mbaol díobhála ón teaghlach tríd é sin a dhéanamh.

Sa chás go bhfuil aon amhras ann maidir le tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go bhfuil tuairisc á déanamh faoina leanbh, iarrfar comhairle ó Tusla. Leagtar amach in alt 5.3.6 agus in alt 5.3.7 de na nósanna imeachta seo na nósanna imeachta chun tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas, lena n-áirítear comhairle Tusla a iarraidh.

Níl sé de dhualgas ar an lucht foirne scoile measúnú nó fiosrúchán a dhéanamh ar thuismitheoirí/cúramóirí, agus i gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé a bheith fritorthúil dóibh e sin a dhéanamh. Is ábhar do Tusla é mí-úsáid agus faillí amhrasta a mheasúnú agus a imscrúdú agus an gníomh atá le déanamh a chinneadh.

I gcásanna ina bhfuil imní ag an lucht foirne scoile faoi leanbh, ach gan iad a bheith cinnte faoin ábhar a thuairisciú chuig Tusla, iarrfaidh an DIA comhairle ó Tusla.

I gcásanna éigeandála ina bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil riosca láithreach agus tromchúiseach ag leanbh, agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, déanfar teagmháil láithreach leis an nGarda Síochána. Is féidir é seo a dhéanamh in aon Stáisiún an Gharda. **I gcás ar bith, níor chóir leanbh a fhágáil i gcás contúirteach ar feitheamh idirghabháil Tusla.**

## 1.4 Daoine Fásta Soghonta

Baineann an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus na nósanna imeachta seo le leanaí. Aithnítear go bhféadfadh roinnt scoileanna freastal freisin ar dhaltaí fásta a bhfuil leochaileachtaí breise acu. I gcás ina raibh seans go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar dhuine fásta soghonta, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar dhuine fásta soghonta, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar dhuine fásta soghonta, ba chóir comhairle FSS, nó más gá, an Garda Síochána a iarraidh. Tá tuilleadh faisnéise maidir le daoine fásta soghonta a chosaint ar fáil ar láithreán gréasáin FSS www.hse.ie

## 1.5 Tosú Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Eolas á sholáthar ag an bhfostóir má bhristear fostaí óna bpost nó má éiríonn siad as), 2023

Leagann na rialacháin seo amach an fhreagracht agus an dualgas atá ar fhostóirí faisnéis faoi leith a sholáthar don Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le múinteoir cláraithe:

a) Nuair a éiríonn sé/sí as agus leanann an t-éirí as sin:
   i. Gearáin a rinneadh i leith an mhúinteora sin (tabhair faoi deara - is gearán é seo a dhéantar ag leibhéal na scoile áitiúla seachas don Chomhairle Mhúinteoireachta),
   nó
   ii. Nósanna imeachta a agairt faoi alt 24 den Acht Oideachais 1998 (Uimh. 51 de 1998), nó cibé nósanna imeachta eile a fhéadfar a agairt, i leith an mhúinteora,

nó

b) Briseann a f(h)ostóir as a p(h)ost é/í.

Tá an fhoclaíocht bheacht agus an t-eolas atá le cur ar fáil don Chomhairle Mhúinteoireachta leagtha amach sna rialacháin.

Ní mór d’fhostóirí fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta nuair a dhéantar múinteoir a dhífhostú ón 11 Bealtaine 2023 ar aghaidh (nó nuair a éiríonn múinteoir as a p(h)ost tar éis gearán a bheith déanta nó próiseas araíonachta a agairt ina leith).

# Caibidil 2: Sainmhíniú agus Aithint Mhí-úsáid Leanaí

## 2.1 Aidhm

Baineann an chaibidil seo leis an lucht foirne scoile go léir a bhíonn i dteagmháil le leanaí. Ní mór do gach duine a bheith aireach go bhféadfadh mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanaí lena bhfuil siad i dteagmháil. Tá treoir sa chaibidil seo (bunaithe ar chaibidil 2 de Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017) maidir leis na ceithre phríomhchineál mí- úsáide agus conas is féidir mí-úsáid agus faillí a aithint.

## 2.2 Forais réasúnta imní

Éilítear le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gur chóir Tusla a chur ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn forais réasúnta imní ag duine go ndearnadh mí-úsáid ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh. Má dhéantar neamhaird ar airíonna féideartha na mí-úsáide, d'fhéadfaí díobháil leanúnach bheith á déanamh don leanbh. Ní gá do dhuine a chruthú gur tharla mí-úsáid chun imní a thuairisciú do Tusla. Ní theastaíonn ach go mbíonn forais réasúnta imní ag duine. Is é ról Tusla measúnú a dhéanamh ar an imní a tuairiscíodh di. Má thuairiscítear imní, breithneofar an t-eolas go cúramach le haon eolas eile atá ar fáil, agus go déanfar measúnú cosanta leanaí mar a n-aithnítear dóthain priacail.

Áirítear leis forais réasúnta d'imní cosanta nó leasa faoi leanbh:

- Fianaise (m.sh. gortú nó iompar) ar comhsheasmhach í leis an mí-úsáid agus nach dócha go raibh cúis éigin eile leo ar bhealach ar bith eile
- Imní ar bith faoi mhí-úsáid ghnéasach fhéideartha
- Comharthaí comhsheasmhacha go bhfulaingíonn an leanbh le faillí mhothúchánach nó chorpartha
- Leanbh a deir nó a thugann le fios ar bhealach éigin eile go ndearnadh mí-úsáid dóibh
- Admháil nó tásc le duine fásta nó le leanbh faoi mhí-úsáid líomhnaithe a rinne siad
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh á mí-úsáid

## 2.3 Na Cineálacha Mí-úsáide Leanaí agus an chaoi inar féidir iad a aithint

In Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus sna nósanna imeachta seo, is ionann 'leanbh' agus duine faoi bhun 18 bliain d'aois, nach bhfuil pósta nó nár pósadh riamh.

Ba chóir go mbeadh an lucht foirne scoile go léir eolach ar chomharthaí agus iompraíochtaí a d'fhéadfadh a bheith táscach de mhí-úsáid leanaí.

Tá cur síos sa chuid seo ar na ceithre phríomhchineál mí-úsáide: faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid chorpartha agus mí-úsáid ghnéasach. Is féidir leanbh bheith faoi chineál mí-úsáide amháin nó níos mó ag tráth ar bith. Is féidir leis an mí-úsáid agus leis an bhfaillí tarlú laistigh den teaghlach, sa phobal nó i suíomh institiúideach. Féadann an mí-úsáideoir bheith ina nduine aitheanta nó ina strainséir don leanbh, agus is féidir leo bheith ina nduine fásta nó ina leanbh eile. Sa chás go líomhnaítear gur leanbh éigin eile a rinne an mhí-úsáid, ba chóir duit í a mheas ina saincheist leasa agus cosanta linbh don bheirt leanaí, agus ba cheart duit cloí le nósanna imeachta um chosaint leanaí don íospartach agus don mhí-úsáideoir líomhnaithe araon.

Luaitear in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gurb é an fachtóir tábhachtach nuair a thagtar ar chinneadh an mí-úsáid nó faillí atá san iompar ná tionchar an iompair sin ar an leanbh seachas rún an tuismitheora/chúramóra/duine eile.

Ní sainmhínithe dlíthiúla atá sna sainmhínithe faillí agus mí-úsáide a thugtar sa chuid seo. Tá siad ceaptha bheith ina gcur síos ar bhealaí ina bhfeicfeadh leanbh mí-úsáid agus an chaoi inar féidir an mhí-úsáid sin a aithint.

Tá na nósanna imeachta maidir le mí-úsáid nó faillí leanaí le fáil i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo. **Má mheastar go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána gan mhoill.**

### 2.3.1 Faillí

Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gurb í faillí linbh an chatagóir mí-úsáide is minice a thuairiscítear in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Aithnítear an fhaillí leanúnach ainsealach de bheith fíordhíobhálach d'fhorbairt agus d'fholláine an linbh, agus féadann iarmhairtí diúltacha fadtéarmacha tromchúiseacha bheith léi.

Tarlaíonn an fhaillí nuair nach bhfaigheann leanbh dóthain cúraim nó maoirseachta sa mhéid agus go ndéantar díobháil cholanda nó fhorbartha don leanbh. Sainmhínítear í go ginearálta i dtéarmaí an chúraim, mar a mbíonn sláinte, forbairt nó leas linbh lagaithe de bharr easpa bia, éadaí, teasa, sláinteachais, cúraim leighis, spreagtha intleachtúil nó maoirseachta agus sábháilteachta. Féadann faillí mhothúchánach teacht freisin ó dheacrachtaí ceangail bheith ag an leanbh. Feidhmíonn réimse fachtóirí dul i bhfeidhm ar mhéid na díobhála ar shláinte, forbairt nó leas an linbh. Áirítear leis na fachtóirí sin méid, más ann dó, an tionchair dhearfaigh ar shaol an linbh chomh maith le haois an linbh agus minice agus comhsheasmhacht na faillí.

Baineann an fhaillí leis an mbochtanas, ach ní hamhlaidh gurb é an bochtanas is cúis léi. Tá sí ceangailte go láidir le drochúsáid substaintí ag tuismitheoirí, leis an bhforéigean

teaghlaigh, le meabhairghalar tuismitheora agus leis an míchumas.

Bheadh imní réasúnta do leas an linbh ann nuair a éiríonn an fhaillí ina gné choitianta sa ghaol idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir. D'fhéadfadh sí sin éirí soiléir mar a bhfeiceann tú leanbh thar thréimhse ama, nó féadann iarmhairtí na faillí bheith follasach bunaithe ar amharc amháin ar an leanbh.

Is gnéithe iad seo a leanas den fhaillí linbh:

- Leanaí fágtha ina n-aonar gan dóthain cúraim agus maoirseachta
- Míchothú, easpa bia, bia mí-oiriúnach nó beathú neamhrialta
- Gan forás ar chúis neamhorgánach, .i. leanbh gan bheith ag méadú ina meáchan; ní hamháin de bharr míchothaithe ach de bharr díothachta mothúchánaí freisin
- Teip chun dóthain cúraim a sholáthar d'éilimh leighis agus forbartha an linbh, lena n-áirítear spreagadh intleachtúil
- Coinníollacha cónaithe neamhdhóthanacha - coinníollacha míshláintiúla, saincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear easpa teasa agus troscáin leordhóthanaigh
- Easpa éadaí cuí
- Neamhaird don sláinteachas bunúsach
- Easpa cosanta agus nochtadh don chontúirt, lena n-áirítear contúirt mhorálta, nó easpa maoirseachta iomchuí d'aois an linbh
- Loiceadh marthanach chun freastal ar scoil
- Tréigean nó fágáil

### 2.3.2 Mí-úsáid mhothúchánach

Is ionann mí-úsáid mhothúchánach agus drochíde chórasach mhothúchánach nó shíceolaíochta an linbh mar chuid den chaidreamh for-iomlán idir cúramóir agus leanbh. Deacrachtaí aonuaire agus anois is arís idir tuismitheoir/cúramóir agus leanbh; ní mheastar iad mar mhí-úsáid mhothúchánach. Tarlaíonn an mhí-úsáid nuair nach sásaítear éileamh bunúsach linbh d'aird, cion, dearbhú, comhsheasmhacht agus slándáil, de bharr éagumais nó neamhshuime óna dtuismitheoirí nó óna gcúramóir. Is féidir leis an mí-úsáid mhothúchánach tarlú nuair a bhíonn aosaigh ar freagrach iad as cúram a thabhairt do leanaí neamhfheasach agus gan bheith ábalta (ar réimse cúiseanna) éilimh mhothúchánacha agus forbartha a leanaí a shásamh. Ní so-aitheanta í an mhí-úsáid mhothúchánach toisc nach bhfeictear na héifeachtaí go furasta.

Bheadh imní réasúnta do leas an linbh ann nuair a éiríonn an t-iompar ina ghné choitianta sa chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir.

Is féidir an mhí-úsáid mhothúchánach a aithint i gcuid de na bealaí seo a leanas:

- Diúltú
- Easpa compoird agus grá
- Easpa ceangail
- Easpa spreagtha iomchuí (m.sh spraoi agus súgradh)
- Easpa leanúnachais chúraim (m.sh. gluaiseachtaí rialta, go háirithe cinn neamhphleanáilte)
- Easpa leanúnach molta agus spreagtha

- Cáineadh, searbhas, naimhdeas nó milleán buanseasmhach ar an leanbh
- Tromaíocht
- Tuismitheoireacht choinníollach ina mbraitheann cúram nó cion don leanbh ar a gcuid iompair nó gníomhartha
- Róchosantacht mhíchuibheasach
- Pionós neamhchorpartha míchuí (m.sh. leanbh a chur faoi ghlas i seomra leapa)
- Coimhlintí teaghlaigh leanúnacha agus foréigean teaghlaigh
- Ionchais rí-mhíchuí de leanbh i gcoibhneas lena n-aois agus lena gcéim forbartha

Ní fhéadann comhartha fisiciúla ar bith den mí-úsáid mhothúchánach bheith ann mura dtarlaíonn sí le cineál mí-úsáide éigin eile. Féadtar comharthaí na mí-úsáide mothúchánaí a fheiceáil i leanbh éigin trína mbearta nó trína mothúcháin ar roinnt bealaí. Áirítear leo sin ceangal neamhdhiongbháilteachta, míshonas, lagmheas orthu féin, tearcghnóthachtáil oideachasúil agus forbartha, glacadh rioscaí agus iompar ionsaitheach.

Ba chóir a thabhairt d'aire nach mbíonn táscaire ar bith ina fhianaise dhochloíte den mhí-úsáid mhothúchánach. Is dóichí go rachaidh an mhí-úsáid mhothúchánach i bhfeidhm go diúltach ar leanbh mar a maireann sí thar thréimhse fhada agus mar a mbíonn easpa fachtóirí cosantacha eile.

### 2.3.3 Mí-úsáid chorpartha

Is ionann an mhí-úsáid chorpartha agus pé uair a dhéanann duine éigin díobháil chorpartha do leanbh d'aontoil nó a chuireann iad i mbaol bheith gortaithe go colanda. Féadann sí tarlú mar theagmhas amháin nó mar phatrún teagmhas. Bíonn imní réasúnta ann mar a ndéantar, nó mar a bhféadfadh díobháil bheith déanta do shláinte agus/nó forbairt an linbh mar thoradh ar mhí-úsáid chorpartha amhrasach.

Is féidir na gnéithe seo a leanas a áireamh leis an mí-úsáid chorpartha:

- Pionós corpartha
- Greadadh, buille boise, bualadh nó ciceáil
- Brú, creathadh nó caitheamh
- Baint liomóg, baint plaice, tachtadh nó tarraingt gruaige
- Úsáid an fhórsa iomarcaigh le láimhsiú
- Nimh a thabhairt do dhuine d'aonghnó
- Plúchadh
- Tinneas cumtha/spreagtha
- Ciorrú baill ghiniúna ban

Áirítear foráil leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 lena gcealaítear an chosaint sa dlí coiteanna den smachtú réasúnta in imeachtaí cúirte. D'fhéadfaí an chosaint sin a agair le tuismitheoir nó duine éigin eile in údarás a smachtaigh leanbh go colanda. Ciallaíonn an t-athrú sa reachtaíocht anois i gcás na n-ionchúiseamh a bhaineann le hionsaí nó le cruálacht chorpartha, duine a riarann an pionós úd le leanbh nach féidir brath ar an gcosaint de smachtú réasúnta in imeachtaí dlíthiúla.

Ó 1982, cuireadh cosc ar phionós corparáideach i scoileanna.

### 2.3.4 Drochúsáid ghnéasach

Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach nuair a bhaineann duine éigin eile leas as leanbh dá sásamh nó dá spreagadh gnéasach, nó do shásamh nó spreagadh daoine eile. Áirítear léi baint an linbh le gníomhartha gnéis (glacaireacht, muirniú, gnéas béil nó treáiteach) nó nochtadh an linbh do ghníomhaíocht ghnéasach go díreach nó tríd an bpornagrafaíocht.

Féadann mí-úsáid ghnéasach leanaí speictream leathan gníomhaíochtaí mí-úsáide a chlúdach. Is annamh a bhaineann díreach teagmhas amháin léi, agus tarlaíonn sí thar achar roinnt blianta i roinnt cásanna. Is coitianta a tharlaíonn an mhí-úsáid ghnéasach laistigh den teaghlach, lena n-áirítear siblíní níos sine agus daoine muinteartha.

Tagann cásanna de mhí-úsáid ghnéasach chun cinn den chuid is mó trí nochtadh ag an leanbh nó a siblíní/gcairde; ó amhrais ag duine fásta, agus/nó trí airíonna fisiciúla.

Ba chóir go meabhrófaí go bhféadann an ghníomhaíocht ghnéasach le duine óg bheith ina drochúsáid ghnéasach fiú mura n-aithníonn an duine óg i gceist í mar mhí-úsáideach.

Áirítear na samplaí seo a leanas leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí:

- Gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d’aontoil i láithreacht linbh
- Cuireadh chun méirínteachta gnéasaí nó méirínteacht nó ainteagmháil d’aonghnó ar chorp linbh, bíodh sí ag duine nó ag oibiacht éigin chun críche an spreagtha nó an tsásaimh ghnéasaigh
- Glacaireacht i láithreacht linbh nó baint linbh le gníomh glacaireachta
- Comhriachtain ghnéasach le leanbh, bíodh sí ina gnéas béil, faighne nó tóna
- Dúshaothrú gnéasach linbh, lena n-áirítear:
    - Cuireadh, spreagadh nó comhéigniú linbh chun bheith páirteach sa striapachas nó i dtáirgeadh na pornagrafaíochta linbh [mar shampla, nochtadh, mainicíneacht nó galamaisíocht chun críche an spreagtha, an tsásaimh ghnéasaigh nó gnímh ghnéasaigh éigin, lena n-áirítear a thaifeadadh (ar scannán, fístéip nó meáin eile) nó mí-ionramháil, chun na gcríoch úd, d’íomhá le ríomhaire nó le bealach éigin eile]
    - Cuireadh a thabhairt do, comhéigniú nó spreagadh do leanbh chun bheith páirteach in aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó gáirsiúil, nó chun féachaint orthu
    - Ábhar gáirsiúil a thaispeáint do leanaí, ar minic é ina ghné den phróiseas ‘mealltóireachta’ ag na daoine a dhéanann mí-úsáid
- Nochtadh linbh d’ábhar míchuí nó mí-úsáideach trí theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide
- Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil lena mbaineann duine fásta agus duine faoi aois

Is é An Garda Síochána a phléifidh le gnéithe coiriúla ar bith de chás mí-úsáide faoin reachtaíocht ábhartha um cheartas coiriúil. Breithneofar ionchúiseamh ciona ghnéasaigh i gcoinne linbh laistigh de chuspóir foriomlán leas agus chosaint an linbh. Is í sábháilteacht an linbh a bhíonn in uachtar, agus níor cheart sábháilteacht linbh bheith i mbaol ag céim ar bith mar gheall ar imní faoi shláine imscrúdaithe choiriúil.

Maidir leis an mí-úsáid ghnéasach ar leanaí, ba chóir a thabhairt d’aire gurb ionann aois na comhthola le comhriachtain ghnéasach sa dlí coiriúil agus 17 bliain do bhuachaillí agus cailíní araon. Is mídhleathach é caidreamh collaí ar bith mar a mbíonn páirtí amháin nó an bheirt pháirtithe faoi aois 17 bliain. B’fhéidir ámh nach mbreathnófaí air mar mhí- úsáid

ghnéasach ar leanbh. Tá mionsonraí ar na ndíolúintí maidir le tuairisciú sainordaithe de ghníomhaíochtaí gnéasacha ar leith faoi aois le fáil i gcuid 4.7.1 de na nósanna imeachta seo.

Nuair a thagann scoil ar an eolas faoi chomhriachtain ghnéasach faoi aois, ba chóir don scoil bearta iomchuí a ghlacadh chun tuismitheoirí an linbh a chur ar an eolas.

### 2.3.5 Na cúinsí ina n-éiríonn leanaí níos leochailí do mhí-úsáid agus faillí

Ní mór don lucht foirne scoile a bhíonn ag plé le leanaí a bheith aireach go bhféadfadh imní leasa nó cosanta teacht chun cinn maidir le leanaí lena dtagann siad i dteagmháil. Ní mór go bhfuil duine ag leanaí a bhfuil iontaobhas acu iontu ionas gur féidir leo mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith á déanamh orthu a nochtadh. Ní mór go dtuigeann leanaí go gcreidfear iad agus go mbeidh an cabhrú ann atá ag teastáil uathu. Gan na nithe seo, d'fhéadfadh siad a bheith i mbaol de mhí-úsáid leanúnach.

Féadann leanaí áirithe bheith níos leochailí don mhí-úsáid ná leanaí eile. Ina theannta sin, d’fhéadfadh tráthanna nó cúinsí sonracha bheith i gceist freisin nuair a fhéadann leanbh bheith níos leochailí don mhí-úsáid ina mbeatha. Na leanaí sin a bhfuil míchumas nó deacrachtaí cumarsáide acu, atá faoi chúram nó ina gcónaí as baile, nó leanaí le tuismitheoir nó le tuismitheoirí dá mbaineann fadhbanna ina mbeatha féin, b’fhéidir go mbeadh na leanaí sin níos leochailí don mhí-úsáid.

Tá an liosta seo a leanas ceaptha chun cabhrú leis an réimse saincheisteanna i mbeatha linbh a shainaithint lenar féidir leanaí a chur i mbaol níos mó de mhí-úsáid nó faillí. Tá sé tábhachtach go gcuimhneofá nach gá trí aon cheann de na fachtóirí seo bheith ann go mbítear ag baint mí-úsáid as leanbh sna cúinsí nó sna himthosca úd.

- **Fachtóirí Tuismitheora nó Cúramóra:**
  - Mí-úsáid drugaí/alcóil
  - Andúile, lena n-áirítear an cearrbhachas
  - Saincheisteanna meabhairshláinte
  - Saincheisteanna le míchumas tuismitheoirí, lena n-áirítear míchumas foghlama nó intleachtúil
  - Caidrimh achrannacha
  - Foréigean teaghlaigh
  - Tuismitheoirí is déagóirí

- **Fachtóirí Linbh:**
  - Aois
  - Inscne
  - Gnéasacht
  - Míchumas
  - Saincheisteanna meabhairshláinte, lena n-áirítear féindíobháil agus féinmharú
  - Deacrachtaí cumarsáide
  - Gáinneáil/Dúshaothrú
  - Mí-úsáid Roimhe
  - Cúramóir óg

- **Fachtóirí pobail:**
  - Gnásanna cultúrtha, eitneacha, reiligiúnacha nó creideamhbhunaithe sa

teaghlach nó sa phobal; b'fhéidir nach sásaíonn siad na caighdeáin leasa nó cosanta leanaí a theastaíonn sa dlínse seo

  - Cleachtais sonracha do chultúr, lena n-áirítear:
    - Ciorrú baill ghiniúna ban
    - Pósadh éigeantais
    - Foréigean onóir-bhunaithe
    - Radacú

- **Fachtóirí comhshaoil:**
  - Saincheisteanna tithíochta
  - Leanaí a bhíonn as baile agus nach gcónaíonn lena dtuismitheoirí, bíodh sé go sealadach nó go buan
  - Bochtanas/Déirce
  - Tromaíocht
  - Imní idirlín agus iad a bhaineann leis na meáin sóisialta

- **Inspreagadh nó toilteanas lag na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí chun bheith rannpháirteach:**
  - Neamhfhreastal ag coinní
  - Easpa léargais nó tuisceana ar an gcaoi a bhfuiltear ag dul i bhfeidhm ar an leanbh
  - Easpa tuisceana faoin méid a chaithfidh a tharlú chun athrú a chur i gcrích
  - Seachaint na teagmhála nó drogall chun saothrú leis na seirbhísí
  - Éagumas nó neamhthoilteanas chun cloí le pleananna comhaontaithe

Ba chóir na fachtóirí seo a mheas mar chuid de bheith ar an airdeall don fhéidearthacht go bhféadfadh leanbh a bheith i mbaol mí-úsáid a fhulaingt agus go gcuirfí imní réasúnach ar aird Tusla.

**Má mheastar go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána gan mhoill.**

### Tromaíocht

Aithnítear go dtéann an tromaíocht i bhfeidhm ar bheatha líon méadaitheach leanaí, agus is féidir imníocha fíora a ghiniúint léi faoi leas linbh.

Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gur féidir an tromaíocht a shainmhíniú mar ionsaí athfhillteach – bíodh sé íde béile, síceolaíochta nó fisiciúil – a dhéanann duine aonair nó grúpa i gcoinne daoine eile. In Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, déantar cur síos ar thromaíocht mar iompar a bhíonn cráiteach agus imeaglach d'aontoil, agus tarlaíonn sé den chuid is mó i measc leanaí i dtimpeallachtaí sóisialta ar nós scoileanna. Áirítear léi nósanna iompair ar nós ionsaitheachta fisiciúla, an chibearthromaíocht, damáiste do mhaoin, imeagla, leithlisiú/eisiamh, maslú, béadán mailíseach agus sracadh. Is féidir leis an tromaíocht bheith mar mhí-úsáid freisin bunaithe ar aitheantas inscne, rogha ghnéasach, cine, eitneachas agus fachtóirí reiligiúnacha. Is amhlaidh i gcás na bhforbairtí sa teicneolaíocht nua-aimseartha gur féidir le leanaí bheith ina n-íospartaigh freisin don tromaíocht neamhtheagmhálach, trí mheán na bhfón póca, an idirlín agus na ngaireas pearsanta eile.

Cé gur féidir tromaíocht a fheidhmiú ar leanbh ar bith, féadann cuid acu bheith níos leochailí di. Áirítear leo siúd leanaí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu; iad siúd ó mhionghrúpaí eitneacha agus imirceacha, ón Lucht Siúil; leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LGBT) agus iad siúd a bhraitear mar leanaí LGBT; agus leanaí ó chreidimh reiligiúnacha mionlaigh.

Féadann leochaileacht mhéadaitheach bheith ann roimh an tromaíocht i measc leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is amhlaidh go háirithe an méid sin i measc iad siúd nach dtuigeann leideanna sóisialta agus/nó dá mbaineann deacrachtaí leo ag cumarsáid. B'fhéidir nach mbeadh tuiscint ag roinnt leanaí le riachtanais chasta ar imthosca sóisialta, agus go gcuirfidís muinín iomlán i ngach aon duine. Féadann na leanaí sin bheith níos leochailí toisc nach mbíonn na hoilteachtaí ná na hacmhainní sóisialta céanna acu atá ag leanaí eile chun iompar tromaíochta a aithint agus iad féin a chosaint ina coinne. Tugann taighde le fios go bhfuil níos mó seans ann go ndéantar tromaíocht ar leanaí faoi mhíchumas agus orthu siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ná leanaí eile. Fuarthas go bhfuil tromaíocht homafóbach agus trasfóbach (tromaíocht dírithe orthu siúd ar LGBT iad nó a mheastar gur LGBT iad) forleathan freisin agus an fhianaise ann go bhfuil deacracht ar leith ag a leithéid de dhaltaí chun labhairt amach faoi iompar tromaíochta nó é a thuairisciú.

Luaitear in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gur féidir tromaíocht sna scoileanna a bheith ina fadhb ar leith de bharr go gcaitheann leanaí go leor dá gcuid ama sa scoil, agus go mbíonn siad i ngrúpaí sóisialta móra. Is iad údaráis na scoile sa chéad dul síos atá freagrach as aghaidh a thabhairt ar an tromaíocht sa scoil. Tá ceanglas ar údaráis scoile cód iompair agus beartas frith-thromaíochta a bheith i bhfeidhm, de réir "Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile" de chuid na Roinne (na Nósanna Imeachta Frith-thromaíochta) agus ciorcláin 0045/2013.

Sainmhíníonn na Nósanna Imeachta Frith-thromaíochta tromaíocht mar "iompar diúltach neamhiarrtha, béil, síceolaíoch nó fisiceach a dhéanann duine aonair nó grúpa i gcoinne duine eile (nó daoine) agus a athdhéantar le himeacht ama". Sa chomhthéacs de na Nósanna Imeachta Frith-thromaíochta meastar gur iompar tromaíochta freisin é "teachtaireacht phoiblí nó íomhá nó ráiteas aon-uaire atá gránna nó mailíseach a chur ar laithreán líonra sóisialta nó ar fhóram poiblí eile is féidir le daoine eile an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil agus/nó a athdhéanamh".

Ba chóir go mbeadh an lucht foirne scoile ar an eolas faoi bheartas frith-thromaíochta na scoile agus na nósanna imeachta atá le leanúint maidir le haon teagmhas tromaíochta a líomhnaítear.

Foráiltear in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus sna Nósanna Imeachta Frith-thromaíochta, i gcásanna a bhaineann le tromaíocht tromchúiseach nuair a mheastar go bhféadfadh iompar a bheith mí-úsáideach, d'fhéadfadh go ndéanfaí atreorú chuig Tusla nó chuig an nGarda Síochána de réir mar is cuí. I gcás ina bhfuil imní ag an lucht foirne scoile faoi leanbh a eascraíonn as iompar tromaíochta líomhnaithe, ach nach bhfuil sé/sí cinnte faoin ábhar a thuairisciú do Tusla, iarrfaidh an DIA comhairle ó Tusla, de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

### 2.3.6 Imní faoi dhuine fásta a d'fhéadfadh a bheith ina bhaol do leanaí

Luaitear in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, cé go dtagann imní ar leas nó ar

shábháilteacht an linbh sa chuid is mó de chásanna ó bhreathnóireacht nó ó aithne féin ar leanbh áirithe nó ar theaghlach an linbh, go dtagann imní chun cinn uaireanta maidir le cibé an bhféadfadh duine fásta a bheith ina bhaol do leanaí, fiú mura bhfuil aon leanbh ar leith ainmnithe i ndáil leis an ábhar imní. Mar shampla, d'fhéadfadh imní bheith ann bunaithe ar iompar aitheanta nó amhrasach san am atá caite, faoin bpriacal a d'fhéadfadh bheith ag duine aonair do leanaí lena mbíonn teagmháil acu. Ba chóir duit aon imníocha réasúnta mar sin a thuairisciú do Tusla, a dhéanfaidh iarracht chun fáil amach an mbíonn aon leanbh i mbaol faoi láthair ón duine úd. I gcás ina bhfuil imní ag an lucht foirne scoile maidir le cibé an bhféadfadh duine fásta a bheith ina bhaol do leanaí, fiú mura bhfuil aon leanbh ar leith ainmnithe i ndáil leis an ábhar imní ach mura bhfuil siad cinnte faoin ábhar a thuairisciú chuig Tusla, iarrfaidh an DIA comhairle ó Tusla de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCaibidil 5.

Luaitear in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, cé go ndéanfaidh Tusla gach uile iarracht chun a leithéid de chásanna a iniúchadh, is réimse fíorchasta é lena mbaineann cearta bunreachtúla an chúisí dá ndea-chlú, dá bpríobháideachas agus dá gceart chun beatha a shaothrú, chomh maith le riachtanais an cheartais aiceanta. Ní mór do Tusla feidhmiú laistigh den Bhunreacht, den dlí, den chóras dlíthiúil agus d'éilimh an cheartais aiceanta chun cearta contrártha na ndaoine i gceist a chothromú. Mar gheall air sin, d'fhéadfadh teorainn a chur ar an méid aiseolais is féidir le Tusla a thabhairt don duine a thuairiscigh an imní maidir le dul chun cinn nó toradh an cháis. Is féidir iniúchadh Tusla a fheabhsú go mór má bhraitheann an t-íospartach líomhnaithe gur féidir leo comhoibriú le Tusla mar chuid dá mheasúnú nó dá iniúchadh.

# Caibidil 3: Freagrachtaí an Lucht Foirne Scoile go léir

## 3.1 Freagrachtaí an Lucht Foirne Scoile go léir

**3.1.1** Tá an lucht foirne scoile suite go maith chun breathnú ar athruithe ar iompar leanaí, ar a n-easpa forbartha nó ar chomharthaí soiléire a bhaineann le mí-úsáid. In aon chás ina bhfaigheann ball den lucht foirne scoile (lena n-áirítear múinteoir cláraithe) líomhain nó má tá amhras orthu go bhféadfaí go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar leanbh, go bhfuil mí- úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh, déanfaidh sé nó sí an t-ábhar a thuairisciú don DIA gan mhoill, i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

**3.1.2** I gcás ina bhfuil imní den chineál sin ar mhúinteoir cláraithe, chomh maith lena thuairisciú don DIA, ní mór dó/di breithniú a dhéanamh freisin an bhfuil an imní ag an tairseach nó os a cionn chun tuairisc sainordaithe a dhéanamh do Tusla. Cuimsíonn Caibidil 4 de na nósanna imeachta seo tuilleadh faisnéise ar an tairseach ina gcaithfear tuairisc sainordaithe a dhéanamh agus leagtar amach i gcaibidil 5 na nósanna imeachta tuairiscithe atá le leanúint ag an DIA agus ag an múinteoir lena mbaineann. Maidir leis sin, rachaidh an múinteoir cláraithe i dteagmháil leis an DIA agus leanfar na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 5.2 de na nósanna imeachta seo.

## 3.2 Comharthaí féideartha mí-úsáide a aithint

**3.2.1** Soláthraítear i gCaibidil 2 de na nósanna imeachta seo faisnéis (bunaithe ar Chaibidil 2 de Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017) maidir leis na ceithre phríomhchineál mí- úsáide agus conas is féidir mí-úsáid agus faillí a aithint. Ní mór don lucht foirne scoile go léir a bheith ar an eolas faoin bhfaisnéis seo chun cur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh faoi na nósanna imeachta seo. Tá sé tábhachtach go léann an lucht foirne scoile caibidil 2 de na nósanna imeachta seo agus go dtéann siad i dteagmháil leis an DIA má bhíonn imní orthu go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh. Cuirfidh an DIA Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 ar fáil don lucht foirne scoile. Tá an doiciméad Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 ar fáil ag gov.ie anseo.

**3.2.2** Éilítear le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gur chóir Tusla a chur ar an eolas i gcónaí i gcás ina bhfuil forais réasúnta ag duine go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí- úsáid nó faillí ar leanbh.

**3.2.3** Luaitear in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gur féidir achoimre a dhéanamh ar na prionsabail threoracha maidir le mí-úsáid nó faillí ar leanaí a thuairisciú do Tusla mar seo a leanas:

(a) ní mór sábháilteacht agus leas an linbh a bheith ina dtosaíochtaí roimh aon imní faoi dhaoine fásta a bhféadfaí líomhain a dhéanamh ina leith

agus;

(b) má bhíonn forais réasúnta imní ann, ba chóir tuarascálacha a dhéanamh gan mhoill do Tusla.

Ní mór freagra a thabhairt ar aon fhorais réasúnta imní. Trí neamhaird a dhéanamh ar rud a d'fhéadfadh a bheith ina chomhartha mí-úsáide, d'fhéadfaí díobháil leanúnach a dhéanamh don leanbh.

## 3.3 Ag déileáil le nochtuithe ó leanaí

**3.3.1** Is dócha go mbeidh leanbh ar a ndearnadh mí-úsáid faoi strus mhothúchánach tromchúiseach agus b'fhéidir gurb é ball den lucht foirne scoile an t-aon duine fásta amháin a bhfuil an leanbh in ann muinín a chur iontu. Feidhmeoidh an duine sin le han- chúram ionas nach ndéantar dochar don mhuinín sin.

**3.3.2** Nuair a thairgtear faisnéis i muinín, beidh ar bhall den lucht foirne scoile a bheith stuama agus íogair maidir leis an nochtadh a fhreagairt. Beidh ar bhall den lucht foirne scoile an leanbh a chur ar a s(h)uaimhneas, agus iarracht a dhéanamh muinín an linbh a choinneáil, agus an gá atá le gníomh a mhíniú agus daoine eile á gcur ar an eolas trí riachtanas. Tá sé tábhachtach a insint don leanbh go ndéanfar gach rud is féidir chun é/í a chosaint agus a thacú, ach gan aon ghealltanais a dhéanamh nach féidir a choinneáil, mar shampla, an gealladh gan aon duine eile a chur ar an eolas faoi.

**3.3.3** Tá sé tábhachtach déileáil le haon líomhain mí-úsáide nó faillí ar bhealach íogair agus inniúil trí éisteacht leis an leanbh agus é/í a éascú chun labhairt faoin bhfadhb, **seachas agallamh a dhéanamh leis an leanbh faoin méid a tharla**.

Ní mór déileáil le nochtadh mí-úsáide go híogair agus go gairmiúil. Moltar an cur chuige seo a leanas mar dhea-chleachtas chun déileáil leis na nochtuithe seo:

- Freagair go socair
- Éist go cúramach agus go haireach
- Creid an leanbh
- Cuir in iúl don leanbh go ndearna sé/sí an rud ceart trí labhairt leat
- Ná geall aon rud a choinneáil faoi rún
- Cuir ceisteanna ar mhaithe le soiléireachta amháin. Ná cuir treoircheisteanna
- Seiceáil leis an leanbh go bhfuil an méid a chuala tú ceart agus gur thuig tú é
- Ná tabhair barúil ar bith faoin mí-úsáideoir líomhnaithe
- Cinntigh go dtuigeann an leanbh na nósanna imeachta atá le leanúint ina dhiadh
- Déan taifead scríofa den chomhrá a luaithe is féidir, ina bhfuil an oiread sin mionsonraí agus is féidir
- Déileáil leis an bhfaisnéis go rúnda, faoi réir na riachtanas den Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus na reachtaíochta ábhartha

Is é dualgas faighteora na faisnéise sin na ceanglais tuairiscithe atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo a leanúint. **Ní mór cuimhneamh i gcónaí go bhfuil ról tacaíochta, ní ról imscrúdaitheach ag an lucht foirne scoile**.

Tá sé beartaithe ag Tusla doiciméad "Child Safeguarding: A guide for Policy, Procedures

and Practice” a fhoilsiú, rud a chuirfidh san áireamh treoir maidir le freagairt do leanbh a nochtann mí-úsáid.

## 3.4 Coimeád Taifead

**3.4.1** Nuair a bhíonn amhras go ndearna mí-úsáid nó faillí ar leanaí, tá sé riachtanach taifead scríofa a bheith agat ar an bhfaisnéis go léir atá ar fáil. Breacfaidh an lucht foirne scoile síos go cúramach an méid atá feicthe acu agus an áit a bhfaca siad é. Déanfar cur síos mionsonraithe ar chomharthaí gortaithe fisiceacha agus, más cuí, déanfar sceitse orthu.

**3.4.2** Déanfar aon trácht ag an leanbh lena mbaineann, nó ag aon duine eile, maidir le conas a tharla gortú a thaifeadadh, agus na focail iarbhíre a úsáideadh a lua, a luaithe is féidir tar éis don trácht a bheith déanta. Déanfar taifead na díospóireachta a shíniú, a dhátú agus a thabhairt don DIA, agus coinneoidh sé/sí é.

**3.4.3** Ba cheart don DIA taifead a dhéanamh de gach imní nó líomhain i ndáil le mí-úsáid leanaí a cuireadh in iúl dó/di, mar aon leis na gníomhartha a rinneadh tar éis imní nó líomhain ar mhí-úsáid leanaí a fháil.

**3.4.4** Coinneoidh an DIA cóip de gach tuairisc a chuir sé nó sí isteach chuig Tusla agus coinneoidh sé taifead d’aon ghníomh breise atá le déanamh ag an DIA agus d’aon chumarsáid bhreise le Tusla, leis an nGarda Síochána nó le páirtithe eile i ndáil leis an tuairisc sin.

**3.4.5** Measfar go bhfuil na taifid uile a cruthaíodh an-rúnda agus curtha i suíomh slán (féach alt 1.3.9 de na nósanna imeachta seo maidir le ceanglais cosanta sonraí agus RGCS).

**3.4.6** Chun taifeadadh agus rianú éifeachtach de thaifid agus de ghníomhartha a éascú, tabharfaidh an DIA cód uathúil nó sraithuimhir do gach cáschomhad um chosaint leanaí agus d’aon pháirtí dá dtagraítear sna comhaid sin. Sa chomhthéacs seo, is ionann "páirtithe" agus aon pháirtí, dá nochtfaí a n-aitheantas, go bhféadfadh leanbh a bheith aitheanta nó go bhféadfadh duine a bhfuil líomhain déanta ina leith a bheith aitheanta.

**3.4.7** Ba chóir go mbeadh an lucht foirne scoile go léir ar an eolas gur cion é, trí alt 17 den Acht um Thús Aite do Leanaí, 2015, faisnéis a nochtadh do thríú páirtí a roinneadh le Tusla le linn measúnachta a eascraíonn as tuairisc sainordaithe, seachas de réir an dlí, mura dtugann Tusla údarú scríofa don duine sin déanamh amhlaidh. Is cion é an loiceadh cloí leis an alt seo den Acht, atá faoi dhliteanas fíneála nó príosúnachta suas le sé mhí, nó an dá cheann.

**3.4.8** Tá achoimre in Aguisín 4 ar na príomhriachtanais maidir le coimeád taifead na nósanna imeachta seo.

## 3.5 Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA)

**3.5.1** Tá sé de dhualgas ar na boird bhainistíochta go léir comhalta sinsearach lánaimseartha

d'fhoireann teagaisc chláraithe na scoile a ainmniú mar an DIA don scoil.

**3.5.2** Meastar de ghnáth gurb é an DIA an príomhoide. Sa chás go gceapann an bord bainistíochta DIA nach bhfuil ina p(h)ríomhoide, ba cheart don údarás scoile socruithe a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcoinneoidh an DIA an príomhoide ar an eolas go hiomchuí faoi chúrsaí cosanta leanaí.

**3.5.3** Tá an bord bainistíochta freagrach freisin as comhalta eile **d'fhoireann teagaisc chláraithe** lánaimseartha na scoile (an leas-DIA) a ainmniú chun freagrachtaí an DIA a ghlacadh, i neamhláithreacht an DIA . Táthar ag súil go mbeidh, nuair is féidir, an leas- DIA ina leas-phríomhoide ar an scoil. Féach alt 3.5.11 thíos i ndáil le scoileanna aonmhúinteora.

**3.5.4** Áiritheoidh an bord bainistíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun go bhféadfaidh an leas-DIA glacadh go héifeachtach lena f(h)reagrachtaí i neamhláithreacht an DIA agus le háirithiú go bhféadfaidh an leas-DIA rochtain a fháil ar thaifid ábhartha nuair is gá.

**3.5.5** Is é ról an DIA gníomhú mar dhuine acmhainne d'aon bhall den lucht foirne scoile a bhfuil imní faoi chosaint leanaí air/uirthi. Ba chóir go mbeadh an DIA eolach faoi chosaint leanaí agus ba chóir aon oiliúint a sholáthar dó/di a mheastar a bheith riachtanach chun an ról seo a chomhlíonadh. Mar sin féin, i gcásanna ina bhfuil imní ann faoi leanbh agus nach bhfuil an DIA cinnte faoin ábhar a thuairisciú do Tusla nó tuairisc a chur isteach mar thuarascáil shainordaithe, iarrfaidh an DIA comhairle ó Tusla mar atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

**3.5.6** Tá freagracht ar an DIA le háirithiú go leanfar leis na ceanglais tuairiscithe atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo i gceart agus go pras.

**3.5.7** Leagtar amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo na gníomhartha sonracha atá le déanamh ag an DIA maidir le haon imní faoi leanbh, lena n-áirítear iad siúd i ndáil le comhthuairisciú sainordaithe le múinteoirí cláraithe.

**3.5.8** Éilítear freisin leis na nósanna imeachta seo go gceapfar an DIA mar an "duine iomchuí" faoi alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 mar an chéad phointe teagmhála maidir le ráiteas um chumhdach leanaí na scoile.

**3.5.9** Déanfar ainmneacha an DIA, an leas-DIA agus an duine ábhartha a thaifeadadh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Taispeánfar ainm an DIA i suíomh feiceálach in aice le príomhshlí isteach na scoile.

**3.5.10** Beidh an DIA ina d(h)uine idirchaidrimh ainmnithe don scoil chun déileáil le Tusla, leis an nGarda Síochána agus le páirtithe eile, i dtaca le líomhaintí agus/nó imní faoi mhí- úsáid agus faillí leanaí. Cuirfidh an DIA in iúl do na páirtithe eile sin go ndéanfaidh siad gach ní a bhaineann le próiseáil nó measúnú/imscrúdú ar mhí-úsáid leanaí líomhnaithe tríd an DIA. Má bhaineann an t-ábhar le ball den lucht foirne scoile, déanfar na nithe sin tríd an bhfostóir.

**3.5.11** Níl aon cheanglas ann leas-DIA a cheapadh i gcás de scoil aonmhúinteora agus nach bhfuil aon bhall lánaimseartha eile den fhoireann teagaisc ar féidir an ról seo a shannadh dóibh. I scoileanna den chineál sin, in aon chás de neamhláithreacht an phríomhoide, glacfaidh an t-ionadaí atá fostaithe ag an mbord don phríomhoide na dualgais ábhartha a bhaineann le ról an DIA. Tá sé de dhualgas ar fhostóir na scoile a áirithiú go gcuirfear aon ionadaí atá fostaithe i gcúinsí den chineál sin go hiomlán ar an eolas faoi na dualgais a bhaineann leis ról an DIA agus gur féidir leis nó léi na freagrachtaí atá i gceist a ghlacadh go héifeachtach.

## 3.6 Tuarascáil mhaoirseachta um chosaint leanaí an phríomhoide don bhord bainistíochta

Ag gach cruinniú an bhoird bhainistíochta, áireofar le tuarascáil an phríomhoide don bhord bainistíochta Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí ina bhfuil faisnéis faoi 4 cheannteideal mar seo a leanas-

(1) Líomhaintí ar mhí-úsáid a rinneadh i gcoinne ball den lucht foirne scoile
(2) Imní eile cosanta leanaí maidir le daltaí sa scoil (i.e. imní nach mbaineann le haon líomhain ar mhí-úsáid i gcoinne baill den lucht foirne scoile)
(3) Imní cosanta leanaí a eascraíonn as iompar tromaíochta líomhnaithe i measc daltaí agus
(4) Sonraí achoimre maidir le tuairisciú.

Tá mionsonraí ar an bhfaisnéis atá le soláthar faoi gach ceann de na ceannteidil thuas leagtha amach in ailt 9.5 go 9.8 de na nósanna imeachta seo.

# Caibidil 4: Oibleagáidí reachtúla ar Mhúinteoirí Cláraithe

## 4.1 Aidhm

**4.1.1** Cuirtear oibleagáid reachtúil leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ar dhaoine áirithe ábhair imní cosanta leanaí atá ag tairseach díobhála (mar a shainmhínítear san Acht í) nó os a cionn a thuairisciú chuig Thusla. Tagraítear do dhaoine dá leithéid mar "dhaoine sainordaithe" faoin Acht. Is duine sainordaithe gach múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

**4.1.2** Tá feidhm ag an gcaibidil seo i leith gach múinteora chláraithe atá ag obair i scoil, an DIA agus an Leas-DIA san áireamh. Leagtar amach inti na hoibleagáidí reachtúla a bhfuil feidhm anois acu i leith gach múinteora chláraithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

## 4.2 Freagrachtaí sainiúla ar mhúinteoirí cláraithe

**4.2.1** De réir an cheanglais dea-chleachtais (neamhreachtúil) sa Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, leantar faoi na nósanna imeachta seo leis an gceanglas a bhí ann cheana ar dhuine ar bith den lucht foirne scoile, múinteoir cláraithe san áireamh, a fhaigheann líomhain nó a bhfuil amhras air nó uirthi go bhfuil mí-úsáid nó faillí déanta ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh nó go bhfuil an baol ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh, an cheist a thuairisciú chuig an DIA gan mhoill.

Tá oibleagáid reachtúil anois chomh maith ar gach múinteoir cláraithe, mar dhuine sainordaithe tuairisc shainordaithe dá c(h)uid féin a dhéanamh chuig Tusla áit a bhfuil an imní maidir leis an leanbh ag nó os cionn tairsí díobhála mar a shainmhínítear san Acht í. Dá bhrí sin, ní mór do mhúinteoir cláraithe a mheas an bhfuil an imní ag nó os cionn na tairsí díobhála sainmhínithe ag a bhfuil oibleagáid reachtúil ar an múinteoir cláraithe féin faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 tuairisc shainordaithe a chur chuig Tusla, mar aon leis an imní a thuairisciú chuig an DIA.

Ceanglaítear le Caibidil 5 de na nósanna imeachta seo ar mhúinteoir cláraithe dul i dteagmháil leis an DIA chun a chinneadh an bhfuil an imní i gceist ag nó os cionn na tairsí díobhála sainmhínithe ag a bhfuil oibleagáid ar an múinteoir cláraithe tuairisc shainordaithe a dhéanamh. Ceanglaítear le Caibidil 5 ar an múinteoir cláraithe chomh maith cloí leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i rannán 5.2, ar a n-áirítear, áit is infheidhme, iad siúd lena gceanglaítear ar mhúinteoir cláraithe tuairisc shainordaithe a dhéanamh i gcomhar leis an DIA.

### 4.2.2 Nóta Tábhachtach do mhúinteoir cláraithe

> Is ceart do gach múinteoir cláraithe a thabhairt faoi deara go bhfuil an oibleagáid reachtúil tuairisc shainordaithe a dhéanamh chuig Tusla leagtha ar an múinteoir ar leith mar dhuine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus go bhfuil feidhm aige seo is cuma an dtuairiscíonn an DIA an imní i gceist nó nach dtuairiscíonn. Sásaíonn, áfach, múinteoir cláraithe a dhéanann tuairisc shainordaithe chuig Tusla i gcomhar leis an DIA an oibleagáid reachtúil atá air nó uirthi chun tuairisciú chuig Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Tá eolas sa chaibidil seo (bunaithe ar chaibidil de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017) do mhúinteoirí cláraithe agus DIAanna faoina n-oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus faoin tairseach díobhála ag a bhfuil oibleagáid ann imní a thuairisciú mar thuairisc shainordaithe faoin Acht sin.

**4.2.3** Tá dhá phríomhoibleagáid reachtúil ar mhúinteoirí cláraithe mar dhaoine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus is iad na hoibleagáidí reachtúla sin ná:

(a) eolas, creideamh nó foras réasúnta le hamhras go bhfuil díobháil déanta do leanbh, go bhfuil díobháil á déanamh do leanbh nó go bhfuil an baol ann go ndéanfaí díobháil do leanbh a thuairisciú chuig Thusla, agus

(b) cúnamh a thabhairt do Thusla chun imní a mheas atá tar éis bheith mar ábhar le tuairisc shainordaithe, má iarrann Tusla sin de réir an Achta.

**4.2.4** Leagtar amach thíos forálacha áirithe den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 atá ábhartha do na hoibleagáidí reachtúla:

> Deirtear in Alt 14(1) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015:
>
> "where a mandated person knows, believes or has reasonable grounds to suspect, on the basis of information that he or she has received, acquired or becomes aware of in the course of his or her employment or profession as such a mandated person, that a child –
>
> (a) has been harmed,
> (b) is being harmed, or
> (c) is at risk of being harmed,
>
> he or she shall, as soon as practicable, report that knowledge, belief or suspicion, as the case may be, to the Agency."

Cuirtear oibleagáidí ar dhaoine sainordaithe chomh maith le hAlt 14(2) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 nochtuithe ar bith a bheidh déanta ag leanbh a thuairisciú. Deirtear ann:

"Where a child believes that he or she –

(a) has been harmed,
(b) is being harmed, or
(c) is at risk of being harmed,

and discloses that belief to a mandated person in the course of a mandated person's employment or profession as such a person, the mandated person shall, … as soon as practicable, report that disclosure to the Agency."

De réir Alt 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 is mar seo a leanas an tairseach "díobhála" shainmhínithe maidir le leanbh:

"harm means, in relation to a child-

(a) assault, ill-treatment or neglect of the child in a manner that seriously affects or is likely to seriously affect the child's health, development or welfare, or
(b) sexual abuse of the child,

whether caused by a single act, omission or circumstance or a series or combination of acts, omissions or circumstances, or otherwise;"

"ill-treatment" means, in relation to a child, to abandon or cruelly treat the child, or to cause or procure or allow the child to be abandoned or cruelly treated;"

"neglect" means, in relation to a child, to deprive the child of adequate food, warmth, clothing, hygiene, supervision, safety or medical care;"

*"welfare" includes, in relation to a child, the moral, intellectual, physical, emotional and social welfare of the child"*

## 4.3 Na critéir do thuairisciú faoi shainordú: an tairseach díobhála

**4.3.1** Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ní foláir do mhúinteoirí cláraithe mar dhaoine sainordaithe aon eolas, creideamh nó amhras réasúnta go ndearnadh díobháil do leanbh, go bhfuil díobháil á déanamh do leanbh, nó go bhfuil an baol ann go ndéanfaí díobháil do leanbh, a thuairisciú chuig Tusla. Sainmhínítear an díobháil san Acht mar ionsaí, drochíde, faillí nó drochúsáid ghnéasach, agus cuimsítear léi teagmhas amháin nó ilteagmhais. Cuirtear síos ar na ceithre chineál drochúsáide i gCaibidil 2 de na nósanna imeachta seo.

Leagtar amach i gcaibidil 3 de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 an tairseach díobhála, i gcás gach aon chatagóire den drochúsáid, ag a mbíonn oibleagáid reachtúil ar mhúinteoirí cláraithe, mar dhaoine sainordaithe, cúiseanna imní a thuairisciú, agus imlínítear thíos na tairseacha sin.

### 4.3.2 Faillí

Sainmhínítear an fhaillí mar "leanbh a fhágáil gan dóthain bia, teasa, éadaí, sláinteachais, maoirseachta, sábháilteachta nó cúraim leighis". Baintear amach an tairseach díobhála ag a mbíonn oibleagáid reachtúil ar mhúinteoir cláraithe mar dhuine sainordaithe tuairisciú chuig Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 nuair a bhíonn eolas, creideamh nó amhras réasúnta aige nó aici go bhfuil faillí déanta ar riachtanais linbh, go bhfuil faillí á déanamh ar riachtanais linbh no go bhfuil an baol ann go ndéanfaí faillí ar riachtanais linbh, faillí chomh mór sin go bhfuil sí tar éis **dul i gcion, nó go bhfuil sí ag dul i gcion nó go bhfuil an dealramh ann go rachaidh sí i gcion ar shláinte, forbairt nó leas an linbh.**

### 4.3.3 Mí-úsáid mhothúchánach/drochíde

Sainmhínítear an drochíde mar: "leanbh a thréigean nó bheith cruálach le leanbh, nó bheith ina cúis le tréigean nó le drochíde chruálach nó chun iad a sholáthar nó chun ligean dóibh tarlú". Clúdaítear an mhí-úsáid mhothúchánach sa sainmhíniú den drochíde as a mbaintear leas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Baintear amach an tairseach díobhála ag a mbíonn oibleagáid reachtúil ar mhúinteoir cláraithe mar dhuine sainordaithe tuairisciú chuig Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 nuair a bhíonn eolas, creideamh nó amhras réasúnta aige nó aici go bhfuil drochíde déanta ar leanbh, go bhfuil drochíde á déanamh ar leanbh no go bhfuil an baol ann go ndéanfaí drochíde ar leanbh, drochíde chomh mór sin go bhfuil sí tar éis **dul i gcion, nó go bhfuil sí ag dul i gcion nó go bhfuil an dealramh ann go rachaidh sí i gcion ar shláinte, forbairt nó leas an linbh.**

### 4.3.4 Mí-Úsáid Chorpartha

Clúdaítear an mhí-úsáid chorpartha insna tagairtí don ionsaí san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Baintear amach an tairseach díobhála, ag a mbíonn oibleagáid reachtúil ar mhúinteoir cláraithe mar dhuine sainordaithe tuairisciú chuig Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 nuair a bhíonn eolas, creideamh nó amhras réasúnta aige nó aici go bhfuil ionsaí déanta ar leanbh, go bhfuil ionsaí á dhéanamh ar leanbh no go bhfuil an baol ann go ndéanfaí ionsaí ar leanbh agus, dá thoradh sin, go bhfuiltear tar éis **dul i gcion, nó go bhfuiltear ag dul i gcion nó go bhfuil an dealramh ann go rachfar i gcion go tromchúiseach ar shláinte, forbairt nó leas an linbh.**

### 4.3.5 Drochúsáid Ghnéasach

Bíonn oibleagáid reachtúil ar mhúinteoir cláraithe mar dhuine sainordaithe tuairisciú chuig Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 nuair a bhíonn eolas, creideamh nó amhras réasúnta aige nó aici go bhfuil drochúsáid ghnéasach déanta ar leanbh, go bhfuil drochúsáid ghnéasach á déanamh ar leanbh no go bhfuil an baol ann go ndéanfaí drochúsáid ghnéasach ar leanbh. Déanfar tuairiscí dá leithéid de réir na riachtanas tuairiscithe atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

Sainmhínítear an drochúsáid ghnéasach atá lena tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do

Leanaí 2015 [arna leasú ag alt 55 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017] mar chion i gcoinne linbh, arna liostú i Sceideal 3 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Leagtar amach liosta iomlán de na cionta ábhartha i gcoinne linbh a mheastar mar dhrochúsáid ghnéasach iad in Aguisín 3 de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus in Aguisín 2 leis na nósanna imeachta seo.

> **Nóta tábhachtach:** Ós rud é go mbaineann gach drochúsáid ghnéasach leis an gcatagóir díobhála a théann i gcion go tromchúiseach ar shláinte, leas nó forbairt linbh, ní mór gach ábhar imní faoin drochúsáid ghnéasach a thaisceadh mar thuairisc shainordaithe chuig Tusla. Tá eisceacht amháin ann, a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach áirithe i measc déagóirí sinsearacha a bhfuil cur síos le fáil uirthi i rannán 4.7 de na nósanna imeachta seo.

## 4.4 Nochtuithe maidir le mí-úsáid a fhaightear ó leanbh nó ó dhuine óg

**4.4.1** Leagtar amach i Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 go mbíonn oibleagáid ar dhaoine sainordaithe, sa chás go bhfaigheann siad nochtadh díobhála ó leanbh atá ag nó os cionn na tairsí díobhála (feic alt 4.3 de na nósanna imeachta seo) tuairisc shainordaithe faoin gcúis imní a dhéanamh chuig Tusla. Deirtear i Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 nach bhfuil aon oibleagáid ar dhaoine sainordaithe fírinne na n-éileamh ná creidiúnacht an linbh a bhreithniú. Más rud é nach mbíonn an t-ábhar imní ag an tairseach atá lena tuairisciú mar ábhar imní sainordaithe ach go bhfuil forais réasúnta ann le himní (mar a chuirtear síos air i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo) tuairisceofar an t-ábhar imní chuig Tusla de réir na gceanglas tuairiscithe i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

**4.4.2** Mínítear i Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 go mb'fhéidir go mbeadh drogall ar dhuine sainordaithe a fhaigheann nochtadh díobhála ó leanbh é sin a thuairisciú, ar roinnt cúiseanna. Mar shampla, b'fhéidir nár mhian leis an leanbh go dtuairisceofaí an nochtadh nó go mbeadh an duine sainordaithe den tuairim go mbeadh an leanbh sábháilte faoin dtráth sin, agus b'fhéidir nár mhian leis an leanbh ná le teaghlach an linbh go mbeadh Tusla gafa leis an scéal. Is ceart, áfach, go mbeadh a fhios ag daoine sainordaithe go bhfuil oibleagáid reachtúil orthu faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ábhair imní dá leithéid a thuairisciú (mar thuairiscí sainordaithe) chuig Tusla. Ina theannta sin, teastaíonn ó Thusla go gcuirfí ar an eolas é faoi gach riosca do leanbh, mar nach ionann leanbh amháin a shábháil ón riosca agus a rá nach bhfuil aon riosca ann do leanbh eile. Tharlódh go mbeadh an t-eolas a bheadh le fáil i nochtadh riachtanach nuair a bheadh Tusla ag meas an riosca a bheadh ann do leanbh eile ag an dtráth seo nó amach anseo.

Ní foláir déileáil le nochtuithe mí-úsáide ó leanbh go híogair agus go gairmiúil agus moltar an cur chuige atá leagtha amach i rannán 3.3.3 de na nósanna imeachta seo mar an cleachtas is fearr chun déileáil leis na nochtuithe seo.

## 4.5 Daoine sainordaithe atá ag obair le haosaigh

**4.5.1** Deirtear in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 nach mór do lucht gairme a bhíonn ag

obair le daoine a bhfuil fadhbanna acu maidir le sláinte mheabhair, míchumas intleachtúil, andúile nó foréigean tí, nó do lucht gairme atá ag cur cóireála ar na daoine sin, agus do lucht gairme atá ag obair insna seirbhísí probhaidh, leas agus sábháilteacht leanbh ar bith i dteaghlach an duine sin agus/nó leanbh ar bith a bhíonn i dteagmháil go rialta leis an duine a chur san áireamh. Féadann lucht gairme dá leithéid a fháil amach go bhfuil díobháil déanta do leanbh ag na daoine lena mbíonn siad ag obair de bharr a n- easpa sláinte agus a n-iompraíochta nó go mb'fhéidir go ndéanfaí díobháil do leanbh dá mbarr sin. Áit a mbíonn ábhar imní ar bith dá leithéid ag múinteoir cláraithe, is ceart go dtuairisceofaí é de réir na riachtanas atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo agus, áit is infheidhme, de réir na riachtanas sainordaithe tuairiscithe i rannán 5.2 de na nósanna imeachta seo.

## 4.6 Déileáil le líomhain shiarghabhálach

**4.6.1** Deirtear in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 go bhféadann aosaigh áirithe mí-úsáid a nochtadh a tharla nuair a bhí siad ina linbh. Féadann nochtuithe dá leithéid teacht amach nuair atá aosach ag dul faoi chomhairliú, nó nuair a bhíonn cóir á cur orthu chun fadhb shláinte shíciatrach a leigheas. Nuair a fhaigheann comhairleoir nó gairmí sláinte nochtadh ó chliant maidir le mí-úsáid nuair a bhí an cliant ina leanbh, is ceart, mar shampla, don chomhairleoir nó don ghairmí sláinte i gceist an t-eolas seo a thuairisciú chuig Tusla, mar go mbeadh an baol ann go mbeadh an mí-úsáideoir líomhnaithe ina bhaol do linbh faoi láthair.

**4.6.2** Moltar in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta, i gcás duine shainordaithe ar bith a chuireann comhairle ar fáil, go mba cheart don duine sainordaithe sin na cliaint a chur ar an eolas, sula gcuirtear tús leis an gcomhairliú, gurb amhlaidh, más rud é go dtagann ceisteanna cosanta leanaí chun cinn agus go bhfuil an déantóir líomhnaithe inaitheanta, nach mór an t-eolas a chur ar aghaidh chuig Tusla. Más rud é nach mbraitheann an cliant ábalta páirt a ghlacadh i bhfiosrúchán ar bith a bheadh ann, féadann bac mór a bheith ar Thusla maidir lena chumas freagairt ar an líomhain shiarghabhálach.

**4.6.3** Níl feidhm ag na hoibleagáidí reachtúla tuairiscithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ach amháin i leith eolais a fuair duine sainordaithe nó a fuair duine sainordaithe fios air ar nó i ndiaidh 11ú Nollaig 2017, is cuma ar tharla an díobháil roimh nó i ndiaidh an phointe ama sin. Is ceart, áfach, ábhar imní réasúnta ar bith maidir le díobháil san am a chuaigh thart, sa chás gur tugadh an t-eolas faoi deara roimh don Acht teacht i bhfeidhm agus go bhfuil riosca féideartha ann do linbh i gcónaí, a thuairisciú de réir na nósanna imeachta (neamhreachtúla) gur den dea-chleachtas iad atá leagtha amach i gcaibidil 5.

## 4.7 Eisceachtaí ón oibleagáid tuairisc shainordaithe a dhéanamh

### 4.7.1 Gníomhaíocht Ghnéasach Áirithe Faoi Bhun Aoise

Faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006 is í 17 bliain aois dhlíthiúil na comhthola. Tá caidreamh gnéasach mar a bhfuil duine de na páirtithe nó an dá pháirtí faoi bhun 17 bliain d'aois in aghaidh an dlí. Tá duine sainordaithe díolmhaithe, áfach, ó thuairisc shainordaithe a dhéanamh chuig Tusla maidir le gníomhaíocht ghnéasach faoi bhun aoise áit a bhfuil critéir shainithe áirithe sásaithe. Leagtar amach an díolúine seo ó

ghníomhaíocht ghnéasach faoi bhun aoise a thuairisciú in Alt 14(3) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Foráltar leis nach gá tuairisc chuig Tusla má tá duine sainordaithe deimhin de go bhfuil na critéir seo a leanas **ar fad** sásaithe:

- Aois idir 15 agus 17 bliain atá ag an leanbh i gceist
- Ní mó an difríocht aoise idir é nó í agus an dara páirtí leis an ngníomhaíocht ghnéasach ná 24 mí
- Níl aon difríocht ábhartha maidir le cumas ná aibíocht idir na páirtithe atá gafa leis an ngníomhaíocht ghnéasach i gceist
- Ní caidreamh imeaglach ná dúshaothraitheach i leith ceachtar de na páirtithe an caidreamh idir na páirtithe atá gafa leis an ngníomhaíocht ghnéasach i gceist **agus**
- Cuireann an leanbh i gceist in iúl don duine sainordaithe nach mian leis nó léi go nochtfaí eolas ar bith faoin ngníomhaíocht le Tusla.

Ciallaíonn sé seo nach mbíonn aon oibleagáid reachtúil ar dhaoine sainordaithe tuairisc shainordaithe a dhéanamh chuig Tusla i leith gníomhaíochta gnéasaí idir linbh dá leithéid a bhfuil aois áirithe acu más rud é go bhfuil na critéir thuas **ar fad** sásaithe. Is ceart a thabhairt faoi deara, áfach, nach mbíonn feidhm ag an díolúine thuas sa chás go gcreideann leanbh go bhfuil díobháil déanta dó nó di, go bhfuil díobháil á déanamh dó nó di nó go bhfuil an baol ann go ndéanfaí díobháil dó nó di agus go nochtann sé nó sí an tuairim sin don duine sainordaithe. Ina theannta sin, ní mór do gach duine, daoine sainordaithe san áireamh, cloí leis an mbunphrionsabal go bhfuil tábhacht ag leas an linbh thar gach ní eile agus má bhíonn ábhar imní ar bith ag duine sainordaithe fiú sa chás go mbíonn na critéir thuas ar fad sásaithe, féadtar tuairisc a dhéanamh chuig Tusla in ainneoin sin is uile. I gcásanna dá leithéid, cloífear leis na nósanna imeachta do thuairisciú atá le fáil i gcaibidil 5.

### 4.7.2 Ábhair imní a thagann chun cinn lasmuigh de dhualgais ghairmiúla

Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid reachtúil tuairisc shainordaithe a dhéanamh faoin Acht ach amháin i leith eolais a éiríonn as fostaíocht nó gairm duine sainordaithe mar dhuine sainordaithe den sórt sin. Níl feidhm aige i leith eolais a fhaightear lasmuigh d’obair an duine sin, nó i leith eolais a thugtar dó nó di ar bhonn pearsanta seachas i gcaidreamh gairmiúil.

Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, cé nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid reachtúil chun tuairisciú ach i leith ábhar imní a éiríonn as fostaíocht nó gairm duine shainordaithe mar dhuine sainordaithe dá leithéid, is ceart do mhúinteoir cláraithe cloí leis an gceanglas (neamhreachtúil) gur den dea-chleachtas é atá leagtha amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus insna nósanna imeachta seo chun gach ábhar imní réasúnta a thuairisciú chuig Tusla is cuma cén áit nó cén chaoi a n-éiríonn sé.

Is den tábhacht é go gcuirfeadh gach múinteoir cláraithe eolas ar na hoibleagáidí reachtúla atá orthu faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ar an treoir atá le fáil sa chaibidil seo.

## 4.8 Na hiarmhairtí a bhaineann le gan tuairisc a dhéanamh

Cé nach leagtar pionóis choiriúla ar dhaoine sainordaithe a mhainníonn tuairisc a

dhéanamh chuig Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 go bhféadann iarmhairtí a bheith ann do dhaoine sainordaithe a mhainníonn tuairisc a dhéanamh. I gcás múinteoirí cláraithe, tá líon áirithe de bhearta riaracháin a d'fhéadfadh Tusla a dhéanamh, dá bhfaighfí amach tar éis fiosrúcháin nach ndearna múinteoir cláraithe tuairisc shainordaithe agus gur fágadh riosca ann do leanbh nó go ndearnadh díobháil do leanbh dá éis sin.

Ina leith sin, leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 go bhféadann Tusla:

(a) gearán a dhéanamh faoin múinteoir cláraithe faoi na forálacha maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh insna hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go 2015.
(b) eolas maidir leis an mainneachtain tuairisc a dhéanamh a chur ar aghaidh chuig Biúró Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. D'fhéadfaí an t-eolas seo a nochtadh d'fhostóirí reatha nó d'fhostóirí amach anseo nuair a bheadh an múinteoir cláraithe á s(h)eiceáil ag an nGarda arís.

## 4.9 Cúnamh sainordaithe

**4.9.1** Foráltar le hAlt 16 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 go bhféadann Tusla iarraidh ar dhuine sainordaithe aon eolas agus cúnamh comhréireach a theastaíonn a chur ar fáil do Thusla ar mhaithe leis an riosca do leanbh a mheas ag éirí as tuairisc shainordaithe. Faoin Acht tá sé mar oibleagáid reachtúil ar gach duine sainordaithe cloí, a luaithe is indéanta, le hiarraidh a bheidh déanta ag Tusla de réir Alt 16 den Acht is cuma cé rinne an tuairisc shainordaithe.

**4.9.2** Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 go n-admhaíonn Tusla na srianta agus na brúnna ama atá ar ghairmithe eile, agus nach mbainfidh siad leas as cúnamh sainordaithe ach amháin nuair is gá agus sa mhéad a theastaíonn i ngach cás sonrach. Féadtar a áireamh le cúnamh sainordaithe iarraidh thar an bhfón tuilleadh eolais a sholáthar, tuairisc labhartha nó scríofa a tháirgeadh nó freastal ar chruinniú. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais i dtaobh cúnaimh shainordaithe, prótacal Thusla chun cúnamh dá leithéid a iarraidh san áireamh, ar shuíomh idirlín Tusla (www.tusla.ie).

## 4.10 Comhroinnt eolais agus an cion nochtadh neamhúdaraithe a dhéanamh

**4.10.1** Ní choisctear leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 roinnt eolais ar bhunús réasúnta, comhréireach ar mhaithe le cosaint leanaí. Tá sé d'údarás ag Tusla eolas maidir le leanbh atá mar ábhar measúnachta riosca a roinnt le duine sainordaithe a bhfuil iarrtha air nó uirthi cúnamh a sholáthar. Caithfidh Tusla gan ach an ní is gá agus is comhréireach a roinnt i dtosca gach cáis ar leith.

**4.10.2** Ní ceadaithe eolas a roinneann Tusla le múinteoir cláraithe, an DIA san áireamh, áit a bhfuil an múinteoir sin ag cúnamh le Tusla measúnacht a chur i gcrích, a roinnt le tríú páirtí mura measann Tusla gur cuí sin, agus mura dtugann sé údarú scríofa gur féidir an t-eolas a roinnt. Tá sé seo de réir prionsabal na cosanta sonraí lena n-aithnítear gur féidir eolas a roinnt i gcúinsí áirithe ar mhaithe leis an gcosaint leanaí, ach go gcaithfidh roinnt dá leithéid

bheith riachtanach agus comhréireach.

**4.10.3** Faoi Alt 17 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 is cion é má nochtann duine do thríú páirtí eolas atá Tusla tar éis a roinnt i gcaitheamh measúnachta a d'éirigh as tuairisc shainordaithe, ach amháin de réir dlí, nó mura bhfuil údarú scríofa tugtha ag Tusla don duine sin déanamh amhlaidh. Má mhainnítear cloí leis an alt seo den Acht, is cion é a bhfuil fíneáil nó príosúnacht ar feadh sé mhí nó an dá rud ag gabháil leis.

**4.10.4** Cosaint ón dliteanas sibhialta áit a dteastaíonn cúnamh sainordaithe Foráltar le hAlt 16 (3) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 go bhfuil duine sainordaithe, lena n-áirítear múinteoir cláraithe a roinn eolas le Tusla de bhun iarrata ar chúnamh sainordaithe a rinne Tusla de réir alt 16 den Acht, cosanta ó dhliteanas sibhialta maidir le roinnt an eolais sin le Tusla.

Tá sé ráite in Alt 16 (3) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015:

'If a mandated person furnishes any information (including a report) document or thing to the Agency pursuant to a request made under subsection (1), the furnishing of that information, document or thing shall not give rise to any civil liability in contract, tort or otherwise and nor shall the information, document or thing be admissible as evidence against that person in any civil or criminal proceedings.'

# Caibidil 5: Ábhair Imní a Thuairisciú

## 5.1 An beart atá le déanamh ag an lucht foirne scoile ar fad (foireann teagaisc agus foireann neamhtheagaisc)

**5.1.1** Má fhaigheann ball ar bith den lucht foirne scoile, múinteoir cláraithe san áireamh, líomhain go bhfuiltear tar éis mí-úsáid nó faillí a dhéanamh ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí déanta ar leanbh, nó go bhfuil an baol ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh (mar atá leagtha amach i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo), nó má tá amhras air nó uirthi gurb amhlaidh atá, tuairisceoidh sé nó sí an cheist chuig an DIA sa scoil sin gan mhoill, is é sin an té atá freagrach as a chinntiú go gcloífear leis na nósanna imeachta do thuairisciú sa chaibidil seo.  Ina theannta sin, tá ceanglas ar mhúinteoirí cláraithe, mar dhaoine sainordaithe, cloí leis na nósanna imeachta ag rannán 5.2 den chaibidil seo.

Déanfaidh an DIA taifead scríofa d'ábhar ar bith a chuirfidh ball de lucht foirne na scoile ar a (h)aire agus fágfar an taifead seo i suíomh sábháilte.  Ní mór do bhaill foirne na scoile uile aird chuí a thabhairt don ghá le rúndacht i gcónaí, de réir mar atá tagairt déanta cheana ag rannán 1.3.11 de na nósanna imeachta seo.  Cuirfear tacaíochtaí na scoile ar fáil don leanbh nó do na leanaí i gceist i gcónaí.

**5.1.2** Áit a mbaineann an líomhain nó an t-ábhar imní leis an DIA, tuairisceoidh an ball foirne scoile an cheist chuig Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta nó, i scoileanna inarb é an BOO (ETB) an fostóir, chuig Príomhfheidhmeannach an BOO i gceist.  I gcásanna dá leithéid, glacfaidh an Cathaoirleach nó an Príomhfheidhmeannach, de réir mar is cuí, an ról a ghlacann an DIA de ghnáth agus cloífidh sé nó sí leis na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i rannán 5.3 den chaibidil seo chun déileáil leis an líomhain nó leis an ábhar imní.  Ina theannta sin, cloífear chomh maith leis an treoir agus leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gcaibidil 7 de na nósanna imeachta seo maidir le líomhaintí drochúsáide atá déanta in aghaidh ball foirne scoile.

**5.1.3** Is ceart chomh maith go mbeadh an lucht foirne scoile ar an eolas i dtaobh cheanglais an Achta um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012.  Tá tuilleadh eolais le fáil ag rannán 1.3.6 de na nósanna imeachta seo.

## 5.2 An beart atá le déanamh áit a bhfuil ábhar imní ag múinteoir cláraithe

**5.2.1** Leagtar amach sa rannán seo na nósanna imeachta tuairiscithe gur ceart don DIA agus don mhúinteoir cláraithe araon cloí leo áit a bhfuil ábhar imní ag múinteoir go bhfuiltear tar éis mí-úsáid nó faillí a dhéanamh ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí déanta ar leanbh, nó go bhfuil an baol ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh.

**5.2.2** Ait a bhfaigheann múinteoir cláraithe líomhain go bhfuiltear tar éis mí-úsáid nó faillí a dhéanamh ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí déanta ar leanbh, nó go bhfuil an baol ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh (mar atá leagtha amach i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo), nó má tá amhras air nó uirthi gurb amhlaidh atá, tuairisceoidh sé nó sí an cheist gan mhoill chuig an DIA.

**5.2.3** Caithfidh an DIA agus an múinteoir cláraithe a mheas sa chéad ásc cé acu an bhfuil nó nach bhfuil forais réasúnta ann le himní (mar atá leagtha amach i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo) maidir le leas agus cosaint an linbh.

**5.2.4** Más amhlaidh go n-aontaíonn an DIA agus an múinteoir araon go bhfuil forais réasúnta ann le himní déanfaidh siad a mheas i gcomhar le chéile ansin an bhfuil an imní i gceist ag an tairseach shainmhínithe díobhála nó os cionn na tairsí díobhála (mar atá leagtha amach i gcaibidil 4 de na nósanna imeachta seo) ag a gcaithfear tuairisc a chur faoi bhráid Thusla mar thuairisc shainordaithe.

**5.2.5** Ba cheart gach imní faoi chosaint agus faoi chumhdach leanaí a thuairisciú do Tusla trí úsáid a bhaint as Tairseach Gréasáin slán Tusla, anseo. Maidir le gach tagairt d'fhoirm thuairiscithe Tusla sa mhír seo agus i míreanna eile, ní mór dóibh siúd atá ag déanamh tuairisce féachaint ar na tagairtí seo mar thagairtí d'úsáid tairseach gréasáin slán Tusla. Más amhlaidh go n-aontaíonn an DIA agus an múinteoir araon go bhfuil an imní i gceist ag an tairseach shainmhínithe díobhála nó os cionn na tairsí díobhála ag a gcaithfear tuairisc shainordaithe a dhéanamh, cuirfidh an DIA agus an múinteoir cláraithe i gceist i gcomhar le chéile an t-ábhar imní, faoi bhráid Thusla, a luaithe is indéanta, mar thuairisc shainordaithe agus foirm thuairiscithe Thusla á húsáid acu. Comhlánófar foirm thuairiscithe Tusla atá le fáil ar shuíomh idirlín Thusla www.tusla.ie chomh cuimsitheach agus is féidir agus cuirfear in iúl léi sa bhealach cuí gur tuairisc shainordaithe í faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

**5.2.6** Áit nach bhfuil an DIA cinnte an ceart ábhar imní a thuairisciú chuig Tusla nó an ceart tuairisc a chur faoi bhráid mar thuairisc shainordaithe, iarrfaidh an DIA comhairle ar Thusla. Is ceart a thabhairt faoi deara go leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 go bhféadann Tusla comhairle a chur ar fáil ina leith seo. Ag dul i gcomhairle le Tusla dó nó di, cloífidh an DIA leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i rannán 5.3.3 de na nósanna imeachta seo. Cuirfidh an DIA in iúl don mhúinteoir cláraithe go bhfuil a leithéid de chomhairle á hiarraidh agus cuirfidh sé nó sí an múinteoir cláraithe ar an eolas maidir leis an gcomhairle a tugadh nuair a bheidh sé faighte.

**5.2.7** Áit a gcomhairlíonn Tusla gur ceart tuairisc shainordaithe a dhéanamh, déanfaidh an DIA agus an múinteoir cláraithe beart de réir na comhairle sin agus cuirfidh an DIA agus an múinteoir cláraithe i gceist tuairisc shainordaithe faoi bhráid Thusla i gcomhar le chéile, a luaithe is indéanta, de réir rannán 5.2.5 de na nósanna imeachta seo.

**5.2.8** I gcás ar bith (an cás ina bhfuil comhairle Thusla iarrtha agus measta ag an DIA san áireamh) ina bhfuil an DIA agus an múinteoir cláraithe deimhin de nach bhfuil an imní i gceist ag an tairseach shainmhínithe díobhála nó os cionn na tairsí díobhála ag a gcaithfear tuairisc shainordaithe a dhéanamh ach go measann siad araon go bhfuil forais réasúnta ann le himní (mar atá leagtha amach i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo) cuirfidh an DIA tuairisc faoin imní chuig Tusla, a luaithe is indéanta, de réir rannán 5.4 de na nósanna imeachta seo. I gcásanna dá leithéid, (i.e. áit a mbíonn an múinteoir cláraithe deimhin de nach bhfuil an t-ábhar imní ag an tairseach díobhála do thuairisc shainordaithe nó os a cionn) níl aon cheanglas ar an múinteoir tuairisc a chur faoi bhráid Thusla.

**5.2.9** I gcás ar bith (an cás ina bhfuil comhairle Thusla iarrtha agus measta ag an DIA san áireamh) ina bhfuil amhras eile ar bith ar an DIA nó ar an múinteoir cláraithe maidir leis an imní i gceist bheith ag an tairseach shainmhínithe díobhála nó os cionn na tairsí díobhála ag a gcaithfear tuairisc shainordaithe a dhéanamh, cuirfidh an DIA nó an múinteoir cláraithe (nó iad araon más infheidhme) an t-ábhar imní faoi bhráid Thusla mar thuairisc shainordaithe de réir na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i rannán 5.4. Áit is infheidhme, cuirfidh an múinteoir cláraithe agus an DIA an tuairisc shainordaithe faoi bhráid i gcomhar le chéile de réir rannán 5.2.5 de na nósanna imeachta seo.

**5.2.10** Áit a bhfuil cinnte ag an DIA gan tuairisc a dhéanamh chuig Tusla nó gan an tuairisc a chur faoi bhráid Thusla mar thuairisc shainordaithe, cuirfidh an DIA in iúl don mhúinteoir cláraithe go bhfuil an rogha ag an múinteoir sin i gcónaí comhairle a lorg ó Thusla agus an t-ábhar imní atá aige nó aici a thuairisciú chuig Tusla má mheasann sé nó sí go bhfuil tuairisc dá leithéid cuí. De réir rannán 5.3.8 áit a bhfuil cinnte ag an DIA gan tuairisc a chur chuig Tusla tabharfar ráiteas soiléir don mhúinteoir cláraithe i scríbhinn maidir leis na cúiseanna le nach bhfuil beart á dhéanamh agus coimeádfaidh an DIA cóip den ráiteas sin. Más amhlaidh, i dtosca dá leithéid, go gcinneann an múinteoir cláraithe ar an imní a thuairisciú chuig Tusla nó an imní a thuairisciú mar thuairisc shainordaithe chuig Tusla, is ceart dó nó di úsáid a bhaint as Foirm Thuairiscithe Thusla atá le fáil ar shuíomh idirlín Thusla www.tusla.ie agus cuirfidh sé nó sí cóip den tuairisc sin ar fáil chomh maith don DIA. Áit a mbaineann an tuairisc sin le duine de lucht foirne na scoile, cuirfidh an DIA an méid sin in iúl don fhostóir (an bord bainistíochta nó an BOO de réir mar is cuí) de réir alt 9 de na nósanna imeachta seo.

**5.2.11 Nóta Tábhachtach do Mhúinteoir Cláraithe:**

> Is ceart do gach múinteoir cláraithe a thabhairt faoi deara go bhfuil an oibleagáid reachtúil tuairisc shainordaithe a dhéanamh chuig Tusla leagtha ar an múinteoir ar leith mar dhuine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus go bhfuil feidhm aige seo is cuma an dtuairiscíonn an DIA an imní i gceist nó nach dtuairiscíonn. Sásaíonn, áfach, múinteoir cláraithe a dhéanann tuairisc shainordaithe chuig Tusla i gcomhar leis an DIA an oibleagáid reachtúil atá air nó uirthi chun tuairisciú chuig Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

**5.2.12** Cuirfear gach tuairisc faoi bhráid Thusla de réir rannán 5.4 de na nósanna imeachta seo.

## 5.3 An beart atá le déanamh ag an DIA

**5.3.1** Leagtar amach sa rannán seo na nósanna imeachta a bhfuil ar an DIA cloí leo áit a gcuirtear ábhair imní maidir le leanbh ar a (h)aire nó áit a bhfuil ábhair imní dá c(h)uid féin ag an DIA maidir le leanbh. Ní mór don DIA a chinntiú go gcloítear i gceart agus go pras leis na ceanglais tuairiscithe atá leagtha amach sa chaibidil seo, na ceanglais maidir le tuairisc shainordaithe a dhéanamh i gcomhar le múinteoir cláraithe san áireamh, áit is infheidhme.

**5.3.2** I gcásanna ina bhfuil ábhair imní ann maidir le leanbh agus go bhfuil an DIA deimhin de go bhfuil forais réasúnta ann le himní (mar atá leagtha amach i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo) déanfaidh sé nó sí an cheist a thuairisciú chuig Tusla láithreach ag cloí dó nó di leis na nósanna imeachta chun tuairisc a dhéanamh atá leagtha amach i rannán 5.4 de na nósanna imeachta seo. Áit a measann an DIA go bhfuil an imní ag an tairseach shainmhínithe díobhála nó os cionn na tairsí díobhála ag a gcaithfear tuairisc shainordaithe a dhéanamh (mar atá curtha síos air i gcaibidil 4 de na nósanna imeachta seo), cuirfidh an DIA an tuairisc i gceist faoi bhráid mar thuairisc shainordaithe. I ngach cás ina bhfuil ábhar imní tugtha ag múinteoir cláraithe chuig an DIA, cloífidh an DIA agus an múinteoir leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach ag rannán 5.2 den chaibidil seo.

**5.3.3** Áit a bhfuil ábhair imní ann maidir le leanbh, ach nach bhfuil an DIA cinnte an ceart an cheist a thuairisciú chuig Tusla nó an ceart tuairisc a chur faoi bhráid Thusla mar thuairisc shainordaithe, iarrfaidh an DIA comhairle ar Thusla. Is ceart a thabhairt faoi deara go bhfuil sé leagtha amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gur féidir le Tusla comhairle a chur ar fáil ina leith seo. Ag iarraidh comhairle ar Thusla dó nó di, beidh an DIA follasach nach bhfuil sé nó sí ach ag iarraidh comhairle agus comhairlithe agus nach bhfuil sé nó sí ag déanamh tuairisce. Ag an gcéim neamhfhoirmeálta seo ní gá don DIA sonraí sainaitheanta a thabhairt.

I ngach cás ina mbeidh comhairle iarrtha ag an DIA ar Thusla coimeádfaidh an DIA taifead den chomhairliú ina nótálfar an dáta, ainm an oifigigh de chuid Thusla agus an chomhairle a tugadh. Is ceart a thabhairt faoi deara, mar atá leagtha amach i rannán 5.2.6, más rud é gur múinteoir cláraithe a chuir an imní ar aire an DIA, cuirfidh an DIA in iúl don mhúinteoir cláraithe go bhfuil comhairle Thusla á hiarraidh agus cuirfidh an DIA an múinteoir cláraithe ar an eolas maidir leis an gcomhairle nuair a bheidh sí faighte.

Áit a gcomhairlíonn Tusla tuairisc a dhéanamh mar thuairisc shainordaithe, déanfaidh an DIA beart de réir na comhairle sin (agus áit is infheidhme cuirfear an tuairisc seo faoi bhráid i gcomhar leis an múinteoir cláraithe i gceist de réir rannán 5.2.5 de na nósanna imeachta seo).

**5.3.4** I gcás ar bith ina bhfuil an DIA deimhin de nach bhfuil an imní ag an tairseach shainmhínithe díobhála nó os cionn na tairsí díobhála ag a gcaithfear tuairisc shainordaithe a dhéanamh ach go measann sé nó sí gur imní réasúnta atá ann cuirfidh sé nó sí an tuairisc chuig Tusla de réir rannán 5.4 de na nósanna imeachta seo.

**5.3.5** I gcás ina bhfuil amhras eile ar bith ar an DIA maidir leis an imní i gceist bheith ag an tairseach shainmhínithe díobhála nó os cionn na tairsí díobhála ag a gcaithfear tuairisc shainordaithe a dhéanamh, cuirfidh an DIA an imní faoi bhráid Thusla mar thuairisc shainordaithe de réir na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach sa chaibidil seo, iad sin a bhaineann le tuairisciú i gcomhar le múinteoir cláraithe san áireamh, áit is infheidhme, mar atá leagtha amach i rannán 5.2.5 de na nósanna imeachta seo.

**5.3.6** Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gur den dea-chleachtas é cur in iúl don tuismitheoir/cúramóir go bhfuiltear ag déanamh tuairisce maidir lena leanbh agus na cúiseanna leis an gcinneadh leis an tuairisc a dhéanamh. Foráltar in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 nach gá cur in iúl don tuismitheoir/cúramóir go bhfuiltear ag déanamh tuairisce:

(a) má bheidh riosca eile ann do leanbh má dhéantar amhlaidh nó
(b) i gcásanna ina bhféadfadh eolas an teaghlaigh ar an tuairisc baint de chumas Thusla measúnacht riosca a chur i gcrích nó
(c) má tá an tuairisceoir den tuairim réasúnta go mbeidh an tuairisceoir i mbaol díobhála ón teaghlach má dhéantar amhlaidh.

Dá réir sin, is ceart do DIA ar bith atá ag cur tuairisce faoi bhráid Thusla a chur in iúl don tuismitheoir/cúramóir go bhfuiltear ag déanamh tuairisce maidir lena leanbh agus na cúiseanna leis an gcinneadh leis an tuairisc a dhéanamh ach amháin sa chás go bhfuil feidhm ag ceann ar bith de na coinníollacha ag (a) go (c) thuas. I gcás ar bith ina mbíonn múinteoir cláraithe ag cur tuairisce faoi bhráid Thusla, is é an DIA, seachas an múinteoir i gceist, a bheidh freagrach as an tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas.

Déanfar taifead den eolas a chuir an DIA ar fáil don tuismitheoir/cúramóir. Taifeadfar cinneadh de chuid an DIA gan tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas mar aon leis na cúiseanna le gan déanamh amhlaidh.

**5.3.7 Nóta tábhachtach don DIA:**

Áit a bhfuil aon amhras ar an DIA maidir le tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas faoi thuairisc a bheith á déanamh chuig Tusla, iarrfaidh an DIA comhairle ar Thusla.

**5.3.8** Má chinneann an DIA nach ceart ábhar imní duine de lucht foirne na scoile, ábhar imní ag múinteoir cláraithe san áireamh, a thuairisciú chuig Tusla tabharfaidh an DIA ráiteas soiléir i scríbhinn maidir leis na cúiseanna nach bhfuil aon bheart á dhéanamh don duine den lucht foirne scoile. Is ceart don DIA cóip den ráiteas seo a choimeád.

Is ceart don DIA a chur in iúl don duine den lucht foirne scoile chomh maith, sa chás go bhfuil imní air nó uirthi i gcónaí maidir leis an scéal, go bhfuil cead aige nó aici dul i gcomhairle le Tusla nó tuairisc a chur chuig Tusla. Má chinneann an duine den lucht foirne scoile an imní a thuairisciú chuig Tusla is ceart dó nó di úsáid a bhaint as Foirm Thuairiscithe Thusla atá le fáil ar shuíomh idirlín Thusla www.tusla.ie. Cuirfidh an duine den lucht foirne scoile cóip den tuairisc sin ar fáil don DIA. Áit a mbaineann an tuairisc sin le duine den lucht foirne scoile, cuirfidh an DIA an fostóir ar an eolas (an bord bainistíochta/BOO mar is cuí) de réir alt 9 de na nósanna imeachta seo.

**5.3.9** Cuirfear gach tuairisc faoi bhráid Thusla de réir rannán 5.4 de na nósanna imeachta seo.

## 5.4 Tuairisc a dhéanamh chuig Tusla

**5.4.1** Féadtar ábhar imní a chur in iúl ar dtús do Thusla go pearsanta, bíodh sé sin ar an bhfón nó i scríbhinn, chuig an tseirbhís dhualgais áitiúil oibre sóisialta sa cheantar ina bhfuil cónaí ar an leanbh.

De ghnáth bíonn sé níos fóintí má dhéanann daoine gur mian leo ábhair imní faoi mhí-úsáid leanaí teagmháil phearsanta le Tusla. Éascóidh sé seo leis an oibrí sóisialta dualgais a mhéid eolais is féidir a chruinniú maidir leis an leanbh agus a t(h)uismitheoirí/cúramóirí.

**5.4.2** Is féidir teagmhálacha náisiúnta do Thusla a fháil ar shuíomh idirlín Thusla www.tusla.ie. Is ceart do gach aon scoil bheith ar an eolas faoi na sonraí teagmhála d'fhoireann Thusla ina ceantar nó ina réigiún féin.

**5.4.3** I gcás imní ar bith (is cuma ar cuireadh an imní sin in iúl ar dtús go pearsanta, ar an bhfón nó i scríbhinn do cheachtar acu Tusla nó an Garda Síochána), comhlánaítear Foirm Thuairiscithe Thusla atá le fáil ar shuíomh idirlín Thusla www.tusla.ie agus cuirtear ar aghaidh í chuig Tusla a luaithe is féidir ina dhiaidh sin. Cé gur féidir nach mbeadh an t-eolas ar fad a iarrtar ar fáil don duine atá ag déanamh na tuairisce, comhlánaítear Foirm Thuairiscithe Thusla chomh cuimsitheach agus is féidir.

**5.4.4** Ba cheart gach imní faoi chosaint agus faoi chumhdach leanaí a thuairisciú do Tusla trí úsáid a bhaint as Tairseach Gréasáin slán Tusla, anseo. Más rud é, ar chúis éigin, nach bhfuil an tuairisceoir in ann rochtain a fháil ar Thairseach Gréasáin Tusla, is féidir an tuairisc a dhéanamh trí Fhoirm Thuairiscithe Tusla um Chosaint agus Leas Leanaí a íoslódáil agus ba chóir í a chur ar aghaidh chuig Pointe Teagmhála Tiomnaithe Tusla don cheantar ina bhfuil cónaí ar an leanbh, tríd an bpost cláraithe. Sa chás go bhfuil gá le hidirghabháil phráinneach chun sábháilteacht linbh a chinntiú, ní mór tuairisc a chur chuig Tusla ar an nguthán chuig an bPointe Teagmhála Tiomnaithe. Ba cheart tuairisc scríofa a dhéanamh ina dhiaidh sin tríd an Tairseach Gréasáin nó tríd an bpost cláraithe, mar a luadh thuas. I gcás éigeandála agus murar féidir dul i dteagmháil le hoibrí sóisialta ní mór teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána. Maidir le gach modh tuairiscithe, beidh an rogha ann do dhaoine sainordaithe a chur in iúl an tuairisc shainordaithe í nó nach ea.

**5.4.5** Ní ceart i dtosca ar bith leanbh a fhágáil i staid ina bhfuil sé nó sí gan chosaint ó dhíobháil nó riosca na díobhála go dtí go ndéanfaidh Tusla idirghabháil sa scéal. **Má mheastar go bhfuil riosca láithreach ann do leanbh agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, is ceart teagmháil a dhéanamh leis An nGarda Síochána gan mhoill.**

**5.4.6** Is ceart do dhaoine sainordaithe a thabhairt faoi deara chomh maith –

(a) Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ceanglaítear ar dhaoine sainordaithe tuairisc scríofa a dhéanamh a luaithe is indéanta agus úsáid á baint acu as Foirm Thuairiscithe Thusla. Is ceart don duine sainordaithe a chur in iúl, sa mbealach a iarrtar ar an bhfoirm gur tuairisc shainordaithe an tuairisc faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

(b) Cuirfear admháil fhoirmiúil fáltais amach ó Thusla i leith gach tuairisce sainordaith ó dhuine atá údaraithe ag Tusla.

(c) Níl aon cheanglas ar dhaoine sainordaithe an imní chéanna a thuairisciú níos minice ná uair amháin. Déantar tuairisc eile, áfach, má fhaigheann duine sainordaithe aon eolas eile.

(d) Ina theannta sin, níl aon cheanglas ar dhuine sainordaithe tuairisc a dhéanamh áit gurb é

atá mar bhonn leithleach leis an eolas, creideamh nó amhras maidir le díobháil ná eolas a fuair an duine sin, nó a tugadh nó a cuireadh in iúl don duine sin,

(1) ó dhuine sainordaithe eile go bhfuil tuairisc déanta chuig Tusla i leith an linbh i gceist nó
(2) ó dhuine nach duine sainordaithe é nó í, ag a bhfuil tuairisc déanta i gcomhar le duine sainordaithe, go bhfuil tuairisc déanta chuig Tusla i leith an linbh i gceist, nó
(3) agus an duine sin i mbun cúnamh a thabhairt do Thusla chun imní a mheasúnú.

(e) Áit a dtuigeann nó a gcreideann nó a bhfuil forais réasúnta amhrais ag duine sainordaithe, ag feidhmiú dó nó di i gcaitheamh na fostaíochta nó na gairme, go bhfuil leanbh i mbaol díobhála láithrí agus gur ceart é nó í a thabhairt chuig áit sábháilteachta, is ceart dó nó di tuairisc a chur chuig Tusla gan úsáid a bhaint as Foirm Thuairiscithe Thusla. I gcásanna dá leithéid, ní mór Foirm Thuairiscithe Thusla a chur faoi bhráid a luaithe is féidir ina dhiaidh sin ach i gcaoi ar bith tráth nach déanaí ná 3 lá tar éis don chéad tuairisc a bheith déanta.

**5.4.7** Tá eolas faoi ról Thusla agus ar an rud a tharlaíonn tar éis do thuairisc a bheith déanta le fáil i gcaibidil 6 de na nósanna imeachta seo.

## 5.5 An Bord Bainistíochta /an Fostóir a chur ar an eolas

**5.5.1** Ag gach cruinniú den bhord bainistíochta, beidh Tuairisc faoin Mhaoirseacht ar Chosaint Leanaí san áireamh i dtuairisc an Phríomhoide chuig an mBord agus áireofar inti eolas faoi 4 cheannteideal mar seo a leanas -

(1) Líomhaintí drochúsáide a rinneadh in aghaidh baill de lucht foirne na scoile
(2) Ábhair imní eile maidir le cosaint leanaí i leith daltaí sa scoil (i.e. ábhair imní nach mbaineann le líomhain ar bith drochúsáide in aghaidh baill de lucht foirne na scoile)
(3) Ábhair imní eile maidir le cosaint leanaí a éiríonn as iompraíocht bulaíochta líomhnaithe i measc na ndaltaí agus
(4) Achoimre ar na sonraí maidir le tuairisciú.

Leagtar amach an t-eolas atá le soláthar faoi gach ceann de na ceannteidil thuas ag rannáin 9.5 go 9.8 de na nósanna imeachta seo.

**5.5.2** Áit a ndéantar líomhain drochúsáide in aghaidh baill de lucht foirne na scoile, cuirfidh an DIA in iúl don fhostóir i gcónaí é (an bord bainistíochta nó an BOO de réir mar is cuí) de réir alt 9 de na nósanna imeachta seo. Bíonn feidhm aige seo is cuma an bhfuil an scéal á thuairisciú chuig Tusla nó nach bhfuil. Ina theannta sin, cloífear chomh maith leis na nósanna imeachta cuí maidir le líomhaintí drochúsáide a dhéanfar in aghaidh baill de lucht foirne na scoile atá leagtha amach i gcaibidil 7 de na nósanna imeachta seo.

## 5.6 Ábhar imní ardaithe ag tuismitheoir faoi bhall den lucht foirne scoile

**5.6.1** Áit a ndéanann tuismitheoir dalta sa scoil líomhain drochúsáide (mar a chuirtear síos air i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo) in aghaidh baill de lucht foirne na scoile cloífidh an DIA agus an bord bainistíochta de réir mar is infheidhme leis na nósanna imeachta breise seo a leanas:

**5.6.2** Eiseoidh an DIA, laistigh de 10 lá scoile ón líomhain a bheith déanta ag an tuismitheoir (bíodh sin chuig an DIA, chuig an bord bainistíochta nó chuig ball eile de lucht foirne na scoile) fógra scríofa chuig an tuismitheoir i gceist ina leagfar amach:

(a) de réir cheanglas na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017

1. go bhfuil an scéal tuairiscithe ag an DIA chuig Tusla nó
2. go bhfuil comhairle iarrtha maidir leis an scéal ó Thusla ag an DIA agus de bhun na comhairle sin nár tuairiscíodh an scéal chuig Tusla nó
3. gur chinn an DIA nárbh fhorais réasúnta imní a bhí ann de réir mar atá leagtha amach faoi na nósanna imeachta seo agus nár ghá é a thuairisciú chuig Tusla mar sin agus gur mar seo a leanas a bhí na cúiseanna leis an gcinneadh sin,

(b) go bhfuil sé de rogha ag an tuismitheoir i gceist dul i dteagmháil go díreach le Tusla maidir leis an scéal, más mian leis an tuismitheoir déanamh amhlaidh agus,

(c) go gcaithfear déileáil le líomhain ar bith drochúsáide (mar a chuirtear síos air sin i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo) in aghaidh baill de lucht foirne na scoile a bheidh tuairiscithe chuig Tusla faoi na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gcaibidil 7 "Líomhaintí nó Amhrais faoi Dhrochúsáid Leanaí i leith Fostaithe Scoile" de na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus, de réir mar is infheidhme, faoi na nósanna imeachta araíonachta cuí d'fhostaithe agus nach ndéileálfar leo mar sin faoi nósanna imeachta na scoile do ghearáin ó thuismitheoirí.

**5.6.3** I gcás ar bith nach mbíonn an fógra scríofa ón DIA dá dtagraítear ag rannán 5.6.2 faighte ag an tuismitheoir laistigh den amlíne riachtanach, féadann an tuismitheoir an cheist a ardú go díreach leis an DIA. Mura mbíonn an fógra scríofa faighte ag an tuismitheoir laistigh de 5 lá scoile ón uair a ardaíodh an cheist leis an DIA, féadann an tuismitheoir fógra scríofa a thabhairt don bhord bainistíochta faoi seo. I gcúinsí dá leithéid, ordóidh an bord bainistíochta don DIA a chinntiú go n-eiseofar fógra chuig an tuismitheoir ina mbeidh fáil ar an eolas atá sainithe i rannán 5.6.2 de na nósanna imeachta seo laistigh de 10 lá scoile ón uair a fuair an bord bainistíochta fógra scríofa an tuismitheora.

**5.6.4** Áit a ndéanann tuismitheoir dhalta sa scoil líomhain drochúsáide in aghaidh an DIA, glacfaidh Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta nó, i scoileanna inarb é an BOO an fostóir, an Príomhfheidhmeannach an ról a bhíonn de ghnáth ag an DIA faoi rannán 5.6 agus cloífidh sé/sí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach thuas.

## 5.7 Leanaí a aistríonn ó scoil amháin go scoil eile

Áit a n-aistríonn leanbh ó scoil nó áit a bhfágann leanbh scoil (aistriú ó bhunscoil go hiar-bhunscoil san áireamh) agus gur eol don DIA go ndearnadh tuairisc chosanta linbh chuig Tusla maidir leis an leanbh sin san am a chuaigh thart, is ceart don DIA Tusla a chur ar an eolas maidir le haistriú/bogadh an linbh.

# Caibidil 6: Ról Tusla agus an Gharda Síochána

## 6.1 Aidhm

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar ról Thusla agus An Gharda Síochána agus tá sé bunaithe ar Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017.

## 6.2 Tusla

An 1 Eanáir 2014, rinneadh aonán dlíthiúil de Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Rinne sé codanna de thrí iarchomhlacht reachtúla a chumasc: Seirbhísí do Leanaí agus don Teaghlach, an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, agus an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais. Tá freagracht ar Tusla as seirbhísí leasa agus cosanta leanaí, tacaíocht teaghlaigh, leas oideachais agus as réimse seirbhísí eile, ina measc siúd a bhaineann le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe.

Is iad príomhfheidhmeanna Tusla, faoi mar a leagtar amach san Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, ná an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le forbairt, leas agus cosaint leanaí, agus le feidhmiú éifeachtach teaghlach agus iad a chur chun cinn.
- Cúram agus cosaint a chur ar fáil do leanaí faoi chúinsí nach raibh, nó sa chás gur neamhdhóchúil go raibh, a dtuismitheoirí in ann an cúram sin a sholáthar a theastaíonn ó leanbh. Chun na freagrachtaí seo a chomhlíonadh, ceanglaítear ar Tusla chun na seirbhísí a choimeád agus a fhorbairt a theastaíonn chun na tacaíochtaí seo a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh, agus seirbhísí áirithe a sholáthar ar mhaithe le leas síceolaíoch leanaí agus a dteaghlach.
- Bheith freagrach as a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh sa Stát ar scoil nó go gcuirtear oideachas orthu, ar bhealach eile, agus seirbhísí leasa oideachais a sholáthar chun tacú le agus monatóireacht a dhéanamh ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí san oideachas.
- A chinntiú gur sárleasa an linbh atá mar threoir do gach cinneadh a dhéanann difear do leanaí aonair.
- Dul i gcomhairle le leanaí agus le teaghlaigh chun cabhrú le beartais agus seirbhísí Tusla a mhúnlú.
- Comhoibriú idirghníomhaireachta a threisiú d'fhonn seirbhísí gan uaim a chinntiú a fhreagraíonn do riachtanais.
- Tabhairt faoi thaighde a baineann lena fheidhmeanna, agus faisnéis agus comhairle a sholáthar don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi na feidhmeanna siúd.
- Seirbhísí do leanaí agus an teaghlach a choimisiúnú.

Is é ról sonrach Tusla chun leas leanaí a chur chun cinn ar baol dóibh nach gcuirfear cúram agus cosaint leordhóthanach ar fáil dóibh. Faoin Acht um Chúram Leanaí 1991, tá oibleagáid ar Tusla faisnéis a chomhordú ó gach foinse ábhartha faoi leanbh a bhféadfadh nach bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach á bhfáil aige/aici. Má dheimhnítear nach

bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach á bhfáil ag leanbh, tá dualgas ar Tusla chun dul i mbun an ghnímh chuí chun leas an linbh a chur chun cinn. D'fhéadfaí a áireamh leis seo, tacú le teaghlaigh óna dteastaíonn cabhair chun cúram agus cosaint a sholáthar dá leanaí.

Glactar leis, gur fearr a éiríonn le leanbh, go ginearálta, ina t(h)eaghlach féin. Más féidir, ar chor ar bith, cuirfear tacaíocht ar fáil don leanbh agus don teaghlach chun aon deacrachtaí a shárú agus lena chinntiú go bhfuil an leanbh sábháilte. Ní bhaintear leanbh óna t(h)eaghlach ach mar rogha dheiridh, agus ach amháin mura féidir an leanbh a choimeád sábháilte laistigh de shuíomh an teaghlaigh. Le cúnamh ó sheirbhísí tacaíochta pobail nó teaghlaigh, is féidir le tromlach na dteaghlach na hathruithe riachtanacha a dhéanamh le sábháilteacht a linbh a chinntiú, agus ní theastóidh idirghabháil oibre sóisialta uathu.

## 6.3 An rud a tharlaíonn tar éis imní a bheith tuairiscithe chuig Tusla

Tá oibleagáid reachtúil ar Thusla gach tuairisc ar leas leanaí agus ábhair imní maidir le cosaint leanaí a mheas. Oibríonn Tusla trí fhoirne dualgais d'oibrithe sóisialta a gcuirtear tuairiscí um chosaint leanaí faoina mbráid, a dhéanann measúnú ar agus a thugann tús áite d'atreoruithe agus a sholáthraíonn idirghabháil do leanaí agus dá dteaghlaigh. Déileálann gach foireann leis na hábhair imní a thagann chun solais ina gceantar tíreolaíochta ar leith trí thagairt a dhéanamh do sheoladh baile an linbh. Is féidir leat teacht ar shonraí teagmhála le haghaidh gach foirne ar shuíomh idirlín Thusla (www.tusla.ie).

Má thagtar ar ábhair imní tar éis na seiceálacha tosaigh, déanfar measúnú eile lena ndéanfar imscrúdú sonraithe ar thosca an linbh agus an teaghlaigh. Má bhíonn ábhair imní ann nach mbaineann cosaint leanaí leo atreorófar an teaghlach chuig na seirbhísí cuí pobail agus teaghlagh. Mura bhfaightear ábhair imní ar bith taifeadtar an t-eolas a cruinníodh agus coimeadtar ar chomhad rúnda é áit a scrúdófar é má thagann ábhair imní eile nó tuilleadh eolais chun cinn.

## 6.4 Fáil na himní ag Tusla

Cuirtear ábhair imní in iúl do Thusla i bpearsan, ar an bhfón, ar ríomhphost nó i scríbhinn. Is é an chéad rud ar a mbreithnítear maidir le atreorú ná sábháilteacht láithreach an linbh. Caitheann oibrithe sóisialta Tusla a gcuirtear imní in iúl dóibh le hábhair imní faoi leas agus cosaint leanaí mar ábhar tromchúiseach, is cuma cén fhoinse a bhíonn acu agus is cuma an mar thuairisc shainordaithe a cuireadh an tuairisc faoi bhráid nó nárbh ea. Déanann Tusla athbhreithniú ar thuairiscí cinneadh a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad oiriúnach do sheirbhísí leasa agus cosanta Tusla agus, má tá, cén idirghabháil atá oiriúnach chun freastal ar riachtanais an linbh agus a dteaghlaigh.

Mura n-oireann an imní do sheirbhísí leasa agus cosanta Tusla, tabharfaidh Tusla faisnéis agus comhairle faoi na bealaí is cuí chun dul i ngleic le riachtanais an linbh agus a dteaghlaigh.

Nuair a fhaigheann Tusla tuairisc maidir le leanbh, admhálfaidh sé í de ghnáth agus féadann sé dul i dteagmháil leis an tuairisceoir chun tuilleadh eolais a fháil, más gá. Ceanglaítear ar POF Thusla leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 daoine údaraithe a cheapadh, de réir mar atá leagtha amach in alt 15 den Acht chun tuairiscí sainordaithe a fháil agus bíonn oibleagáid ar dhaoine údaraithe Thusla gach tuairisc shainordaithe a fhaigheann siad a admháil i scríbhinn.

## 6.5 Seiceálacha tosaigh ag Tusla

Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 go seiceálfaidh oibrí sóisialta, nuair a bheidh tuairisc faighte, lena fheiceáil an ann do thaifead ar aon teagmháil a rinneadh roimhe seo le teaghlach an linbh. Anuas air sin, féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh le gairmithe eile (ar nós an dochtúra ghinearálta, an mhúinteora, an altra sláinte poiblí, an teiripeora urlabhra agus teanga, an oibrí cúraim leanaí, an oibrí tacaíochta teaghlaigh, an tsíceolaí) lena dheimhniú an bhfuil aon ábhair imní orthu faoin leanbh seo. Is é aidhm an phróisis seo chun cabhrú leis an oibrí sóisialta tuiscint a fháil ar stair agus cúinsí an linbh, riachtanais nár freastalaíodh orthu a shainaithint, agus a dheimhniú an ann do bhaol go ndéanfar díobháil don leanbh. Cuirfidh seo ar chumas an oibrí shóisialta cinneadh a dhéanamh faoin bhfreagairt is cuí.

Mura dtagtar ar aon ábhair imní faoi chosaint nó leas leanaí, cuirtear an fhaisnéis a bailíodh i dtaifead agus coimeádtar í i gcomhad rúnda. Is féidir le hoibrithe sóisialta Thusla an comhad seo a athbhreithniú má thagann ábhair imní breise aníos nó má thagann faisnéis bhreise chun cinn. Má thagtar ar ábhair imní i ndiaidh na seiceálacha tosaigh, tabharfar faoi mheasúnú breise, measúnú ina measc ar gach gné de chúinsí an linbh agus an teaghlaigh chun aon idirghabháil riachtanach a shainaithint. Ag brath ar an leibhéal riachtanais nó riosca i leith mí-úsáide a shainaithnítear, is gnách go mbeidh seirbhísí tacaíochta teaghlaigh nó idirghabháil fhoirmiúil oibre sóisialta i gceist le hidirghabháil, go ginearálta.


## 6.6 Measúnú oibre sóisialta i leith imní

Má dhéantar an cinneadh go dteastaíonn measúnú, déanfaidh an t-oibrí sóisialta teagmháil leis an teaghlach chun a gcomhoibriú a iarraidh chun tabhairt faoi scrúdú ar riachtanais an linbh agus an teaghlaigh. Is é an cuspóir oibriú i gcomhoibriú le tuismitheoirí nó caomhnóirí chun na tacaíochtaí nó idirghabháil chuí a dheimhniú sábháilteacht agus leas an linbh a chinntiú.

Tá roinnt torthaí féideartha ann ar mheasúnú an oibrí shóisialta:

- Tá an cás dúnta maidir le Tusla. Mar shampla, ní oireann sé do sheirbhísí leasa agus cosanta leanaí Tusla nó níor thángthas ar aon riachtanas nár freastalaíodh air nó aon riosca i leith an linbh. Sa chás gur cuí, is féidir an cás a atreorú chuig seirbhís tacaíochta nó sainseirbhís eile nach oibríonn Tusla (m.sh. meitheal, seirbhísí meabhairshláinte nó míchumais).
- Is féidir leis an oibrí sóisialta seirbhís tacaíochta teaghlaigh a thosú má thugann thugtar le fios sa mheasúnú go bhfuil riachtanais nár freastalaíodh orthu ag an leanbh, ach nach bhfuil riosca díobhála ina leith. Soláthraíonn agus oibríonn Tusla le réimse seirbhís tacaíochta pobalbhunaithe a sholáthraíonn tacaíochtaí praiticiúla do leanaí agus tuismitheoirí.
- Deimhnítear go bhfuil riachtanais ag an leanbh óna dteastaíonn freagairt agus idirghabháil atá faoi stiúir obair shóisialta Tusla.
- Tá imní ann faoi mhí-úsáid leanaí a dteastaíonn freagairt agus idirghabháil oibre sóisialta um chosaint leanaí ag Tusla. Sa chás go meastar gurb ionann an díobháil agus drochíde, cuirtear an bhuairt in iúl do na Gardaí. Féadtar Comhdháil um Chosaint Leanaí a shocrú agus féadtar an leanbh a liostú ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí.

## 6.7 Freagairt Tusla ar imní:




## 6.8 Ábhair imní a dteastaíonn seirbhísí tacaíochta teaghlaigh mar fhreagairt orthu

Ní bhainfidh go leor tuairiscí a dhéantar le Tusla le baol maidir le cosaint leanaí i leith an linbh, ach tabharfaidh sé le fios go dteastaíonn cabhair ó na tuismitheoirí/caomhnóirí mar gheall nach bhfuiltear ag freastal go leordhóthanach ar riachtanais linbh. Tá réimse gairmithe ag Tusla a chuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil do theaghlaigh. Áirítear leo oibrithe tacaíochta teaghlaigh, oibrithe sóisialta, teiripeoirí teaghlaigh, foireann chúraim shóisialta, teiripeoirí súgartha agus oibrithe óige. Cabhraíonn na gairmithe seo le teaghlaigh oibriú trí shaincheisteanna deacra, a chinntiú go bhfuil timpeallacht chobhsaí ag leanaí le cónaí inti, agus tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí a bhfuil sé ag dul dian orthu deacrachtaí a shárú.

Sa chás go dtagann an bhuairt a tugadh le fios faoin tairseach le haghaidh idirghabháil um chosaint leanaí ag Tusla, ach b’fhéidir go rachadh seirbhísí eile chun sochair an teaghlaigh, féadtar Plean Leasa Leanaí/Tacaíochta Teaghlaigh a chur le chéile. Tabharfar cuntas ann ar na bearta a bhfuiltear le tabhairt fúthu chun tacú leis an leanbh agus an teaghlach. Is éard a d’fhéadfadh bheith i gceist leis ná cabhrú leis an tuismitheoir trí obair dhíreach duine ar dhuine, samhlú agus cúnamh tuismitheora, clár súgartha nó tar éis am scoile don leanbh, nó tacaíocht phraiticiúil, ar nós cabhair baile a shocrú nó duine a atreorú go ndéanfar na measúnuithe cuí orthu. D’fhéadfaí a áireamh leis seo measúnú síceolaíoch nó síciatrach a dhéanamh ar an leanbh agus/nó an tuismitheoir i dtaobh fadhbanna meabhairshláinte nó andúile.

## 6.9 Ábhair imní a bhfuil gá le hidirghabháil cosanta leanaí ag gabháil leo

Sa chás go sainaithnítear ábhair imní tromchúiseacha faoi bhaol leanúnach maidir le díobháil shuntasach le linn an mheasúnaithe agus na n-idirghabhálacha, nó sa chás go bhfuil ábhair imní ar oibrí sóisialta nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh faoin bPlean Leasa Leanaí/Tacaíochta Teaghlaigh, cuirtear plean gnímh le chéile. Déantar seo trí dhul i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus na gairmithe cuí chun leas agus sábháilteacht an linbh a chosaint. Cuirfear Comhdháil um Chosaint Leanaí ar bun chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu an gá nó nach gá ainm an linbh a chur ar an gCóras Fógartha um

Chosaint Leanaí (CPNS) agus, má chuirfear, chun comhaontú a dhéanamh ar Phlean um Chosaint Leanaí. De ghnáth, tugtar cuireadh do thuismitheoirí freastal ar an gComhdháil um Chosaint Leanaí, murab ann d'ábhair imní go gcruthófaí baol breise don leanbh trí amhlaidh a dhéanamh.  Tá eolas eile don lucht foirne scoile maidir le freastal ar Chomhdháil um Chosaint Leanaí le fáil i rannán 6.12 de na nósanna imeachta seo.

## 6.10 Córas Fógartha um Chosaint Leanaí

Bunachar sonraí slán is ea an Córas Fógartha um Chosaint Leanaí (CPNS) ina gcuimsítear taifead ar na leanaí go léir a bhain an tairseach amach go bhfuil baol leanúnach ina leith go ndéanfar díobháil shuntasach dóibh agus go a bhfuiltear buartha go leanúnach faoi chosaint an linbh. Tá liosta ann chun cabhrú le grúpa beag de ghairmithe ábhartha chun cinntí a dhéanamh faoi shábháilteacht linbh. Níl rochtain ar an CPNS ach ag oibrithe sóisialta Thusla, comhaltaí an Gharda Síochána, dochtúirí ginearálta lasmuigh d'uaireanta agus foireann leighis, oibre sóisialta nó altranais. Maidir le tuismitheoir, tabharfar fógra dó nó di má tá ainm a linbh ar an CPNS. Nuair a chinntear nach bhfuil baol leanúnach i leith an linbh ann a thuilleadh, athrófar taifead an linbh ó ghníomhach go dtí éighníomhach.

## 6.11 Plean um Chosaint Leanaí

Baineann an Plean um Chosaint Leanaí leis na leanaí siúd atá liostaithe ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí. Liosta é de ghníomhartha a chabhraíonn leis an riosca i leith díobháil a dhéanamh don leanbh a laghdú agus chun a leas a chur chun. Soiléirítear sa phlean na bearta a bhfuiltear le tabhairt fúthu agus cé atá freagrach as gach cuid den phlean. Leanann leanaí ar cuireadh Pleananna um Chosaint Leanaí i dtoll a chéile dóibh ag cónaí sa bhaile, mura ndeimhnítear go bhfuil an leanbh i mbaol go leanúnach, nó má mheastar nach bhfuil ag éirí leis an bPlean um Chosaint Leanaí. D'fhéadfadh cinneadh eascairt as na cásanna seo chun an leanbh a bhaint ón mbaile.

Tá Tusla tiomanta do chinntiú go dtacaítear le leanaí chun cónaí sa bhaile lena dteaghlaigh, i ngar dá gcairde agus scoileanna, agus laistigh dá bpobail féin. Ní bhaintear leanaí ó shuíomh a mbaile ach nuair a chruthaigh Tusla an tuairim, ar a laghad don am i láthair, nach féidir a sláinte, forbairt nó folláine a chinntiú ar bhealach eile.

Is gnách go ndéantar seo trí chomhaontú leis na tuismitheoirí. Sa chás nach féidir comhaontú a bhaint amach, áfach, déanfaidh Tusla iarratas ar na cúirteanna ar roinnt orduithe cúraim, lena chinntiú sábháilteacht agus folláine an linbh atá i gceist. Nuair a tharlaíonn seo, déantar gach iarracht chun leanaí a shuíomh laistigh dá dteaghlach sínte (cúram altrama le gaol) nó i socrúchán cúraim altrama. Cuirtear formhór na leanaí a chuirtear faoi chúram i suíomh teaghlaigh. Sa chás nach féidir seo a dhéanamh nó nach bhfuil sé oiriúnach, féadtar leanbh a chur i Seirbhís Chónaithe do Leanaí, ar saoráid chúraim é atá lonnaithe de ghnáth i suíomh pobail. Déantar gach iarracht, chomh maith leis sin, siblíní a choimeád le chéile nuair is gá iad a bhaint ó chúram a dtuismitheoirí.

Fad a bhíonn an próiseas measúnaithe/pleanála ar bun, déanfaidh an t-oibrí sóisialta a sannadh athbhreithniú ar dhul chun cinn na hidirghabhála agus ar fhaisnéis eile ó shainghairmithe eile a bhfuil baint acu leis an teaghlach agus déanfaidh siad leasú ar mheasúnú riosca, dá réir. Leanfaidh an t-oibrí sóisialta sannta le teagmháil dhlúth a dhéanamh leis an leanbh agus an teaghlach, déanfaidh sé/sí socruithe chun measúnuithe a dhéanamh agus rachaidh sé/sí i gcomhairle le gairmithe eile a chasann leis an leanbh go rialta. Is é anpríomhrud ar a mbreithnítear saghas na hidirghabhála a theastaíonn a shainaithint lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais an linbh agus go

gcoimeádtar an leanbh sábháilte.

Nuair a thugtar measúnú ar imní faoi chosaint leanaí chun críche, déanfaidh Tusla cinneadh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil bunús leis an líomhain i leith mí-úsáide. Déanfaidh Tusla idirchaidreamh leis na Gardaí chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnéithe coiriúla an cháis, agus déanfar machnamh ar fhaisnéis a roinnt le tríú páirtithe go foirmiúil. Baineann ríthábhacht le sábháilteacht an linbh agus níor cheart baint de shábháilteacht an linbh ag aon tráth mar gheall go bhfuiltear buartha faoi shláine imscrúdaithe choiriúil.

## 6.12 Comhdháil um Chosaint Leanaí: freastal ag ball den lucht foirne scoile

Is ceart iarraidh ó Thusla go bhfreastalódh ball den lucht foirne scoile ar comhdháil um chosaint leanaí a dhéanamh chuig an DIA agus is ceart don DIA dul i gcomhairle le húdarás na scoile. Féadann údarás na scoile a iarraidh ar na húdaráis chuí tríd an DIA cén fáth go meastar gur gá don duine sin freastal ar an gcomhdháil um chosaint leanaí agus cé eile atá chun bheith i láthair.

Glanfaidh an Roinn Oideachais costais ionadaíochta, áit is gá, i leith múinteoirí a fhreastalaíonn ar chomhdháil um chosaint leanaí le linn uaireanta scoile. Is ceart litir arna síniú ag an oifigeach cuí de chuid Thusla a chur faoi bhráid an phríomhoide agus is ceart go gcoimeádfadh an scoil an litir sin. Is ceart an tsaoire a thaifeadadh i leith an mhúinteora agus, áit is cuí, is ceart éileamh i leith an mhúinteora ionadaíochta a phróiseáil tríd an gCóras Éileamh Ar Líne (OLCS) nó, i gcás scoile BOO, trína nósanna imeachta caighdeánacha chun déileáil le héilimh da leithéid.

Ba ghnách do dhuine a fhreastalaíonn ar chomhdháil um chosaint leanaí tuairisc a chur ar fáil don chomhdháil. Is ceart a nótáil go bhféadann ceantair ar leith Thusla foirmeacha nó teimpléid a chur ar fáil don tuairisc.

De réir phrionsabal na gafachta tuismitheoirí, atá mar bhonn agus mar thaca ag Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 thabharfaí cuireadh do thuismitheoirí/cúramóirí linbh páirt a ghlacadh i gcomhdháil um chosaint leanaí áit is cuí. Is ceart lucht gairme a chur ar an eolas i gcónaí má tá tuismitheoirí/cúramóirí chun bheith i láthair ag comhdhálacha um chosaint leanaí. Dá réir sin, is ceart do bhall ar bith den lucht foirne scoile dá bhfuil cuireadh tugtha chun páirt a ghlacadh i gcomhdháil um chosaint leanaí agus a fhéadann bheith buartha faoi ghafacht thuismitheoirí/cúramóirí dul i dteagmháil le cathaoirleach na comhdhála um chosaint leanaí roimh ré chun treoir a fháil.

Baineann moltaí na comhdhála um chosaint leanaí leis an bpleanáil amach anseo don leanbh agus don teaghlach. Féadann an chomhdháil moladh a dhéanamh go gcuirfeadh gníomhaireachtaí áirithe acmhainní agus seirbhísí ar fáil don teaghlach. Féadtar a iarraidh ar na rannpháirtithe gealltanais a thabhairt maidir le bearta a bheidh toilithe acu iad a dhéanamh. Féadtar a áireamh i measc na moltaí go lorgódh Tusla comhairle dhlíthiúil maidir le hiarratas ar ordú cúirte chun an leanbh a chosaint.

Féadtar a iarraidh ar an scoil iompraíocht an linbh a mhonatóiriú i mbealach atá ag teacht le dualgas aire na scoile i leith na leanbh ar fad. Féadtar a áireamh leis seo amharc ar an iompraíocht, ar an idirghníomhaíochtaí le comhaoisigh, ar an dul ar aghaidh sa scoil agus ar na comhráite neamhfhoirmiúil a bhíonn ag leanbh.

## 6.13 Eolas a roinnt le tríú páirtí

Is féidir le leanbh nó duine fásta líomhaintí a dhéanamh faoi ábhair imní maidir le cosaint

leanaí atá i gceist faoi láthair nó a bhí i gceist roimhe seo. B'fhéidir go leanfaidh an duine a líomhnaítear a bhí mar chúis leis an díobháil seo leanúint le haon leanbh ag a bhfuil teagmháil aige/aici a chur i mbaol i gcaitheamh a s(h)aoil phearsanta nó ghairmiúil. Is é leas an linbh an t-ábhar is ríthábhachtaí, agus sa chás go meastar leanbh bheith i mbaol láithreach agus tromchúiseach, is amhlaidh a ghlacfaidh Tusa gach céim riachtanach chun sábháilteacht an linbh a chosaint láithreach. D'fhéadfaí a áireamh leis seo faisnéis a roinnt le tríú páirtithe ábhartha nó an duine a líomhnaítear a bhí mar chúis leis an díobháil a chur ar an eolas.

Tá oibleagáid ar Tusla faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 chun leas leanaí a chur chun cinn agus ceanglaítear air, ar an ábhar sin, chun dul i mbun aon bheart riachtanach agus cuí chun faisnéis a roinnt leis na tríú páirtithe ábhartha lena chinntiú gur féidir dul i mbun bearta cosanta chun leas linbh a chosaint. D'fhéadfadh faisnéis a roinnt leis leis na tríú páirtithe ábhartha a bheith i gceist leis seo d'fhonn gur féidir leo, mar dhaoine fásta freagracha, dul i mbun an ghnímh riachtanaigh chosanta. D'fhéadfaí a áireamh le tríú páirtithe sa chomhthéacs seo páirtnéirí, daoine muinteartha nó fostóirí ar bhonn riachtanais.

Sa chás nach gcruthaítear baol láithreach do leanbh, tá dualgas ar Thusla a chinntiú, sa chás gur féidir, go bhfuil aon ghníomh faoina dtugtar i gcomhréir le ceartas aiceanta agus nósanna imeachta córa. Tá an ceart ag an duine a líomhnaítear a bhí mar chúis leis an díobháil go gcuirfear ar an eolas é/í ar na líomhaintí a rinneadh ina leith agus chun deis réasúnta a fháil chun freagairt a thabhairt. Beidh aon fhaisnéis a sholáthraítear mar chuid den phróiseas measúnaithe agus ní chomhroinnfear faisnéis le tríú páirtí éigin nó go dtagtar ar chonclúid go mbíonn "forais" leis an mbuairt agus go gcreidtear go bhféadann leanbh nó leanaí bheith i mbaol féideartha na díobhála.

D'fhorbair Tusla nósanna imeachta inmheánacha chun an fhoireann a threorú nuair a dhéantar measúnú ar líomhaintí i leith mí-úsáide i gcoinne duine aonair. Ceanglaítear sna nósanna imeachta seo ar an bhfoireann leas an linbh a chur chun cinn fad a chuirtear an oibleagáid san áireamh atá ar Tusla, i gcomhthráth, chun cearta an chúisí a chosaint agus chun cloí le prionsabail an cheartais aiceanta.

## 6.14 Cearta na dTuismitheoirí

Is minic go measann tuismitheoirí go bhfuil an próiseas imscrúdaithe agus measúnaithe an-chasta agus ionrach. Níor cheart d'oibrithe sóisialta iarracht a dhéanamh chun caidreamh a léiríonn meas agus atá bisiúil a chruthú le teaghlaigh agus a leanaí. I gcás tuismitheora linbh a bhfuil measúnú á dhéanamh ag Tusla air/uirthi, ba cheart go gcuirfí an tuismitheoir ar an eolas ar an bhfáth atá leis sin agus ba cheart go dtabharfaí an deis freagartha don tuismitheoir. Ba cheart ábhair imní faoin leanbh a mhíniú don tuismitheoir. Ba cheart go dtabharfaí faisnéis dó nó di faoi fheidhmeanna, ról agus cumhachtaí Thusla.

Ba cheart go míneodh Tusla cearta dlíthiúla an tuismitheora féin agus cearta dlíthiúla an linbh. Ba cheart tuairimí an tuismitheora agus tuairimí an linbh, sa chás gur cuí, a iarraidh.

Ba cheart do thuismitheoirí comhoibriú leis an bpróiseas measúnaithe, agus mura bhfuil siad cinnte faoi aon cheann de na moltaí a rinneadh, ba cheart do Thusla a mhíniú dóibh conas a théann na hathruithe seo chun sárleasa an linbh.

Mura dtagtar ar aon ábhair imní, féadfaidh tuismitheoirí a iarraidh go ndéanfadh an t- oibrí sóisialta teagmháil le gach ceann de na gníomhaireachtaí a ndeachaigh siad i gcomhairle leo chun iad siúd a chur ar an eolas maidir le toradh an mheasúnaithe.

## 6.15 Cearta leanaí

Ba cheart go mbeadh idirghabháil um chosaint leanaí dírithe ar an leanbh i gcónaí agus ba cheart go ndéanfaidís breithniú ar gach leanbh sa teaghlach mar dhuine aonair. Ciallaíonn seo an deis a thabhairt dó nó di a thuairimí nó a tuairimí a léiriú agus an fócas á chur ar an mbealach ina bhfuil a shaol nó a saol baile ag dul i gcion air nó uirthi.

Tá an ceart ag leanaí go gcloistear iad, go n-éistear leo agus nach ndéantar beag is fiú don mhéid a deir siad. Nuair a chuirtear a n-aois agus a dtuiscint san áireamh, ba cheart dul i gcomhairle leo agus ba cheart go mbeidís bainteach i gceisteanna agus i gcinntí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá saol.

Sa chás go bhfuiltear buartha faoi leas nó sábháilteacht linbh, ba cheart go dtabharfaí deiseanna chun go n-éistear lena dtuairimí go neamhspleách óna dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí. Caithfear cothromaíocht cheart a bhaint amach idir leanaí a chosaint agus meas a léiriú ar chearta agus riachtanais tuismitheoirí/ chaomhnóirí agus teaghlach. Sa chás go mbíonn coimhlint ann, ba cheart do Thusla iarracht a dhéanamh tús áite a thabhairt do leas an linbh.

## 6.16 Comhairle agus aiseolas ó Tusla

I ngach cás ina n-iarrann duine comhairle ar Thusla maidir le cé acu ar cheart ceist a thuairisciú chuig Tusla nó nár cheart, tá oibleagáid ar Thusla a leithéid de chomhairle a chur ar fáil.

Más amhlaidh, pé ar bith is cúis leis, nach mbíonn an chéad duine teagmhála laistigh de Thusla ar chumas a leithéid de chomhairle a chur ar fáil, féadtar iarraidh a dhéanamh ar phlé le ball níos sinsearaí de Thusla.

I ngach cás, is ceart go gcuirfí daoine a thuairiscíonn a gcuid ábhair imní maidir le cúram agus cosaint leanaí, nó a phléann iad le lucht foirne Thusla, ar an eolas maidir leis na céimeanna dóchúla a bheidh na gairmithe i gceist ag cur díobh.

Nuair a fhaigheann Tusla tuairisc maidir le leanbh, admhálfaidh sé í de ghnáth agus féadann sé dul i dteagmháil leis an tuairisceoir chun tuilleadh eolais a fháil, más gá. Ceanglaítear ar Thusla leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, i gcás gach tuairisce sainordaithe a bheidh faighte ag duine údaraithe, admháil fhoirmiúil fáltais ag Tusla a chur chuig an tuairisceoir.

Ní féidir le Tusla, áfach, an tuairisceoir a choimeád ar an eolas ar dhul chun cinn ná ar thoradh an cháis. Measfar go cúramach an t-eolas a bheidh arna chur ar fáil mar aon le faisnéis ar bith eile atá ar fáil do Thusla agus déanfar measúnacht cosanta leanaí má shainaithnítear gur leor an baol. Cé go bhféadann an easpa faisnéise athleantaí bheith ina cúis frustrachais do thuairisceoir, teastaíonn sé seo chun a bpríobháideachas siúd atá bainteach leis an scéal a chosaint. Má bhíonn ábhair imní ar thuairisceoir i gcónaí faoi shábháilteacht linbh nó má thagann faisnéis nua chun cinn tar éis do thuairisc a bheith curtha chuig Tusla, is ceart é seo a chur ar aire Thusla.

Leagtar eolas amach maidir le haiseolas Thusla chuig an fostóir faoi dhul chun cinn measúnachta/imscrúdaithe a bhfuil fostaí mar ábhar aige i gcaibidil 7 de na nósanna imeachta seo.

## 6.17 Nós imeachta Tusla do Ghearáin

Mura bhfuil tú sásta leis an tseirbhís a sholáthair Tusla duit, tá nós imeachta chun gearáin a dhéanamh ann. Ar an gcead dul síos, is fearr chun iarracht a dhéanamh an gearán a réiteach ar leibhéal áitiúil. Mura féidir seo a dhéanamh, féadfaidh tú gearán foirmiúil a dhéanamh le Tusla agus déanfaidh an t-oifigeach gearán imscrúdú air. Is féidir leat teacht ar faisnéis faoi conas gearán foirmiúil a dhéanamh ar shuíomh idirlín Thusla www.tusla.ie

## 6.18 An Garda Síochána: ról agus freagrachtaí

Tá an bhaint a bhíonn ag an nGarda Síochána i gcásanna ina líomhnaítear mí-úsáid agus faillí ar leanaí bunaithe ar an bpríomhfhreagracht atá air chun an pobal a chosaint agus chun an dlí a chur ar chiontóirí. Sa chás go bhfuiltear in amhras go ndearnadh coir, tá freagracht fhoriomlán ar an nGarda Síochána as tabhairt faoi aon imscrúdú coiriúil. Is é feidhm an Gharda Síochána chun agallamh a chur ar agus aon ráitis a ghlacadh a chruthóidh cuid den chomhad imscrúdaithe choiriúil.

Is é ról an Gharda Síochána chun imscrúdú a dhéanamh ar choireanna líomhnaithe agus is é freagracht an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (SIP) chun cinneadh a dhéanamh ar ionchúisimh agus iad a chur i gcrích.

## 6.19 Comhshaothrú idir Tusla agus an Garda Síochána

Tá comhoibriú idir Tusla agus an Garda Síochána mar chuid lárnach den tseirbhís chosanta agus leasa leanaí. Má bhíonn amhras ar Tusla go ndearnadh coir agus go ndearnadh faillí thoiliúil ar leanbh nó gur baineadh mí-úsáid fhisiceach nó ghnéasach as/aisti, cuirfidh sé na Gardaí ar an eolas go foirmiúil gan mhoill. Maidir le mí-úsáid agus faillí a dhéantar ar leanaí, díríonn an Garda Síochána go sonrach ar bheatha a chaomhnú; seasamh le cearta daonna gach duine aonair; agus cosc a chur ar agus imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla agus iad a bhrath. Ar bhonn an imscrúdaithe, féadfaidh an Garda Síochána comhad a ullmhú don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a dhéanfaidh cinneadh maidir le tús a chur nó gan a chur le hionchúiseamh.

Sa chás go bhfuil baol láithreach ann i leith linbh, oibreoidh Tusla agus an Garda Síochána le chéile chun sábháilteacht an linbh a chinntiú. Má tá forais réasúnta ag comhalta den Gharda Síochána lena chreidiúint go bhfuil baol láithreach tromchúiseach ann i leith sláinte nó leasa linbh, agus nár leor do chosaint an linbh sin fanacht le hiarratas a dhéanamh ar ordú cúraim éigeandála ag Tusla, féadfaidh sé nó sí, faoi alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, an leanbh a bhaint ó chontúirt agus é nó í a thabhairt chuig áit sábháilteachta. Ansin cuirtear an leanbh faoi chúram Tusla a luaithe agus is féidir. Soláthraíonn seirbhís éigeandála oibre sóisialta lasmuigh d'uaireanta comhairliúchán agus comhairle faoi obair shóisialta do na Gardaí. Bíonn rochtain ag na Gardaí ar oibrí sóisialta ar glaodhualgas agus ar shocrúcháin do leanaí a dteastaíonn siad uathu, mar gheall ar an riosca láithreach atá i leith a sábháilteachta. Tá líonra cúramóirí altrama éigeandála ag Tusla atá ar fáil chun glacadh le leanbh a baineadh óna dteaghlach i gcás éigeandála.

Má chuirtear na Gardaí ar an eolas, i gcaitheamh a ndualgas, ar bhuairt faoi leas agus cosaint leanaí, ba cheart í a thuairisciú go foirmiúil do Tusla. Ós rud é gur daoine sainordaithe iad comhaltaí an Gharda Síochána faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, má bhaineann an imní an tairseach ábhair imní sainordaithe amach nó má sháraíonn sí í, ba cheart seo a thabhairt le fios do Thusla, faoi mar a dtugtar cuntas air i gCaibidil 3 de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017.

Tá prótacal (Tusla agus an Garda Síochána Tús Áite do Leanaí – Comh-Phrótacal Oibre d'Idirchaidreamh idir an dá Ghníomhaireacht) i bhfeidhm idir an dá ghníomhaireacht ina sonraítear conas a chomhoibríonn agus a idirghníomhaíonn siad lena chéile nuair a dhéileáiltear le hábhair imní faoi leas agus cosaint leanaí. Cumhdaíonn an prótacal seo go sonrach an chumarsáid fhoirmiúil a theastaíonn idir an dá ghníomhaireacht faoi ábhair imní faoi leas nó cosaint leanaí a thugtar le fios, agus taifid a choimeád faoi chomhoibriú agus cinntí a chur i dtaifead. Is féidir teacht ar an bprótacal seo ar shuíomhanna idirlín an dá ghníomhaireacht www.tusla.ie agus www.garda.ie.

## 6.20 Comh-shainagallaimh

Tugtar faoi chomh-shainagallaimh i gcásanna ina measann na Gardaí agus Tusla araon gur gá sin a dhéanamh. Tá comhfhreagracht ar Tusla agus an Garda Síochána lena chinntiú go gcuirtear sainoiliúint agallóra ar fhoireann Tusla agus ar chomhaltaí an Gharda Síochána a bhfuil baint acu i gcomhimscrúdú a dhéanamh ar chásanna leasa agus cosanta leanaí agus in idirghabháil ina dhiaidh sin. Tá sé mar aidhm ag an oiliúint seo saineolas speisialtóra a fhorbairt in agallamh a chur ar leanaí a bhfuil dóchúlacht ann go ndearnadh mí-úsáid orthu. Anuas air sin, cuirfidh sé ar chumas comhaltaí gach seirbhíse chun tuiscint iomlán a fháil ar ról agus freagrachtaí a chéile agus chun foghlaim conas oibriú go comhoibritheach. Aithnítear go hidirnáisiúnta go gcuirtear eispéireas imscrúdaithe nach bhfuil chomh trámach céanna agus torthaí níos fearr ar fáil do leanaí le comhoibriú idir seirbhísí oibre sóisialta agus póilíneachta atá gafa le himscrúdú a dhéanamh ar mhí-úsáid leanaí má bhíonn cúram coiriúil agus sóisialta á soláthar i gcomhthráth.

# Caibidil 7: Líomhaintí nó Amhrais faoi Dhrochúsáid Leanaí a bhaineann leis an Lucht Foirne Scoile

## 7.1 Réamhrá

**7.1.1** Is é is aidhm don chaibidil seo ná treoir a chur ar fáil do scoileanna i gcásanna ina ndéantar líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí de chuid na scoile. Sa chomhthéacs seo, folaíonn fostaí chomh maith oibrí deonach nach bhfaigheann aon íocaíocht agus tagraíonn drochúsáid don drochúsáid de réir mar a chuirtear síos air i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo.

**7.1.2** I gcomhthéacs scoile, is é an chosaint leanaí an ní is tábhachtaí le cur sa chuntas, agus caithfidh sábháilteacht leanaí agus leas leanaí bheith mar thosaíocht i gcónaí. Tá, chomh maith leis sin, dualgas agus freagracht ar gach aon údarás scoile, mar fhostóir, i ndáil lena fhostaithe. Is é is aidhm don chaibidil seo ná cuidiú a thabhairt d'fhostóirí chun aird chuí a bheith acu ar chearta agus leasa na leanaí atá faoina gcúram agus ar chearta agus leasa fostaí a bhfuil líomhain déanta ina (h)aghaidh.

I gcás bunscoileanna (seachas bunscoileanna atá ag obair faoi BOO), meánscoileanna deonacha agus pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha is é an bord bainistíochta an fostóir. I gcás scoileanna eile atá ag obair faoi Bhord Oideachais agus Oiliúna is é an BOO an fostóir. Sa chaibidil seo, dá bhrí sin, úsáidtear an téarma "an fostóir" chun tagairt don bhord bainistíochta nó an BOO de réir mar is cuí. Is ceart d'fhostóirí chomh maith bheith feasach ar reachtaíocht a bhaineann le fostaíocht, agus cloí léi agus le beartais ar bith eile maidir le caidrimh le fostaithe.

Sa chás go ndéanfar líomhaintí drochúsáide in aghaidh fostaithe de chuid an BOO, léifear na caibidle seo de réir mar is gá chun na socruithe cuí rialachais agus fostaíochta a bhfuil feidhm acu i scoileanna an BOO a léiriú, ról an Phríomhfheidhmeannaigh i gcúrsaí fostaíochta san áireamh nuair is cuí.

**7.1.3** Is den tábhacht a thabhairt faoi deara go gcaithfear cloí le dhá nós imeachta:

(a) an nós imeachta i leith na líomhna/an amhrais;

(b) an nós imeachta chun caitheamh leis an bhfostaí.

Go hiondúil ní bheidh freagracht ar an duine céanna as déileáil le ceist an tuairiscithe agus le ceist na fostaíochta. Is ar an DIA atá an fhreagracht an scéal a thuairisciú chuigTusla agus is é an fostóir atá freagrach as dul i ngleic leis na ceisteanna a bhaineann le fostaíocht. **Sa chás go mbaineann an líomhain nó an t-amhras leis an DIA, glacfaidh cathaoirleach an bhoird, nó i scoileanna inarb é an BOO an fostóir, príomhfheidhmeannach an BOO, de réir mar is cuí, an fhreagracht as comhairle a iarraidh ó Thusla agus/nó an scéal a thuairisciú chuig Tusla, de réir mar is cuí.**

**7.1.4** Áit a mbíonn líomhain nó amhras faoi dhrochúsáid leanaí a bhaineann le comhalta den bhord bainistíochta tuairiscithe chuig Tusla ag an DIA (nó ag an bhfostóir mar atá thuas),

cuirfidh an bord bainistíochta in iúl don phátrún go bhfuil tuairisc maidir le comhalta den bhord curtha faoi bhráid Thusla. Is ceist don phátrún é a chinneadh an gá aon bheart a dhéanamh maidir le ról leanúnach an chomhalta ar an mbord bainistíochta, agus áirítear leis sin an cheist cé acu an mbainfidh an pátrún feidhm as na cumhachtaí atá aige/aici faoi alt 16 den Acht Oideachais, 1998 nó nach mbainfidh.

**7.1.5** I gcomhthéacs líomhaintí nó amhras faoi dhrochúsáid leanaí a bhaineann le fostaithe scoile is í an phríomhaidhm ná na leanaí sa scoil a chosaint. Féadtar líomhaintí earráideacha nó mailíseacha a dhéanamh in aghaidh fostaithe scoile, áfach. Caithfear go cothrom leis an bhfostaí, agus áireofar air sin an ceart gan breithiúnas bheith déanta sula a mbeidh lánphróiseas cóir, cothrom ann agus, áit is infheidhme, beidh an próiseas sin de réir na nósanna imeacht cuí araíonachta a bhaineann. Beidh an Clár Cúnaimh agus Folláine d'Fhostaithe do Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta ar fáil i gcónaí chomh maith chun cabhair a thabhairt do mhúinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta.

**7.1.6** Ag gach céim den phróiseas cuimhnítear go bhfuil sé mar phríomhthosaíocht a chinntiú nach bhfágfar riosca ar bith nach gá ann do leanbh. Mar bheart práinne, déanadh an fostóir cinnte de go nglacfar bearta cosanta ar bith a theastaíonn, ar a n-áireofar, áit a bhfuil riachtanas práinneach cumhdaigh leanaí ann, tabhairt ar an bhfostaí láithreach fanacht as láthair ón scoil.

## 7.2 Prótacal lena n-údaraítear beart láithreach

**7.2.1** Ní mór d'fhostóirí prótacal scríofa bheith bunaithe acu chun beart láithreach a údarú (feic Aguisín 3 – Prótacal lena n-údaraítear beart láithreach), áit a bhfuil riachtanas práinneach cumhdaigh leanaí ann, chun tabhairt ar an bhfostaí láithreach fanacht as láthair ón scoil. Beidh feidhm ag an bprótacal seo, mar shampla, áit a dtagann an riachtanas beart a ghlacadh láithreach chun cinn i gcaitheamh an lae scoile nó díreach roimh thús don lá scoile agus go bhfuil sé riachtanach, ar mhaithe le cumhdach leanaí láithreach, **nach gcuirfí moill** ar bheart dá leithéid go dtí go dtionólfar cruinniú den bhord bainistíochta nó go bhfaighfear comhairle dhlíthiúil nó go socrófar déanamh amhlaidh. Féadann faisnéis a bheith tugtha don scoil ag Tusla nó ag an nGarda Síochána i dtaobh rioscaí do leanaí bheith ina údar le beart dá leithéid chomh maith.

**7.2.2** Is é an bunphrionsabal faoin bprótacal agus faoi fheidhmiú an phrótacail ná go bhfuil fíorthábhacht le cosaint leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile. Chun leanaí a chumhdach insna cúinsí seo caithfear, go dosheachanta, an prótacal a chur i bhfeidhm láithreach agus gan fanacht le cruinniú den bhord bainistíochta a thionól ná le comhairle dhlíthiúil a fháil. Is den tábhacht ar fad é a thabhairt faoi deara chomh maith go bhfuil sé i gceist go mbeadh bearta faoin bprótacal ina mbearta réamhchúramacha agus nach mbeidís ina mbearta araíonachta.

**7.2.3** Nuair a bheidh an beart cumhdaigh déanta, áfach, agus an fostaí fanta as láthair faoin bprótacal, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas:

(a) Tionólfar cruinniú éigeandála den fhostóir (bord bainistíochta nó an BOO de réir mar is cuí)
(b) Cuirfear in iúl do Thusla go bhfuil an prótacal curtha ar siúl agus go mbeidh an fostaí as láthair ón scoil go dtí go dtionólfar cruinniú éigeandála den bhord bainistíochta nó BOO. Féadtar é seo a dhéanamh i gcomhthráth le tuairisciú na líomhna nó, más gá,

trí fhógra ar leith do Thusla.

(c) Áit gurb í an Roinn an pámháistir, déanfar teagmháil leis an Roinn láithreach chomh maith maidir leis na nithe seo a leanas a iarraidh ón Roinn:

1. faomhadh foirmiúil chun leanúint leis an bpá ar feadh tréimhse teoranta d'fhonn am a fhágáil chun an cruinniú éigeandála a thionól, agus

2. cead múinteoir ionadaíochta a fhostú áit is gá sin ar feadh tréimhse teoranta d'fhonn am a fhágáil chun an cruinniú éigeandála a thionól

### An cruinniú éigeandála den Fhostóir a leanann

**7.2.4** Tar éis don phrótacal bheith curtha ar siúl, tionólfar cruinniú éigeandála den den fostóir (bord bainistíochta nó an BOO de réir mar is cuí) ag a gcaithfidh an fostóir machnamh ar an bhfostaí a chur go foirmiúil ar shaoire riaracháin agus dul ar aghaidh leis an bpróiseas araíonachta de réir na bprionsabal agus na nósanna imeachta cuí atá sa phróiseas sin, iad siúd a bhaineann le próis cuí agus nósanna imeachta córa san áireamh. Áit a bhfuiltear ag déileáil le líomhain drochúsáide leanaí in aghaidh baill den fhoireann teagaisc faoi na nósanna imeachta araíonachta do mhúinteoirí, déileálfar léi faoi shruth iompraíochta na nósanna imeachta sin.

**7.2.5** Is ceart d'fhostóirí a thabhairt faoi deara gur ceart comhairle dhlíthiúil a iarraidh i gcónaí insna cásanna seo mar go bhféadann na cúinsí bheith difriúil ó chás amháin go cás eile agus nach féidir déileáil le gach aon chás leis na nósanna imeachta seo.

**7.2.6** Beart ar bith a ghlacfaidh an fostóir ina leith seo, glacfar é agus aird á tabhairt ar an gcomhairle dhlíthiúil a fuarthas agus cloífidh sé, de réir mar is infheidhme, leis na forálacha cuí den reachtaíocht a bhaineann le fostaíocht agus leis na nósanna imeachta araíonachta cuí. Cuirfear i bhfeidhm prionsabail an cheartais aiceanta agus na próise cuí. Ní chuirtear in iúl le cinneadh fostaí a chur ar shaoire riaracháin go bhfuil ciontacht ar bith ag baint le fostaí na scoile.

**7.2.7** Go díreach i ndiaidh chruinniú éigeandála an fhostóra (bord bainistíochta nó an BOO de réir mar is cuí) an bhoird bhainistíochta, cuirfear in iúl do Thusla cé acu ar cuireadh an fostaí go foirmiúil ar shaoire riaracháin nó ar cinneadh gan an fostaí a chur ar shaoire riaracháin. Áit ar cinneadh gan an fostaí a chur ar shaoire riaracháin cuirfear in iúl do Thusla céard iad na bearta malartacha cumhdaigh leanaí atá glactha.

**7.2.8** Áit gurb í an Roinn an pámháistir, cuirfear in iúl don Roinn láithreach cinneadh an fhostóra maidir leis an mbeart a dheimhniú a bheidh glactha faoin bprótacal lena n- údaraítear beart láithreach agus maidir leis an bhfostaí a chur go foirmiúil ar shaoire riaracháin, agus áit a mbíonn an fostaí curtha go foirmiúil ar shaoire riaracháin iarrfaidh an fostóir na nithe seo a leanas ar an Roinn:

(a) cead foirmiúil leanúint leis an bpá agus
(b) faomhadh chun múinteoir ionadaíochta a fhostú áit is gá

**7.2.9** Ní bhaineann an t-anaithnidiú doiciméad atá luaite i 9.5.3 leis an bprótacal lena n-údaraítear beart láithreach.

## 7.3 Nós Imeachta Tuairiscithe

**7.3.1** Áit a ndéantar líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí scoile, déanfaidh an DIA beart láithreach de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

**7.3.2** Chomh luath is a dhéanfaidh leanbh nochtadh, déanfaidh an duine a fhaigheann an nochtadh taifead scríofa den nochtadh a luaithe is féidir. Más mian leis an leanbh ráiteas scríofa a dhéanamh is ceart é seo a cheadú. Áit a ndéanann aosach líomhain drochúsáide, is ceart ráiteas scríofa a iarraidh ón duine seo. Dá mhéad is dá fheabhas an t-eolas a thabharfar do Thusla agus don fhostóir, is ea is mó an cumas a bheidh iontu amhrais nó líomhaintí drochúsáide a mheas.

**7.3.3** Fostaithe scoile, seachas an DIA, a gheobhaidh líomhaintí drochúsáide in aghaidh fostaí scoile eile, déanaidís an scéal a thuairisciú gan mhoill chuig an DIA de réir mar atá leagtha amach i rannán 5.1 de na nósanna imeachta seo. Cloíodh múinteoirí cláraithe chomh maith leis na nósanna imeachta ag 5.2 de na nósanna imeachta seo. Cloíodh an DIA leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

**7.3.4** Áit a mbaineann an líomhain nó an t-ábhar imní leis an DIA, tuairiscíodh an fostaí scoile an scéal gan mhoill chuig Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta nó, i scoileanna inarb é an BOO an fostóir, chuig Príomhfheidhmeannach an BOO lena mbaineann. I gcásanna dá leithéid, glacadh an Cathaoirleach nó an Príomhfheidhmeannach de réir mar is cuí an ról a bhíonn de ghnáth ag an DIA agus cloíodh sé/sí leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gcaibidil 5 chun déileáil leis an líomhain nó leis an ábhar imní.

**7.3.5** Má bhíonn amhras ar fhostaithe scoile maidir le hiompraíocht fostaí eile de chuid na scoile cloídís leis na nósanna imeachta i gcaibidil 5 agus téidís i gcomhairle leis an DIA agus féadann an DIA dul i gcomhairle le Tusla. Má bhíonn an DIA cinnte de go bhfuil forais réasúnta leis an amhras, tuairisceodh sé/sí an scéal chuig Tusla láithreach agus, áit is infheidhme, cuirtear an tuairisc faoi bhráid mar thuairisc shainordaithe nó mar chomhthuairisc shainordaithe. Cloíodh múinteoirí cláraithe chomh maith leis na nósanna imeachta ag 5.2 de na nósanna imeachta seo, iad siúd a bhaineann le tuairiscí sainordaithe nó le comhthuairiscí sainordaithe san áireamh áit is cuí sin. Tuairisceodh an DIA an scéal chomh maith chuig an fostóir agus déanadh an fostóir beart de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chaibidil seo.

**7.3.6** Is cuma cé acu an bhfuil an scéal á thuairisciú chuig Tusla nó nach bhfuil, cuireadh an DIA an fostóir ar an eolas i gcónaí maidir le líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí de chuid na scoile.

Áit nár thuairiscigh an DIA líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí na scoile chuig Tusla agus nár iarr sé/sí comhairle ar bith ó Thusla i ndáil le cé acu ar cheart an scéal a thuairisciú nó nár cheart, nó áit nár thuairiscigh an DIA an scéal chuig Tusla cé gur chomhairligh Tusla gur cheart an scéal a thuairisciú, iarradh an fostóir comhairle ó Thusla maidir leis an scéal agus tuairiscídís an scéal chuig Tusla áit a gcomhairlíonn Tusla amhlaidh. Má's é an bord bainistíochta an fóstóir, iarradh an Cathaoirleach comhairle dá leithéid thar ceann an bhoird bhainistíochta.

Áit nár chloígh bord bainistíochta nó an BOO leis na nósanna imeachta sa rannán seo agus nár thuairiscigh siad an scéal chuig Tusla cé gur chomhairligh Tusla go mba cheart tuairisc dá leithéid a dhéanamh, fógróidh siad do phátrún na scoile i scríbhinn gur mar sin a tharla.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach mír 9.5.7

## 7.4 An beart atá le glacadh ag an bhfostóir

**7.4.1** Is den tábhacht ar fad é go gcaithfear leis an scéal faoi rúndacht dhaingean i gcónaí agus nach nochtfar aitheantas an fhostaí, ach amháin mar is gá faoi na nósanna imeachta sa cháipéis seo.

**7.4.2** Nuair a bhíonn fostóir tagtha ar an eolas faoi líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí scoile, déanfaidh an fostóir socruithe chun a chur in iúl don fhostaí go príobháideach na nithe seo a leanas:

(a) go bhfuil líomhain déanta ina (h)aghaidh;

(b) nádúr na líomhna;

(c) cé acu an bhfuil an scéal tuairiscithe chuig Tusla (bíodh sé sin déanta ag an DIA nó ag an bhfostóir nó ag aon duine eile).

**7.4.3** Tabharfar cóip den taifead scríofa agus/nó den líomhain don bhfostaí, agus d'aon cháipéisíocht ghaolmhar eile agus déanfar cinnte de ag an am céanna go mbíonn beart cuí déanta chun an leanbh a chosaint.

**7.4.4** Nuair a bheidh an scéal tuairiscithe chuig Tusla tairgfear deis don fhostaí freagairt scríofa a thabhairt maidir leis an líomhain don fhostóir laistigh de thréimhse shainithe ama. Cuirfear in iúl don fhostaí go gcaithfear an míniúchán a thabharfaidh sé/sí don fhostóir a chur ar aghaidh chuig Tusla chomh maith. Féadann an fostaí a roghnú gan freagairt a thabhairt ag an dtráth seo.

**7.4.5** Is gnó don fhostóir amháin é na bearta a ghlacfar maidir leis an bhfostaí, agus áirítear air sin an cinneadh maidir leis an bhfostaí a chur ar shaoire riaracháin fad is atá an scéal á iniúchadh.

**7.4.6** Fanfaidh an fostóir i dteagmháil go dlúth agus go rialta le Tusla agus leis an nGarda Síochána agus glacfar cinneadh maidir leis an bhfostaí scoile agus aird chuí á tabhairt ar eolas ar bith a thabharfaidh na húdaráis seo don fhostóir. Coimeádfaidh an fostóir Tusla ar an eolas maidir le beart ar bith ar mhaithe le cumhdach leanaí atá déanta aige nó atá ar intinn a dhéanamh aige i leith an fhostaí.

**7.4.7** Áit a mbíonn ordú tugtha d'fhostaí fanacht as láthair ón scoil, ní chuirtear in iúl le hasláithreacht dá leithéid go bhfuil ciontacht ar bith ag baint le fostaí na scoile. Áit gurb í an Roinn an pámháistir agus go n-ordaítear asláithreacht dá leithéid, (bíodh sin faoin bprótacal

a bhaineann le beart láithreach nó trí chinneadh de chuid an bhoird bhainistíochta nó an BOO an fostaí a chur ar shaoire riaracháin (cibé ag cruinniú éigeandála a glacadh an cinneadh sin nó a mhalairt)), déanfar teagmháil leis an Roinn láithreach maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) cead foirmiúil leanúint leis an bpá ar feadh na tréimhse cuí agus
(b) faomhadh ón Roinn chun múinteoir ionadaíochta a fhostú áit is gá ar feadh na tréimhse cuí.

**7.4.8** Cuimhníodh fostóirí ar na freagrachtaí atá orthu rúndacht dhaingean a choimeád i gcónaí maidir le gach ní a bhaineann leis na ceisteanna seo. Cloíodh an fostóir leis na prionsabail a bhaineann le próis chuí, nósanna imeachta córa agus ceartas aiceanta.

**7.4.9** Ní ceart eolas ná sonraí ar bith lena bhféadfaí leanbh a shainaithint a thaifead i miontuairiscí an bhoird bhainistíochta. Cuimhníodh comhaltaí an bhoird bhainistíochta chomh maith go bhfuil sé de dhualgas orthu rúndacht cruinnithe den bhord a choimeád agus nach bhfuil cead acu ceisteanna a phléitear ag cruinnithe den bhord a nochtadh ná a phlé mura dtugann an bord bainistíochta cead dóibh go follasach a leithéid a dhéanamh. Má sháraíonn comhalta den bhord an riachtanas seo féadann an pátrún é/í a chur as oifig mar chomhalta den bhord bainistíochta de réir fhorálacha cuí alt 16 den Acht Oideachais, 1998 agus ní féidir é nó í a chosaint in aon imeachtaí dlíthiúla arna dtógáil ina (h)aghaidh leis an slánú ginearálta a thugtar do chomhaltaí boird faoi alt 14(7) den Acht Oideachais, 1998.

**7.4.10** Is ceart a nótáil gur gnó idir an fostóir agus an fostaí i gceist é aon bhearta a ghlacann an fostóir i leith an fhostaí, imeachtaí araíonachta san áireamh, agus go gcaithfear caitheamh leo faoi rúndacht dhaingean. Ciallaíonn sé seo nach mbíonn ról insna himeachtaí seo ag tríú páirtí nó ag an duine a rinne an líomhain, taobh amuigh d'eolas a sholáthar d'aon iniúchadh a bheidh curtha ar bun ag an bhfostóir nó fianaise a thabhairt ag éisteacht araíonachta áit is infheidhme sin, agus nach mbíonn aon teidlíocht ag duine dá leithéid chun eolas a fháil maidir le dul chun cinn nó stiúradh iniúchta nó imeachtaí dá leithéid. Sa chaoi chéanna ní bhíonn ról ar bith ag an Roinn nó ag pátrún na scoile i ngnóthaí fostóra/fostaí.

## 7.5 Na bearta eile a theastaíonn ina dhiaidh sin

Is ceart d'fhostóirí an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara nuair a bhíonn siad ag machnamh na mbeart eile atá le glacadh -

(a) Is ceart comhairle dhlíthiúil a lorg i gcónaí maidir le haon bhearta atá ar intinn a dhéanamh i leith an fhostaí. Tugadh an fostóir aird ar an gcomhairle dhlíthiúil a gheofar agus ar na hoibleagáidí a bheidh ag gabháil leis maidir le nósanna imeachta córa a chur ar fáil dá fhostaí.

(b) Bíodh aon bheart araíonachta a bheidh ag teastáil ag teacht leis na nósanna imeachta araíonachta atá bunaithe agus ná déantar na bearta sin ach tar éis dul i gcomhairle le Tusla (agus leis An nGarda Síochána) má bhíonn siad gafa leis

an scéal.

(c) Ag brath ar na cúinsí, féadann sriantachtaí bheith ar Thusla maidir leis an eolas is féidir leis a roinnt leis an bhfostóir. Dá réir sin, i gcúinsí áirithe, tharlódh go mba ghá don fhostóir glaoch ar leanbh, ar thuismitheoir nó ar aosach eile chun fianaise a thabhairt agus go mba ghá an leanbh, an tuismitheoir nó an t-aosach eile a chroscheistiú mar chuid d'éisteacht araíonachta. Is ceart a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil sé de chumhacht ag an bhfostóir, mar chuid den phróiseas araíonachta, iallach a chur ar dhuine dá leithéid fianaise a thabhairt. Ar aon chuma, sa chás go mbíonn leanbh chun fianaise dá leithéid a thabhairt, bíodh an bealach ina gcaithfear leis an leanbh thar a bheith cúramach agus íogair. (Tugtar breis eolais i rannán 7.6 maidir leis an eolas a cheadaítear nó nach gceadaítear do Thusla a roinnt leis an bhfostóir.)

(d) Bíodh is go bhfuil sé de cheart ag an bhfostóir a iniúchadh araíonachta féin a chur i gcrích de réir na nósanna imeachta araíonachta cuí, neamhspleách ar mheasúnacht ar bith de chuid Thusla nó ar iniúchadh An Gharda Síochána, ag an am céanna tugadh an fostóir aird chuí ar na nithe seo a leanas:

(1) Is ceart don fhostóir bheith cúramach ar eagla go mbainfí an bonn d'aon mheasúnacht nó iniúchadh atá á stiúradh ag Tusla nó ag An nGarda Síochána, nó go gcuirfí as dóibh sin leis na bearta a bheidh déanta aigesean. Moltar go láidir go bhfanfadh an fostóir i dteagmháil go dlúth leis na húdaráis sin i dtreo is go gcomhlíonfar an aidhm sin agus go nglacfadh sé comhairle dhlíthiúil maidir leis an gcéanna.

(2) Áit a mbíonn tuairisc déanta chuig Tusla i leith fostaí, ní ceart glacadh leis gur ceart imeachtaí araíonachta a chur siar go dtí go mbeidh measúnacht ag Tusla nó iniúchadh ag An nGarda Síochána curtha i gcrích. Ina leith seo, is ceart don fhostóir comhairle dhlíthiúil a ghlacadh i gcónaí maidir lenar cheart nó nár cheart dul ar aghaidh le himeachtaí araíonachta nó iad a chur siar go dtí go mbeidh measúnacht Thusla agus/nó iniúchadh An Gharda Síochána curtha i gcrích agus cinneadh a dhéanamh maidir lenar cheart nó nár cheart dul ar aghaidh le himeachtaí araíonachta i bhfianaise na comhairle sin.

(3) Is ceart a chur in iúl don bhfostaí aon chinneadh a bheidh déanta imeachtaí araíonachta a chur siar go dtí go mbeidh toradh mheasúnacht Thusla ar fáil mar aon leis na cúiseanna leis an gcinneadh sin. Is ceart a shoiléiriú leis an gcumarsáid seo go bhfuil an fostóir ag forchoimeád na teidlíochta chun dul ar aghaidh le himeachtaí araíonachta tráth níos faide anonn nó nuair a bheidh measúnacht Thusla agus/nó iniúchadh An Gharda Síochána curtha i gcrích is cuma cén toradh a bheidh ar an measúnacht/ iniúchadh sin. Is ceart a chur in iúl freisin go bhféadfaidh an fostóir aird a thabhairt ar thoradh aon mheasúnachta/ iniúchta dá leithéid agus é ag cinneadh ar cén beart araíonachta a ghlacfaidh sé má ghlacann sé a leithéid.

(4) I gcás ar bith ina bhfuil sé ar intinn dul ar aghaidh le himeachtaí araíonachta, is ceart an rún sin a chur in iúl don bhfostaí. Más rud é go ndiúltaíonn an fostaí don rún sin, is ceart don fhostóir aird a thabhairt ar an gcúis atá leis an ndiúltú sin roimh dó cinneadh a dhéanamh maidir lenar cheart nó nár cheart dul ar aghaidh le himeachtaí araíonachta. Is

ceart don fhostóir comhairle dhlíthiúil a ghlacadh roimh dó an cinneadh sin a dhéanamh. Is ceart freisin aird a thabhairt ní amháin ar an oibleagáid gan cur as do mheasúnacht Thusla, ach ar an oibleagáid chomh maith nósanna imeachta córa a chur ar fáil don bhfostaí.

(5) Má dhéantar cinneadh imeachtaí araíonachta a chur siar go dtí go mbeidh toradh mheasúnacht Thusla nó iniúchta de chuid An Gharda Síochána ar fáil, is ceart an fostaí a nuashonrú maidir le dul chun cinn mheasúnacht Thusla/ iniúchadh An Gharda (sa mhéid gur féidir é seo). Sa chás go bhfuil ordú tugtha don bhfostaí fanacht as láthair ón obair, is ceart an riachtanas atá leis an bhfostaí bheith as láthair ón obair a athbhreithniú i gcónaí i gcomhairle le Tusla agus i bhfianaise comhairle dlíthiúla.

## 7.6 Roinnt an eolais ag Tusla

Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag Tusla dá lucht foirne a chaithfear cloí leo maidir le freagairt ar líomhaintí drochúsáid leanaí nó faillí ar leanaí agus áirítear orthu sin nósanna imeachta i gcomhair roinnt an eolais le fostóir áit a ndéantar líomhain dá leithéid in aghaidh fostaí.

Is ceart a thabhairt faoi deara gur gnó don fhostóir amháin é ar cheart ordú don duine bheith as láthair ón scoil, agus nach bhfuil ról ar bith ag Tusla ina leith seo. Áit a mbíonn líomhain drochúsáide déanta in aghaidh fostaí ag an scoil, áfach, féadann Tusla comhairle a chur ar fhostóir scoile maidir le leordhóthanacht na gcéimeanna, ó thaobh na cosanta leanaí de, a bhfuil sé ar intinn ag an bhfostóir scoile iad a chur de chun leanaí a chosaint.

Maidir leis an eolas a fhéadann sé a roinnt le fostóir scoile, tá sé curtha in iúl ag Tusla don Roinn –

- Áit a mbíonn measúnacht ar bun ag Tusla, ní féidir le Tusla nuashonrú ar dhul chun cinn na measúnachta sin a chur ar fáil don fhostóir scoile áit nach rachfar i gcion ar cheart an duine aonair chun nóis imeachta chóir trí dhéanamh amhlaidh. Go hiondúil bheadh sé riachtanach go mbeadh Tusla agus an duine is ábhar don líomhain ar aon fhocal maidir leis an eolas atá le roinnt leis an bhfostóir scoile sula gcuirfí in iúl don fhostóir scoile é. Féadann duine aonair is ábhar do mheasúnacht a iarraidh gan an t-eolas a roinnt agus insna cúinsí sin, chaithfeadh Tusla mianta an duine aonair i gceist a urramú, mura mbeadh Tusla den tuairim go gcuirfí leanaí i mbaol féideartha tríd an t-eolas gan a bheith a roinnte. I gcásanna dá leithéid féadann Tusla, dá bhrí sin, bheith an-teoranta maidir leis an eolas is féidir leis a chur ar fáil d'fhostóir scoile agus féadann sé bheith teoranta dona dheimhniú go bhfuil measúnacht ar bun i gcónaí agus dó sin amháin.

- Más rud é, tar éis dó an mheasúnacht a chur i gcrích, go dtagann Tusla ar an tátal go bhfuil *foras* leis an líomhain seolfaidh sé eolas dá réir sin chuig an fostóir scoile agus don chomhlacht cláraithe cuí (i.e. an Chomhairle Mhúinteoireachta i gcas múinteoirí cláraithe).

- Áit a mbíonn Tusla tagtha ar an tátal go bhfuil *foras* leis an líomhain, cuirfidh Tusla cóip dá thuairisc dheiridh ar a chinntí ar fáil don fhostóir scoile má iarrann sé a leithéid. (Féadtar cuid dá bhfuil ann a chur in eagar áit nach bhfuil sé bainteach le próiseas araíonachta na scoile.)

- Áit a mbíonn Tusla tagtha ar an tátal *nach bhfuil foras* leis an líomhain, ní roinnfidh sé aon eolas breise leis an bhfostóir scoile seachas a dheimhniú gurbh é a thátal maidir leis an gceist nach raibh foras leis an líomhain.

- Áit a mbíonn líomhain drochúsáide déanta in aghaidh baill de lucht foirne na scoile go díreach chuig Tusla i.e. níor thuairiscigh an scoil chuig Tusla é, rachaidh Tusla i dteagmháil leis an bhfostóir scoile cuí áit a measann sé go bhfuil riosca ann do leanaí. Roimh dó an fostóir scoile cuí a chur ar an eolas, go hiondúil cuirfidh Tusla in iúl don fhostaí scoile ar dtús go bhfuil sé ar intinn aige déanamh amhlaidh. I gcúinsí, áfach, ina mbíonn riosca féideartha tromchúiseach láithreach ann do leanbh ar bith, bíonn tábhacht ag sábháilteacht an linbh thar gach ní eile agus, i gcúinsí dá leithéid féadann Tusla a mheas nach mór dul i dteagmháil leis an bhfostóir scoile ar dtús, roimh dó dul i dteagmháil le drochúsáideoir líomhnaithe, i dtreo is go gcinnteofar go mbíonn leanbh ar bith sábháilte sa chás go meastar go bhfuil riosca láithreach ann don leanbh sin. Glacfar bearta dá leithéid ar an mbonn nach dtiocfar ar thátal ar bith maidir le fírinne na líomhaintí atá déanta in aghaidh duine aonair go dtí an tráth a mbíonn an mheasúnacht oibre sóisialta curtha i gcrích. I ngach cás, cuirfidh Tusla an fostaí scoile ar an eolas áit a roinneann sé eolas dá leithéid le fostóir. Braithfidh an méid sonraí maidir le líomhaintí arna ndéanamh in aghaidh an fhostaí scoile a fhéadfaidh Tusla a roinnt i gcúinsí dá leithéid ar an leibhéal imní atá orthu agus ar ábharthacht na líomhaintí ar leith i bhfianaise a bpleanála ar mhaithe le cosaint leanaí.

# Caibidil 8: Riachtanais Cumhdaigh Leanaí

## 8.1 Réamhrá.

**8.1.1** Tá sé ar cheann de phríomhaidhmeanna an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 a chinntiú go gcoinníonn eagraíochtaí atá ag cur seirbhísí ar fáil do leanaí (dá dtagraítear mar "soláthraithe seirbhíse ábhartha" san Acht) na leanaí sábháilte ón díobháil fad is a bhíonn siad ag baint leasa as seirbhísí na n-eagraíochtaí sin. Ina leith sin, fágann an tAcht oibleagáidí reachtúla áirithe ar gach soláthraí dá leithéid. Áirítear orthu seo oibleagáidí chun a chinntiú, sa mhéid is indéanta, go mbíonn leanaí sábháilte ón díobháil fad is a bhíonn siad ag baint leasa as a seirbhísí, measúnacht a dhéanamh ar dhíobháil fhéideartha ar bith go mbainfeadh díobháil do leanbh fad is a bhíonn sé/sí ag baint leasa as seirbhísí na heagraíochta (dá dtagraítear mar "risk") agus Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a chur le chéile de réir an Achta.

**8.1.2** Sásaíonn gach scoil aitheanta an sainmhíniú ar "soláthraí" seirbhíse ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus tá oibleagáidí sainiúla reachtúla orthu faoin Acht dá bhrí sin. Is é an príomhchuspóir atá leis an gcaibidil seo ná treoir a thabhairt do bhoird bhainistíochta scoileanna (boird bhainistíochta scoileanna BOO san áireamh) maidir leis na hoibleagáidí reachtúla sin a shásamh. Caithfidh BOOanna ar leith a mhachnamh freisin na hoibleagáidí maidir le cumhdach leanaí atá ar an BOO i leith gach seirbhíse ábhartha a chuireann an BOO ar fáil.

## 8.2 Oibleagáidí Reachtúla

**8.2.1** Is iad na príomhoibleagáidí reachtúla atá ar bhord bainistíochta faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ná:

- a chinntiú, sa mhéid is indéanta, go mbíonn leanaí sábháilte ón díobháil fad is a bhíonn siad ag baint leasa as seirbhísí na scoile ( i.e. fad is a bhíonn siad ag freastal ar an scoil nó fad is a bhíonn siad ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile)
- measúnacht a chur i gcrích ar fhéidearthacht ar bith go mbainfeadh díobháil do leanaí nuair a bhíonn siad ag freastal ar an scoil nó nuair a bhíonn siad ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile (measúnacht riosca a thugtar air seo)
- Ráiteas scríofa maidir le Cumhdach Leanaí (lena n-áirítear Measúnú Riosca) a chur le chéile agus a thaispeáint de réir fhorálacha an Achta
- "duine cuí" a cheapadh mar an chéad phointe teagmhála i leith Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí. Ceanglaítear le Caibidil 3 de na nósanna imeachta seo go gceapfar an DIA sa ról seo.
- cóip dá Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do bhaill de lucht foirne na scoile agus do thuismitheoirí, do bhaill den phobal agus do Thusla má iarrann siad é.

## 8.3 A chinntiú go mbíonn leanaí sábháil ón díobháil

**8.3.1** Faoi alt 10 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 bíonn oibleagáid reachtúil ar bhoird bhainistíochta chun a chinntiú, sa mhéid is indéanta, go mbíonn leanaí sábháil ón díobháil (mar a shainmhínítear san Acht é) nuair a bhíonn siad ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile.

**8.3.2** Taobh amuigh den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 bíonn dualgas cúraim ar na scoileanna ar fad i leith a ndaltaí agus is ceart d'údaráis scoile bheith feasach i gcónaí ar an ngá le cleachtas stuama ó thaobh na cosanta leanaí de. Tá cúrsaí cosanta agus leasa leanaí fite fuaite le gach gné de shaol na scoile agus ní mór é sin a léiriú i ngach ceann de bheartais, nósanna imeachta agus cleachtais na scoile. Tá eolas sa chaibidil seo maidir le ról an tsoláthair curaclaim, an Clár Bí Sábháilte, dea-nósanna imeachta earcaíochta (grinnfhiosrúchán an Gharda san áireamh) agus oiliúint sa dea-chleachtas cosanta leanaí. Beidh an próiseas measúnachta riosca atá leagtha amach ag rannán 8.8 de na nósanna imeachta seo ina chabhair leis na cúrsaí cosanta agus leasa leanaí a shonrú a bhfuil feidhm acu i leith gníomhaíochtaí, beartas, nósanna imeachta agus cleachtas eile scoile.

## 8.4 Soláthar curaclaim agus cosc na drochúsáide leanaí

**8.4.1** Tá sé mar fhreagracht ar gach aon scoil a cion a dhéanamh chun drochúsáid leanaí agus faillí ar leanaí a chosc tríd an soláthar curaclaim. Sa chomhthéacs sin tá an clár Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) ina chuid shainordaithe den churaclam do na mic léinn ar fad insna bunscoileanna agus sa tsraith shóisearach d'iar-bhunscoileanna agus ní mór é a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá ceanglas chomh maith ar gach iar- bhunscoil clár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a bheith aici sa tsraith shinsearach.

**8.4.2** Tá socruithe reatha do chur i bhfeidhm Chreat na Sraithe Sóisearaí i gCiorclán 0028/2023 agus ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcuireann siad i bhfeidhm an tsonraíocht OSPS is déanaí arna eisiúint ag an Roinn. Tá sé mar aidhm ag OSPS féinfheasacht agus féinfhiúntas dearfach na scoláirí a mhéadú; an t-eolas, an tuiscint, na scileanna, na meonta agus na luachanna a fhorbairt a thacóidh leo saolta sásúla agus sláintiúla a bheith acu; iad a chumasú caidreamh measúil agus grámhar a chruthú, a chothú agus a choinneáil leo féin agus le daoine eile; agus cur lena gcumas cur go dearfach leis an tsochaí. Tá baint ar leith ag roinnt de na torthaí foghlama thar na ceithre shnáithe go léir den tsonraíocht OSPS maidir le tacú le daoine óga an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna a shealbhú chun: aire a thabhairt dóibh féin; caidrimh mhí-úsáide agus bhulaíochta a aithint agus déileáil leo; agus fios a bheith acu cén uair agus cá háit cabhair agus tacaíocht a lorg.

**8.4.3** Agus a gclár Folláine á phleanáil, meabhraítear do scoileanna gur cuireadh deireadh le húsáid siollabais an Teastais Shóisearaigh don OSPS agus don OSSP ó Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh. Ó Mheán Fómhair 2023, tá deireadh curtha le húsáid shiollabas an Teastais Shóisearaigh don Chorpoideachas agus le gearrchúrsa 100 uair an chloig de chuid an CNCM. Le cúpla bliain anuas bhí roinnt roghanna ann do scoláirí a bhí ag tosú sa chéad bhliain ach, ó Mheán Fómhair 2023, beidh ar gach scoláire sa chéad bhliain gearrchúrsaí 100 uair an chloig OSPS agus OSPS CNCM agus an tsonraíocht Chorpoideachais 135-uair an chloig nuafhorbartha a leanúint.

## 8.5 An Clár Bí Sábháilte

**8.5.1** Ceanglaítear ar gach bunscoil an clár Bí Sábháilte a chur i bhfeidhm go hiomlán. Bíonn ról luachmhar ag an gclár Bí Sábháilte do bhunscoileanna chun cabhrú le leanaí na scileanna a fhorbairt is gá chun go mbeidh ar a gcumas an drochúsáid agus staideanna a mbeadh riosca na drochúsáide ag gabháil leo a shonrú agus go mbeidh ar a gcumas cur ina n-aghaidh.

**8.5.2** Cuirfear in iúl do scoileanna é má thugann an Roinn faomhadh do mhalairt cláir nó do chlár le dul in ionad an chláir Bí Sábháilte amach anseo.

## 8.6 Nósanna imeachta earcaíochta agus na riachtanais i dtaca le grinnfhiosrúchán an Gharda

**8.6.1** Ní mór d'údaráis scoile a chinntiú go ngéilltear do cheanglais na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 (an tAcht Grinnfhiosrúcháin) agus leis na ciorcláin chuí de chuid na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda i ndáil leis an lucht foirne scoile agus le daoine eile a thugann faoi obair nó gníomhaíochtaí le leanaí nó le daoine soghonta.

**8.6.2** Taobh amuigh de cheanglais an Achta Grinnfhiosrúcháin, ní mór d'údaráis scoile chomh maith bheith feasach ar a ndualgas cúraim i leith a ndaltaí faoin dlí sibhialta agus ar an ngá le cleachtas stuama ó thaobh na cosanta leanaí de. Insna cúinsí nach bhfuil aon cheanglas ar údarás scoile faoin Acht Grinnfhiosrúcháin nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil, féadann údarás scoile cinneadh ó thaobh an chleachtais stuama de nochtadh grinnfhiosrúcháin a iarraidh mar sin féin i leith duine roimh dóibh an duine sin a fhostú, conradh a dhéanamh leis an duine sin nó an duine sin a cheapadh chun tabhairt faoi obair nó gníomhaíochtaí le leanaí nó daoine soghonta nó roimh dóibh ligean don duine sin tabhairt faoi obair nó gníomhaíochtaí dá leithéid thar ceann na scoile.

**8.6.3** Ní ceart, áfach, go rachadh an grinnfhiosrúchán in áit gnáthnósanna imeachta earcaíochta, ar nós tagairtí a iarraidh agus a fhiosrú agus a chinntiú go mínítear aon bhearnaí nár míníodh i dtaifid fostaíochta/ curriculum vitae. Is cuma an mbíonn an duine á mheas i gcomhair fostaíochta nó i gcomhair ról eile sa scoil, bíonn nósanna imeachta cuimsitheacha chun seiceáil a dhéanamh ar oiriúnacht an duine chun bheith ag obair le leanaí nó le daoine soghonta ina gcuid riachtanach de chleachtas na cosanta leanaí.

**8.6.4** Ní mór d'údaráis scoile freisin féachaint chuige go ngéilltear do cheanglais na Roinne i ndáil lena chinntiú go soláthraíonn gach duine a cheaptar i bpost teagaisc nó neamhtheagaisc dearbhú reachtúil maidir le cosaint leanaí mar aon leis an bhfoirm ghealltanais a ghabhann leis. Tá tuilleadh eolais maidir le ceanglais grinnfhiosrúcháin le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne www.education.ie

## 8.7 Oiliúint

**8.7.1** Braitheann cosaint éifeachtach leanaí ar scileanna, eolas agus luachanna an lucht foirne atá ag obair le leanaí agus le teaghlaigh, agus ar an gcomhoibriú idir gníomhaireachtaí (eadarghníomhaireachta) agus laistigh de ghníomhaireachtaí (inghníomhaireachta).

Bealach tábhachtach chun é seo a bhaint amach is ea oiliúint agus oideachas cuí. Is den tábhacht ar fad é go ndéanfadh boird bhainistíochta cinnte de go mbíonn na baill foirne agus na comhaltaí den bhord bainistíochta ar fad sách taithíoch ar na nósanna imeachta seo chun go mbeidh siad in ann a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh iontu. Tá sé i gceist go mbainfear amach é seo trí chultúr feasachta agus eolais ar na nósanna imeachta seo a bheadh forbartha ag an scoil i measc an lucht foirne ar fad agus, áit is gá, trína chinntiú go dtugann na baill foirne faoin oiliúint atá ar fáil.

## 8.8 Measúnacht Riosca

**8.8.1** Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 tá oibleagáid reachtúil ar gach bord bainistíochta tabhairt faoi mheasúnacht riosca de réir an Achta. Leis an measúnacht seo gabhann cíoradh agus doiciméadú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbainfeadh díobháil do leanaí (dá dtagraítear mar riosca) fad is a bhíonn siad faoi chúram na scoile.

**8.8.2** Faoi alt 11 (1) (a) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 sainmhínítear an riosca mar “any potential for harm to a child while availing of the service.” Is ceart a thabhairt faoi deara go leagtar amach in Tús Áite do Leanaí gur ionann an riosca sa chomhthéacs seo agus an riosca “díobhála” mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 é agus nach ionann é agus an riosca don tsláinte agus don tsábháilteacht ghinearálta. Sainmhínítear an díobháil in alt 2 den Acht mar seo a leanas:

> “harm” means, in relation to a child –
>
> (a) assault, ill-treatment or neglect of the child in a manner that seriously affects or is likely to seriously affect the child’s health, development or welfare, or
> (b) sexual abuse of the child,
>
> whether caused by a single act, omission or circumstance or a series or combination of acts, omissions or circumstances or otherwise;
>
> “ill-treatment” means, in relation to a child, to abandon or cruelly treat the child, or to cause or procure or allow the child to be abandoned or cruelly treated;
>
> “neglect” means, in relation to a child, to deprive the child of adequate food, warmth, clothing, hygiene, supervision, safety or medical care;”
>
> “welfare” includes, in relation to a child, the moral, intellectual, physical, emotional and social welfare of the child.”

Leagtar amach i gCaibidil 4 de na nósanna imeachta seo go sainmhínítear an díobháil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 mar ionsaí nó drochúsáid linbh, nó faillí ar leanbh nó mí-úsáid ghnéasach linbh a bhíonn ag nó os cionn tairsí áirithe. Leagtar amach an tairseach díobhála i gcomhair gach catagóire drochúsáide i rannán 4.3 de na nósanna imeachta seo.

**8.8.3** Is éard is measúnacht riosca ann ná próiseas lena n-iniúchann eagraíocht gach gné dá gníomhaíochtaí chun a fháil amach an bhfuil aon chleachtais nó gnéithe de na gníomhaíochtaí sin a bhfuil an fhéidearthacht ann go mbeadh riosca díobhála do leanaí ag baint leo (mar a shainmhínítear san Acht é agus mar atá leagtha amach i gcaibidil 4 de na nósanna imeachta seo). Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 go bhfuil an próiseas measúnachta riosca ceaptha chun cur ar chumas eagraíochta:

- Rioscaí díobhála féideartha a shonrú
- A chinntiú go mbíonn beartais agus nósanna imeachta cuí ar bun chun an riosca díobhála a íoslaghdú trí fhreagairt go tráthúil ar rioscaí féideartha
- Athbhreithniú a dhéanamh chun a fháil amach ar glacadh réamhchúraim leordhóthanacha chun na rioscaí díobhála seo a dhíothú nó a mhaolú.

**8.8.4** Tugtar tuilleadh eolais maidir le measúnacht riosca a chur i gcrích agus leis na beartais agus na nósanna imeachta gur den dea-chleachtas iad d'fhonn leanaí a chumhdach agus d'fhonn ábhair imní maidir le leas agus cosaint leanaí a thuairisciú in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, agus sa cháipéis de chuid Thusla "Guidance on developing a child safeguarding statement".

**8.8.5** De réir na nósanna imeachta seo ní mór do gach bord bainistíochta an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Teimpléad Measúnaithe Riosca arna fhoilsiú ag an Roinn Oideachais a chomhlánú nuair a bhíonn an mheasúnú riosca seo á cur i gcrích acu. Tá an teimpléad le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne. Tá an teimpléad measúnachta riosca comhlánaithe san áireamh i Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí.

**8.8.6** Mar chabhair leis an mheasúnú riosca a chur i gcrích, tá samplaí sa teimpléad de ghníomhaíochtaí, rioscaí díobhála agus nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú atá ábhartha do mhórán scoileanna. Roghnódh gach bord bainistíochta agus cuiridís san áireamh iad siúd atá ábhartha dá chúinsí féin.

**8.8.7** Admhaítear go bhfuil raon de bheartais, cleachtais agus nósanna imeachta ar bun cheana féin ag scoileanna chun an riosca díobhála do leanaí a mhaolú nuair a bhíonn siad ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí na scoile agus nach mbeidh ach rioscaí ísle díobhála nó mionrioscaí díobhála ag baint le cuid de ghníomhaíochtaí na scoile i gcomparáid le gníomhaíochtaí eile. I gcomhthéacs na measúnachta riosca nach mór do scoileanna í a chur i gcrích, tagraítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 don riosca mar "any potential for harm". Is den tábhacht é, dá bhrí sin, go liostódh an bord bainistíochta a ghníomhaíochtaí éagsúla go léir (ar a n-áireofar iad siúd nach bhfuil ach mionriosca díobhála ag baint leo mar aon leo siúd a bheadh riosca díobhála níos mó ag baint leo), agus go n-athbhreithneodh sé iad, mar chuid dá phróiseas measúnachta riosca. Beidh sé ina chabhair don bord bainistíochta déanamh amhlaidh maidir le (1) rioscaí díobhála ar bith a bheadh ann, b'fhéidir, i leith gníomhaíochtaí na scoile a shonrú mar a fhoráltar leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, (2) leordhóthanacht na nósanna imeachta éagsúla atá ar bhun cheana féin a shonrú agus a mheas chun na rioscaí díobhála sin a bhainistiú agus (3) nósanna imeachta breise ar bith dá leithéid a shonrú agus a chur ar bun a mheastar a bheith riachtanach chun riosca díobhála ar bith a shonraítear a bhainistiú. Nuair a dhéantar tagairt don Ráiteas um Chosaint Leanaí, ciallaíonn sé seo an Ráiteas um Chosaint Leanaí lena n-áirítear Measúnú Riosca. Nuair a dhéantar tagairt don Mheasúnú Riosca, ciallaíonn sé seo an Measúnú Riosca atá sa ráiteas um Chosaint Leanaí. Tá siad in aon doiciméad

amháin agus cuirtear teimpléad éigeantach ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie anseo.

**8.8.8** Is ceart do bhoird bhainistíochta a nótáil chomh maith nach bhfuil sé i gceist go mbeadh an liosta seo samplaí ina liosta uileghabhálach. Tá sé mar fhreagracht ar gach aon bhord bainistíochta a chinntiú, sa mhéid gur féidir é, go sonraítear rioscaí ar bith eile atá ábhartha dá chúinsí féin agus go sainítear iad sa mheasúnacht riosca scríofa agus go mbíonn nósanna imeachta leordhóthanacha ar bun chun dul i ngleic leis na rioscaí go léir a shonraítear. Ós rud é go bhféadann athrú teacht ar nádúr ghníomhaíochtaí na scoile agus ar na riachtanais reachtúla agus ar na riachtanais eile nós imeachta a bhaineann le cumhdach leanaí i scoileanna thar thréimhse ama, féadann an Roinn an teimpléad measúnachta riosca agus an liosta samplaí a nuashonrú amach anseo. Dá réir sin, nuair a bheidh siad ag tabhairt faoina measúnacht riosca nó nuair a bheidh siad á hathbhreithniú, ní mór do bhoird bhainistíochta cinnte a dhéanamh de go mbaineann siad úsáid as an leagan is cothroime le dáta den Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Teimpléad Measúnaithe Riosca agus den liosta samplaí de réir mar atá siad foilsithe ar shuíomh idirlín na Roinne.

**8.8.9** Tá *Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí le haghaidh Saoráidí Cónaithe a bhaineann le Scoileanna Aitheanta 2023* foilsithe ag an Roinn chun bainistíocht na saoráidí cónaithe uile a chur ar an eolas faoi na ceanglais atá orthu agus an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 á chur i bhfeidhm acu agus chun a chinntiú go ndéantar socruithe a chur i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, lena n-áirítear Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, ar fud na saoráidí cónaithe ar fad. Tá teimpléid éigeantacha le haghaidh saoráidí cónaithe a bhaineann le scoileanna aitheanta ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie anseo

**8.8.10** Áit a gcuireann scoil gníomhaíocht nó seirbhís iar-scoile ar bith ar fáil dá daltaí is ceart di a chinntiú go mbíonn bearta leordhóthanacha cosanta leanaí ar bun aici chuig an ghníomhaíocht nó chuig an tseirbhís sin agus go n-áirítear orthu seo nósanna imeachta soiléire chun a chinntiú go dtuairiscítear go pras chuig Tusla ábhair imní ar bith maidir le cosaint leanaí a thagann chun cinn laistigh de ghníomhaíocht nó seirbhís dá leithéid de réir fhorálacha cuí Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015. Is ceart go n-áireofaí ar na nósanna imeachta sin nósanna imeachta arna ndoiciméadú go soiléir chun a chinntiú go gcoimeádtar an DIA ar an eolas faoi ábhair imní ar bith maidir le cosaint leanaí a thagann chun cinn laistigh den ghníomhaíocht nó den tseirbhís i gceist. De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, caithfidh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Teimpléad Measúnaithe Riosca na scoile gníomhaíocht nó seirbhís ar bith dá leithéid a chur sa chuntas chomh maith agus na rioscaí díobhála a mhionsonrú mar aon leis na nósanna imeachta atá ar bun chun na rioscaí sin a bhainistiú.

**8.8.11** Leagtar amach i rannán 8.10 de na nósanna imeachta seo na hamlínte faoina bhfuil ar scoileanna a measúnachtaí riosca agus a Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí a chomhlánú.

## 8.9 Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí

**8.9.1** Faoi alt 11 (1) (a) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 leagtar oibleagáid reachtúil ar sholáthraí seirbhíse cuí, ar a n-áirítear scoileanna aitheanta, Ráiteas maidir le Cumhdach

Leanaí a chur le chéile. De réir an Achta, is ráiteas scríofa é seo a chaithfidh -

1) na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an soláthraí (i.e. an scoil) a shainiú

2) na prionsabail agus na nósanna imeachta atá lena gcomhlíonadh chun a chinntiú, sa mhéid is indéanta, go mbíonn leanbh atá ag baint leasa as seirbhísí na scoile sábháilte ón díobháil

3) measúnacht scríofa riosca a cuireadh i gcrích de réir an Achta a chur san áireamh

4) na nósanna imeachta a shainiú atá ar bun chun riosca sonraithe ar bith a bhainistiú

5) na nósanna imeachta a shainiú atá ar bun–

   a) i leith baill ar bith den fhoireann is ábhar d'iniúchadh ar bith (cibé caoi a thuairiscítear é) i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúinse i leith linbh atá ag baint leasa as an tseirbhís,
   b) i ndáil le roghnú agus earcú duine ar bith mar bhall d'fhoireann an tsoláthraí maidir le hoiriúnacht an duine sin chun bheith ag obair le leanaí,
   c) i gcomhair sholáthar an eolais agus, áit is gá, an teagaisc agus na hoiliúna do lucht foirne an tsoláthraí chun a shonrú go bhfuil an díobháil tarlaithe,
   d) chun go dtuairisceoidh an soláthraí nó ball de lucht foirne an tsoláthraí chuig Tusla (bíodh an duine sin ina dhuine sainordaithe nó ná bíodh) faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 nó de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an tAire faoi alt 6 den Acht (i.e. Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017),
   e) chun liosta a choimeád de na daoine sa tseirbhís chuí atá ina ndaoine sainordaithe, agus
   f) chun duine cuí a cheapadh mar an chéad phointe teagmhála i leith ráitis maidir le cumhdach leanaí an tsoláthraí.

**8.9.2** Foráltar leis an Acht go dtabharfar aird chuí sa Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí ar Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, ar threoirlínte ar bith eile maidir le cosaint leanaí a bheidh arna n-eisiúint ag an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus ar threoirlínte ar bith maidir le cumhdach leanaí a bheidh arna n-eisiúint ag Tusla faoi alt 11 (4) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

**8.9.3** D'fhoráil na nósanna imeachta seo go gcaithfeadh gach bord bainistíochta úsáid a bhaint as an teimpléad don Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí (lena n-áirítear Measúnú Riosca) atá foilsithe ag an Roinn Oideachais chun na críche seo. Ós rud é go bhféadann athrú teacht ar nádúr ghníomhaíochtaí na scoile agus ar na riachtanais reachtúla agus ar na riachtanais eile nós imeachta a bhaineann le cumhdach leanaí i scoileanna thar thréimhse ama, féadann an Roinn an teimpléad don Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá foilsithe a nuashonrú amach anseo. Dá réir sin, nuair a bheidh siad ag cur an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí le chéile nó nuair a bheidh siad á athbhreithniú, ní mór do bhoird bhainistíochta cinnte a dhéanamh de go mbaineann siad úsáid as an leagan is cothroime le

dáta den teimpléad de réir mar atá sé foilsithe ar shuíomh idirlín na Roinne anseo.

## 8.10 Na hAmlínte faoina gcaithfear Measúnacht Riosca a chomhlánú agus Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a chur le chéile

**8.10.1** Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, i gcás gach scoile a bhí bunaithe cheana ar **11 Nollaig 2017** caithfear an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Teimpléad Measúnaithe Riosca a chur le chéile faoi **11 Márta 2018.**

**8.10.2** I gcás scoile a bunaíodh tar éis **11 Márta 2018** caithfear an riachtanas a shásamh laistigh de thrí mhí ón dáta ar a n-osclófar an scoil chun daltaí a ghlacadh.

**8.10.3** Ó 11 Márta 2018 amach rachaidh an riachtanas maidir le Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a bheith le fáil in áit an riachtanais a bhí ann roimhe sin Beartas um Chosaint Leanaí a bheith le fáil, a bhí ar bun faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna a foilsíodh in 2011.

## 8.11 Foilsiú, Taispeáint agus Roinnt Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí

**8.11.1** Faoin Acht, tá oibleagáid ar bhord bainistíochta cóip den Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile agus caithfidh sé é a chur ar fáil do thuismitheoirí, do Thusla agus do bhaill den phobal má iarrann siad é.

**8.11.2** Foráltar leis na nósanna imeachta seo go gcaithfear cóip den Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil don phátrún agus do Chumann na dTuismitheoirí agus go gcuirfear ar fáil don Roinn í ach í a iarraidh. Foilsítear cóip den Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí ar shuíomh idirlín na scoile chomh maith.

Foráltar leis an Acht go gcaithfear an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a thaispeáint in ionad suntasach sa scoil agus foráltar leis na nósanna imeachta seo go mbeidh an t-ionad seo gar don phríomhbhealach isteach sa scoil. Foráltar leis na nósanna imeachta seo chomh maith go dtaispeánfar ainm an DIA taobh leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí.

**8.11.3** Foráltar le rannán 3.5.2 de na nósanna imeachta seo chomh maith go gceapfar an DIA mar an "relevant person" faoi alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 chun críche bheith mar an chéad phointe teagmhála i leith Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí.

## 8.12 Maoirseacht ag an mBord Bainistíochta

**8.12.1** Tá freagracht ar bhoird bhainistíochta chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go hiomlán na riachtanais maidir le cumhdach leanaí insna nósanna imeachta seo agus caithfidh siad maoirseacht chuí a chur i bhfeidhm ina leith seo. I dteannta le cloí le riachtanais na caibidle

seo, déanadh an bord bainistíochta cinnte de go sásóidh an bord bainistíochta riachtanais mhaoirseachta na nósanna imeachta seo ar fad, iad siúd atá leagtha amach i gcaibidil 9 san áireamh.

## 8.13 An Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a Athbhreithniú

**8.13.1** Foráltar leis na nósanna imeachta seo go gcaithfear an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a athbhreithniú gach bliain de réir na riachtanas atá leagtha amach sa chaibidil seo. Trí thabhairt faoin athbhreithniú bliantúil seo déanfaidh bord bainistíochta cinnte de go sásaíonn sé chomh maith a oibleagáid reachtúil faoi alt 11(7) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 chun a Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a athbhreithniú gach dhá bhliain.

**8.13.2** Is ceart do bhoird bhainistíochta chomh maith bheith feasach go bhforáltar leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 go gcaithfear an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a athbhreithniú níos luaithe ná na hamlínte dá dtagraítear thuas, áit a bhfuil aon athrú ábhartha déanta maidir le ní ar bith dá dtagraítear sa ráiteas.

**8.13.3** Ceanglaítear leis na nósanna imeachta seo go ndéanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú go sainiúil ar chur i bhfeidhm na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* ag an scoil mar chuid de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí. Tá seicliosta teimpléid foilsithe ag an Roinn a chaithfear a úsáid mar chabhair chun an t-athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a chur i gcrích. Níl an seicliosta ceaptha chun bheith ina liosta uileghabhálach de na ceisteanna atá le machnamh. Áireoidh boird bhainistíochta aonair nithe eile ar an seicliosta atá ábhartha don scoil i gceist. Tá doiciméid tacaíochta agus teimpléid ar fáil anseo.

**8.13.4** Mar chuid dá athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí, ní mór don bhord bainistíochta aiseolas a iarraidh ar thuismitheoirí maidir le comhlíonadh riachtanas cosanta leanaí na nósanna imeachta seo ag an scoil. Mar chuid den athbhreithniú, is ceart don bhord bainistíochta tuairimí na ndaltaí faoi shocruithe na scoile maidir le cumhdach a iarraidh freisin. Is ceart é seo a dhéanamh i mbealach a oireann d’aois agus aibíocht na leanaí i gceist. Is ceart dul i ngleic le réimsí ar bith a shonraítear mar réimsí ina bhfuil feabhas ag teastáil mar thoradh ar aiseolas ó thuismitheoirí agus daltaí.

**8.13.5** Cuireadh an bord bainistíochta plean aicsin ar bun chun dul i ngleic le réimsí ar bith a shonraítear leis an athbhreithniú mar réimsí ina bhfuil feabhas ag teastáil agus déanadh sé socruithe chun go ndéileálfar leo seo a luaithe is féidir.

**8.13.6** Déanadh an bord bainistíochta socruithe chun cur in iúl do lucht foirne na scoile go bhfuil an t-athbhreithniú curtha i gcrích. Cuirtear fógra scríofa go bhfuil an t-athbhreithniú curtha i gcrích ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí (nó murab ann dó sin do na tuismitheoirí go díreach) agus do phátrún na scoile. Tá fógra caighdeánach foilsithe ag an Roinn chomh maith a chaithfear a úsáid chun na críche seo. Foilsítear cóip den bhfógra seo ar shuíomh idirlín na scoile. Coimeádtar taifid den athbhreithniú agus den toradh a bhí air agus cuirtear ar fáil iad, má iarrtar iad, don phátrún agus/nó don Roinn.

**8.13.7** Ós rud é go bhféadann athrú teacht ar nádúr ghníomhaíochtaí na scoile agus ar na riachtanais reachtúla agus ar na riachtanais eile nós imeachta a bhaineann le cumhdach leanaí i scoileanna thar thréimhse ama, féadann an Roinn an teimpléad don seicliosta atá foilsithe a nuashonrú amach anseo. Dá réir sin, nuair a bheidh siad ag tabhairt faoin athbhreithniú bliantúil, ní mór do bhoird bhainistíochta cinnte a dhéanamh de go mbaineann siad úsáid as an leagan is cothroime le dáta den teimpléad don seicliosta agus den bhfógra caighdeánach atá le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne anseo.

## 8.14 Neamhchomhlíonadh agus an clár Neamhchomhlíonta

**8.14.1** Foráltar leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 go bhféadann Tusla clár neamhchomhlíonta a bhunú agus a choimeád ina mionsonrófar soláthraí ar bith seirbhísí ábhartha a mhainníonn cóip den Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do Thusla nuair a iarrfar orthu déanamh amhlaidh. Faoin Acht, caithfidh Tusla an clár a chur ar fáil don phobal lena iniúchadh ag gach tráth réasúnta ag a phríomhoifig.

# Caibidil 9: Maoirseacht

## 9.1 Réamhrá

**9.1.1** Le foilsiú Threoir Náisiúnta 2017 Tús Áite do Leanaí agus tabhairt isteach oibleagáidí náisiúnta ar dhaoine áirithe (daoine sainordaithe) agus ar eagrais (scoileanna san áireamh) tá fócas arís ar chosaint leanaí. Is iad príomhaidhmeanna an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 a chinntiú go dtuairiscítear go tráthúil agus go cuí do Tusla ábhair imní faoi mhí-úsáid leanaí agus go gcoinníonn eagrais a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí sábháilte ó dhochar iad. Chun a chinntiú go mbaintear na haidhmeanna seo amach in earnáil na scoileanna, is den riachtanas gur ann do chreat cuí maoirseachta agus comhaill.

**9.1.2** Tá gnás láidir cosaint leanaí cheana féin inár gcóras scoileanna agus le foilsiú na nósanna imeachta cosaint leanaí in 2011, cuireadh bearta áirithe maoirseachta ar bun le tacú leis an nós sin agus é a dhaingniú. Mar sin féin, i gcomhthéacs na n-oibleagáidí reachtúla a bhaineann le gach múinteoir cláraithe agus le gach údarás scoile, is riachtanach go mbeidh siad chomh cuimsitheach agus chomh daingean agus is féidir. Is cuidiú é seo chun a chinntiú gur féidir leis an earnáil a léiriú go bhfuil ár gcuid scoileanna agus a mbaill foirne ag comhlíonadh an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019) agus riachtanais na Roinne faoi mar atá siad leagtha amach sna nósanna imeachta seo do scoileanna.

**9.1.3** Dá réir, leis na nósanna imeachta seo do scoileanna tá roinnt bearta maoirseachta ann ar cuidiú iad chun a chinntiú agus a léiriú go mbíonn idir an lucht foirne scoile agus údaráis scoile ag comhlíonadh oibleagáidí an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus oibleagáidí dea-chleachtais Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017. Is é cuspóir na mbeart dul i gceann maoirseacht dhá chroíréimse, mar atá, comhlíonadh oibleagáidí tuairiscithe agus comhlíonadh oibleagáidí cosaint leanaí faoi mar atá siad leagtha amach sna nósanna imeachta seo.

**9.1.4** Is prionsabal é a bhfuil glacadh leis maidir le nósanna imeachta maoirseachta agus dearbhú cáilíochta éifeachtach go mbaintear feidhm as réimse de bhearta comhlántacha chun feidhmiú agus soláthar ardchaighdeáin a chinntiú. Is ar an bhfáth seo a úsáidfear réimse de bhearta chun feidhmiú na nósanna imeachta seo a chinntiú. Sa chaibidil seo, leagtar amach na príomhfhorálacha maoirseachta a bhaineann le leibhéal na scoileanna. Leagtar amach fosta an comhthéacs maoirseachta is leithne ina bhfeidhmíonn scoileanna, lena n-áirítear róil maoirseachta na Roinne Oideachais, Tusla, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus a Grúpa Idir-rannach Tús Áite do Leanaí.

## 9.2 Maoirseacht agus comhlíonadh ag lucht ceannaireachta scoileanna

**9.2.1** Is ról fadbhunaithe ríthábhachtach i scoileanna é an DIA in earnáil na scoileanna agus le go n-aithnítear na scileanna suntasacha ceannaireachta a bhíonn de dhith sa ról seo, is iondúil gurb é an príomhoide an DIA.

**9.2.2** Tá tábhacht ar leith le ról an DIA i mbainistíocht agus maoirseacht tuairisciú cosaint leanaí. Chuige sin, feidhmíonn an DIA i measc daoine eile, mar chroíphearsa acmhainne d'aon bhall den lucht foirne scoile a bhfuil ábhar imní acu faoi chosaint leanaí, cinntíonn sé/sí go bhfuiltear ag cloí mar is cuí agus go tráthúil leis na nósanna imeachta seo agus go gcoinnítear bail chuí ar gach taifead bainteach. Ós iondúil gurb é an príomhoide an DIA, is iondúil gurb é/í a bhíonn freagrach as tuairisc an phríomhoide a chur ar fáil ar gach cruinniú den bhord bainistíochta. Is gá anois go gcuimsítear Tuairisc Maoirseacht Cosaint Leanaí sa tuairisc seo agus tá tuilleadh mionsonraí faoi seo leagtha amach i mír 9.4 den chaibidil seo.

**9.2.3** D'ainneoin na riachtanas éigeantach tuairiscithe do mhúinteoirí aonair, leantar d'aithint thábhacht ról an DIA sna nósanna imeachta seo agus leantar den riachtanas gach údar imní faoi chosaint leanaí a chur i láthair an DIA mar a rinneadh roimhe. Tá croíról ag an DIA le comhairle a thabhairt don lucht foirne scoile faoi aon ábhar imní a bheadh acu faoi dhaltaí agus i bhfeidhmiú a (h)eolais agus a f(h)easachta is leithne ar chúrsaí cosaint leanaí chun a chinntiú go n-aithnítear agus go dtuairiscítear ábhair imní a luaithe agus is féidir.

## 9.3 Maoirseacht ag an mBord Bainistíochta

**9.3.1** De réir an Achta Oideachais, 1998, is faoin mbord bainistíochta atá rialachas díreach scoile. Dá réir sin, is é freagracht an bhoird bainistíochta é a chinntiú go bhfeidhmítear na nósanna imeachta seo ina n-iomláine agus a gcáilíocht agus éifeachtúlacht a dhearbhú ar bhonn rialta. Chuige sin, maidir le dea-rialachas, is gá go mbíonn an bord bainistíochta sásta go bhfuil nósanna imeachta daingne ar bun ag an scoil lena chur ar a cumas plé go hiomlán agus go cuí le gach ceist cosaint leanaí sa scoil de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019) agus riachtanais na Roinne faoi mar atá siad leagtha amach sna nósanna imeachta seo do scoileanna. Tá bearta áirithe maoirseachta sna nósanna imeachta seo ar aidhm dóibh a chinntiú go gcomhlíonann an bord bainistíochta a fhreagrachtaí chuige seo.

**9.3.2** Is ábhar an-tromchúiseach é nuair a dhéantar líomhain mhí-úsáide in aghaidh duine den lucht foirne scoile agus i gcás mar seo, cloífidh an fostóir leis na nósanna imeachta bainteacha i gcaibidil 7 lena n-áirítear, más gá, feidhmiú an phrótacail lena gceadaítear beart láithreach agus tús a chur le haon phróiseas smachta a bheadh de dhíth. Lena chois sin, áfach, agus go díreach maidir le maoirseacht riachtanais tuairiscithe, tá roinnt riachtanas sainiúil curtha ar bun i dtaca le tuairisciú do Tusla líomhaintí mí-úsáide in aghaidh fostaithe. D'fhéadfadh a leithéid de líomhaintí teacht aníos ar roinnt bealaí, m.sh. de thoradh líomhain ó thuismitheoir, ábhar imní ag ball eile foirne, nochtadh eolais ó leanbh nó de thoradh eolais a thugann Tusla nó An Garda Síochána don scoil. Le cois maoirseacht tuairisciú líomhaintí in aghaidh baill den lucht foirne scoile, tá riachtanais

maoirseachta ar bun fosta do bhoird bainistíochta a bhaineann le tuairisciú níos leithne ábhair imní faoi chosaint leanaí a bhaineann le leanaí sa scoil agus maidir le comhlíonadh riachtanais na nósanna imeachta seo i dtaca le riachtanais cosaint leanaí na scoile.

**9.3.3** Aithnítear gur freagracht phearsanta bhaill den lucht foirne scoile é cloí le riachtanais tuairiscithe sna nósanna imeachta seo má fhaigheann siad amach faoi ábhar imní a bhaineann le leanbh. Mura ngníomhaíonn duine maidir lena leithéid d'ábhar imní, d'fhéadfadh sé bheith thar a bheith deacair do bhord bainistíochta an fhíric seo a chruthú óir d'fhéadfadh sé nach gcuirfí in iúl láithreach nó, i gcásanna áirithe, choíche don bhord. D'ainneoin na laincise seo, is é aidhm na nósanna imeachta seo a chinntiú go bhfuil na socruithe maoirseacht tuairiscithe chomh daingean agus chomh cuimsitheach agus is féidir.

**9.3.4** Maidir le maoirseacht tuairisciú ábhair imní cosaint leanaí, is gá, i dtaca leis na nósanna imeachta seo, eolas áirithe a chur ar fáil don bhord bainistíochta le go n-athbhreithneoidh siad é. Óna thaobh sin de, leagtar amach i míreanna 9.4 go 9.8 na riachtanais i gcomhair Tuairiscí Maoirseacht Cosaint Leanaí a chur ar fáil don bhord bainistíochta.

**9.3.5** Leagtar amach i rannóg 9.9 fosta na riachtanais maoirseachta maidir le hoibleagáidí cosaint leanaí na scoile.

## 9.4 Tuairisc Maoirseacht Cosaint Leanaí an Phríomhoide don bhord bainistíochta

**9.4.1** Ag gach cruinniú den bhord bainistíochta, cuimseofar i dtuairisc an phríomhoide don bhord Tuairisc Maoirseacht Cosaint Leanaí ina mbeidh eolas faoi 4 cheannteideal mar a leanas:

(1) Líomhaintí mí-úsáide in aghaidh baill den lucht foirne scoile (féach mír 9.5)

(2) Ábhair imní cosaint leanaí eile faoi dhaltaí sa scoil (.i. ábhair imní nach mbaineann le haon líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball den lucht foirne scoile) (féach mír 9.6)

(3) Ábhair imní cosaint leanaí ag éirí as iompraíocht bhulaíochta líomhnaithe i measc daltaí (féach mír 9.7) agus

(4) Sonraí achoimre maidir le tuairisciú (féach mír 9.8)

**9.4.2** Leagtar amach an t-eolas a thabharfar faoi na ceannteidil (1) go (4) ag míreanna 9.5 go 9.8 de na nósanna imeachta seo.

## 9.5 Líomhaintí mí-úsáide in aghaidh baill den lucht foirne scoile

**9.5.1 Mar chuid de thuairisc an phríomhoide don bhord bainistíochta, cuirfear in iúl-**

(a) an líon tuairiscí a rinneadh do Tusla ó bhí an cruinniú deireanach boird ann maidir le líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball den lucht foirne scoile,

(b) an líon cásanna ó bhí an cruinniú deireanach boird ann, nuair a d'iarr an DIA ó Tusla maidir le líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball den lucht foirne scoile agus nár thuairiscigh an DIA an cás, bunaithe ar chomhairle Tusla,

(c) an líon cásanna ó bhí an cruinniú deireanach boird ann, nuair a rinneadh líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball den lucht foirne scoile agus nár iarr an DIA comhairle ó Tusla ar an gcás agus nár thuairiscigh DIA an cás do Tusla,

(d) an líon cásanna ó bhí an cruinniú deireanach boird ann, nuair a rinneadh líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball den lucht foirne scoile agus nár thuairiscigh an DIA an cás do Tusla agus nuair a chomhairligh Tusla don DIA gur chóir é a thuairisciú,

(e) nach raibh aon chás amhail (a), (b), (c) nó (d) thuas,

**9.5.2** I ngach cás dá dtagraítear ag (a) agus (b) thuas, cuirfear ar fáil don bhord bainistíochta agus athbhreithneoidh siad ag an gcruinniú na nithe seo a leanas**-**

1. Cóipeanna de na taifid agus nótaí uile a bhaineann le conas a fuair an DIA amach faoin líomhai
2. Cóipeanna d'aon taifid agus nótaí a bhaineann le comhairle a iarraidh ar Tusla maidir leis an líomhain agus leis an gcomhairle a tugadh
3. Cóipeanna d'aon tuairisc a cuireadh faoi bhráid Tusla maidir leis an líomhain
4. Cóipeanna d'aon taifid cumarsáide eile le Tusla, An Garda Síochána nó le haon pháirtí eile maidir leis an líomhain (lena n-áirítear aon admháil ó Tusla go bhfuair siad an tuairisc)
5. Cóipeanna d'aon fhógra a eisíodh faoi mhír 5.6 de na nósanna imeachta seo
6. Cóipeanna d'aon ráiteas a cuireadh ar fáil do bhall den lucht foirne scoile faoi mhír 5.3.8 de na nósanna imeachta seo.

**9.5.3** **Ba chóir a shonrú go mbeidh na taifid a thabharfar don bhord bainistíochta faoi mhír 9.5.2 le déanamh anaithnid agus le leasú de réir mar is gá lena chinntiú nach n-ainmneofar aon duine de na leanaí ná páirtithe ar bith eile, an ball foirne scoile lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuairisc san áireamh.** Cuirfear na doiciméid seo ar fáil do bhaill an bhoird bainistíochta ag an gcruinniú boird agus gheofar ar ais gach doiciméad i ndiaidh don bhord déileáil leis an gceist agus cuirfidh an DIA sa chomhad cáis chuí iad. Ní dhéanfar na doiciméid a leithdháileadh ar aon bhall den bhord ar leithligh ná ní choinneoidh baill boird iad. Saineofar i miontuairiscí chruinniú an bhoird bainistíochta na doiciméid a cuireadh ar fáil don chruinniú boird ar aon dul leis an riachtanas thuas. Ní ainmneofar sna miontuairiscí an fostaí ná aon leanbh dá dtagraítear sna doiciméid ach taifeadfar an cás trí thagairt don chód nó don tsraithuimhir ar leith a shannfar don chás/do na páirtithe bainteacha. **Agus anaithnidiú á dhéanamh ar aitheantas ball foirne scoile, úsáidfidh an DIA cód uathúil nó sraithuimhir nach mór a athúsáid má dhéantar líomhain mí-úsáide i gcoinne bhall foirne na scoile seo arís. Cuirfidh an DIA an bord ar an eolas, tríd an gcód uathúil nó an tsraithuimhir seo, má tá líomhain(í) mhí-**

**úsáide déanta roimhe seo i gcoinne bhall foirne na scoile seo agus, más ea, líon na líomhaintí sin lena n-áirítear toradh na líomhaintí roimhe seo.**

Tabhair aire, le do thoil, i gcás ina raibh cruinniú éigeandála den fhostóir (bord bainistíochta nó BOO, de réir mar is cuí) chun fostaí a chur ar shaoire riaracháin tar éis prótacal a údaraíonn beart láithreach (Aguisín 3), cuirtear forálacha an ailt seo 9.5.3 i bhfeidhm fós gan ainmneacha a nochtú ag an gcruinniú boird ina dhiaidh sin don Tuarascáil Maoirseachta ar Chosaint Leanaí. Pléitear saincheisteanna fostaíochta mar atá leagtha amach i gCaibidil 7 ar leithligh ón maoirseacht ar chosaint leanaí.

**9.5.4** Ba chóir a shonrú gur chóir do gach ball den bhord bainistíochta plé leis na taifid seo faoi chuing dhocht rúin agus a thuiscint **gur ar chúiseanna mhaoirseacht na riachtanas tuairiscithe a leagtar amach sna nósanna imeachta seo agus orthu sin amháin atá siad le hathbhreithniú**. Déanfar an-chúram de chinntiú nach gcuirfidh maoirseacht na mball boird ar na riachtanais tuairiscithe as do bhearta amach anseo a bhféadadh gá a bheith leo de réir na nósanna imeachta smachta bainteacha. Dá réir sin, ní rachaidh an bord, faoi aon chúinsí, i gceann aon phlé ná fiosrúcháin a bhaineann le hábhar ná inchreidiúnacht ná eile na líomhna atá i gceist agus iad i mbun an róil maoirseachta seo. Is é an t-aon chuspóir amháin atá leis an athbhreithniú seo a fháil amach, bunaithe ar an eolas atá ag an DIA agus ar aon chomhairle a fuarthas ó Tusla, ar comhlíonadh na riachtanais chuí tuairiscithe. Aon phlé, fiosrúchán nó cinntí maidir le tuilleadh beart a dhéanfar i leith fostaí a ndearnadh an líomhain ina (h)aghaidh, caithfear iad a dhéanamh ar leithligh agus ar aon dul leis na nósanna imeachta bainteacha i gcaibidil a 7.

**9.5.5** Meabhraítear do bhaill boird fosta a ndualgas chun rúndacht cruinnithe boird a choinneáil agus nach ceadmhach cásanna a phléitear ar chruinnithe boird a nochtadh ná a phlé ach má cheadaíonn an bord bainistíochta go follasach a leithéid a dhéanamh. Is féidir leis an bpátrún ball den bhord a sháraíonn an riachtanas seo a bhriseadh ón mbord ar aon dul le forálacha bainteacha d'alt 16 den Acht Oideachais 1998 agus maidir le sárú den chineál seo, d'fhéadfadh sé nach gcosnófaí é/í in aon imeachtaí dlí a dhéanfaí ina (h) aghaidh tríd an tslánaíocht ghinearálta a thugtar do bhaill bord bainistíochta faoi alt 14(7) den Acht Oideachais, 1998.

**9.5.6** Nuair a thagann aon chás aníos dá dtagraítear ag (c) agus (d) de mhír 9.5.1 thuas, cuirfidh an DIA in iúl láithreach do chathaoirleach an bhoird bainistíochta. Tionólfar cruinniú éigeandála den bhord bainistíochta mar a gcuirfear ar fáil do bhaill boird na doiciméid dá dtagraítear ag (1) go (6) i mír 9.5.2 chun go n-athbhreithneoidh siad iad. Roimh an gcruinniú éigeandála den bhord bainistíochta, iarrfaidh an cathaoirleach, thar ceann an bhoird, comhairle ar Tusla faoi cé acu ba chóir nó nár chóir an líomhain a thuairisciú agus tuairisceoidh sé/sí an cás thar ceann an bhoird má iarrtar air/uirthi. Lena chois sin, tabharfaidh an cathaoirleach don bhord:

1. Cóip de thaifid nó de nótaí an chathaoirligh a bhaineann lena (h)iarratas ar chomhairle ar Tusla maidir leis an líomhain agus leis an gcomhairle a tugadh
2. Cóip den tuairisc a cuireadh faoi bhráid Tusla faoin líomhain agus aon admháil go bhfuair Tusla an tuairisc sin

**9.5.7** Bainfidh na forálacha ó mhíreanna 9.5.3 go 9.5.5 ina n-iomláine le cruinniú éigeandála an bhoird bainistíochta agus leis na doiciméid dá dtagraítear ag 1 agus 2 in alt 9.5.6 freisin agus déanfar na doiciméid sin a anaithnidiú agus ainmneacha a bhaint amach de réir mar is gá chun a chinntiú nach nach n-ainmneofar aon leanaí ná aon pháirtithe eile, lena n-áirítear an ball foirne scoile lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuairisc. Sa chás nár lorg an DIA comhairle ó Tusla, déanfaidh an cathaoirleach amhlaidh thar ceann an bhoird. Mar sin féin, ní mór na bundoiciméid a sholáthar don chathaoirleach gan aon anaithnidiú agus é/í a chur ar an eolas faoi shonraí na líomhna ina n-iomláine d'fhonn comhairle a lorg ó Tusla a eascú faoi cé acu ar cheart nó nár cheart an líomhain a thuairisciú

**9.5.8** Más amhlaidh nár chomhlíon an bord bainistíochta na nósanna imeachta atá sa mhír seo agus nár thuairiscigh sé an cás do Tusla cé gur chomhairligh Tusla gur chóir a leithéid a thuairisciú, cuirfidh sé an fhíric seo in iúl don phátrún scoile i scríbhinn. Taifeadfar an gníomh seo i miontuairiscí an chruinnithe chuí bord bainistíochta agus coinneofar cóip den teachtaireacht a cuireadh chuig an bpátrún.

**9.5.9** Ba chóir a shonrú fosta, mura dtuairisceoidh ball de phearsanra scoile cás do Tusla más amhlaidh gur comhairlíodh dóibh a dhéanamh nó mura gcomhlíonfaidh siad na nósanna imeachta seo ar bhealach eile, is cúis smachta í a bheadh le tuairisciú agus le déileáil léi ar leithligh ag an bhfostóir de réir na nósanna imeachta cuí smachta.

## 9.6 Ábhar imní eile faoi chosaint leanaí a bhaineann le daltaí sa scoil (i.e. cásanna nach mbaineann le haon líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball de phearsanra scoile)

**9.6.1** Seachas na cásanna dá dtagraítear i míreanna 9.5 go 9.7 de na nósanna imeachta seo, mar chuid de thuairisc an phríomhoide don bhord bainistíochta, saineoidh an Tuairisc Mhaoirseachta Chosaint Leanaí an líon cásanna atá tagtha aníos ó bhí an cruinniú boird deireanach ann faoi gach ceannteideal acu seo a leanas -

a) Aon chás inar chuir ball den lucht foirne scoile tuairisc faoi bhráid Tusla maidir le leanbh sa scoil i gcúinsí gur chinn an DIA nár ghá tuairisciú ina leith.
b) Aon chás inar iarr an DIA comhairle Tusla maidir le hábhar imní faoi leanbh sa scoil agus gur chomhairligh Tusla nár chóir an cás a thuairisciú.
c) Aon chás inar iarr an DIA comhairle Tusla maidir le hábhar imní faoi leanbh sa scoil agus gur chomhairligh Tusla gur chóir an cás a thuairisciú ach nár thuairiscigh an DIA an cás a bhí i gceist.

Nuair nach mbíonn aon chás amhail ag (a), (b) nó (c) thuas, maífear an méid sin sa tuairisc.

**9.6.2** **Maidir le gach cás a thagann aníos faoi na ceannteidil thuas, tabharfar na doiciméid thíos don bhord bainistíochta le go n-athbhreithneoidh siad iad:**

1) Cóipeanna de na taifid agus de na nótaí ar fad a bhaineann le conas a fuair

an DIA amach faoin ábhar imní

2) Cóipeanna d'aon taifid ná de nótaí a bhaineann le comhairle a iarraidh ar Tusla a bhaineann leis an ábhar imní agus leis an gcomhairle a tugadh

3) Cóipeanna d'aon tuairisc a chuir aon bhall den lucht foirne scoile faoi bhráid Tusla a bhaineann leis an ábhar imní

4) Cóipeanna d'aon taifid chumarsáide le Tusla, An Garda Síochána nó le haon pháirtí eile a bhaineann leis an ábhar imní (lena n-áirítear aon admháil ag Tusla go bhfuair siad an tuairisc)

5) Cóipeanna d'aon ráiteas a tugadh do bhall den lucht foirne scoile faoi mhír 5.3.8 de na nósanna imeachta seo

**9.6.3** **Ba chóir a shonrú go mbeidh na taifid a thabharfar don bhord bainistíochta faoi mhír 9.6.2 le déanamh anaithnid agus le leasú de réir mar is gá lena chinntiú nach n-ainmneofar aon duine de na leanaí ná páirtithe ar bith eile a bhaineann leis an ábhar imní nó leis an tuairisc**. Tabharfar na doiciméid atá i gceist do bhaill an bhoird bainistíochta ag an gcruinniú boird agus gheofar ar ais gach doiciméad i ndiaidh don bhord déileáil leis an gcás agus cuirfidh an DIA iad sa chomhad cuí cáis. Ní dhéanfar na doiciméid a leithdháileadh ar leithligh ná ní choinneoidh aon bhall den bhord bainistíochta iad. Sonrófar i miontuairiscí an bhoird bainistíochta na doiciméid a tugadh don bhord ar aon dul leis an riachtanas thuas. Ní ainmneofar aon leanbh ná aon pháirtí eile a bhaineann leis an ábhar imní nó leis an tuairisc ach taifeadfar an cás trí thagairt don chód nó don tsraithuimhir ar leith a shannfar don chás nó do na páirtithe lena mbaineann.

**9.6.4** Ba chóir a shonrú gur chóir do gach ball den bhord bainistíochta plé leis na taifid seo faoi chuing dhocht rúin agus a thuiscint gur **ar chúiseanna mhaoirseacht na riachtanas tuairiscithe a leagtar amach sna nósanna imeachta seo agus orthu sin amháin atá siad le hathbhreithniú.** Dá réir sin, ní rachaidh an bord, faoi aon chúinsí, i gceann aon phlé nó fiosrúcháin a bhaineann le hábhar nó inchreidiúnacht nó eile na líomhna atá i gceist agus iad i mbun an róil maoirseachta seo. Is é an t-aon chuspóir amháin atá leis an athbhreithniú seo a fháil amach, bunaithe ar an eolas atá ag an DIA agus ar aon chomhairle a fuarthas ó Tusla, ar comhlíonadh na riachtanais chuí tuairiscithe.

**9.6.5** Meabhraítear do bhaill boird fosta a ndualgas chun rúndacht cruinnithe boird a choinneáil agus nach ceadmhach cásanna a phléitear ar chruinnithe boird a nochtadh ná a phlé ach má cheadaíonn an bord bainistíochta go follasach a leithéid a dhéanamh. Is féidir leis an bpátrún ball den bhord a sháraíonn an riachtanas seo a bhriseadh ón mbord ar aon dul le forálacha bainteacha d'alt 16 den Acht Oideachais 1998 agus maidir le sárú den chineál seo, d'fhéadfadh sé nach gcosnófaí é/í in aon imeachtaí dlí a dhéanfaí ina (h)aghaidh tríd an tslánaíocht ghinearálta a thugtar do bhaill bord bainistíochta faoi alt 14(7) den Acht Oideachais, 1998.

**9.6.6** Ba chóir a shonrú fosta, gur cúis smachta é mura dtuairiscíonn aon bhall de phearsanra scoile cás do Tusla más amhlaidh gur chomhairligh Tusla a leithéid a dhéanamh nó mura gcomhlíontar na nósanna imeachta seo ar bhealach eile agus go dtuairisceoidh agus go bpléifidh an fostóir leis an gcás ar leithligh ar aon dul leis na nósanna imeachta cuí smachta.

## 9.7 Údair imní cosaint leanaí de bharr iompraíocht bhulaíochta líomhnaithe i measc daltaí

**9.7.1** Mar chuid de thuairisc an phríomhoide don bhord bainistíochta, saineofar sa Tuairisc Mhaoirseachta Cosaint Leanaí an líon cásanna ó bhí an cruinniú deireanach bord bainistíochta ann, nuair:

(a) thuairiscíonn an DIA ábhar imní faoi leanbh mar gheall ar iompraíocht bhulaíochta líomhnaithe i measc daltaí
(b) a iarann an DIA comhairle ar Tusla faoi thuairisciú údar imní faoi faoi leanbh mar gheall ar iompraíocht bhulaíochta líomhnaithe i measc daltaí,

Nuair nach mbíonn aon chás ann ag (a) nó (b) thuas, maífear é sin sa tuairisc.

**9.7.2** Maidir le haon chás dá dtagraítear ag (a) nó (b) i mír 9.7.1, tabharfar na doiciméid a liostaítear thíos don bhord le go n-athbhreithneoidh siad iad:

1) Cóipeanna de na taifid agus de na nótaí uile a bhaineann le conas a fuair an DIA amach faoin ábhar imní
2) Cóipeanna d'aon taifid agus nótaí a bhaineann le comhairle a iarraidh ar Tusla faoin ábhar imní agus don chomhairle a tugadh
3) Cóipeanna d'aon tuairiscí a chuir aon bhall den lucht foirne scoile faoi bhráid Tusla faoin ábhar imní
4) Cóipeanna d'aon taifid chumarsáide eile le Tusla, An Garda Síochána nó le haon pháirtí eile a bhaineann leis an ábhar imní (lena n-áirítear aithint Tusla go bhfuarthas an tuairisc)
5) Cóipeanna d'aon ráiteas a tugadh do bhall den lucht foirne scoile faoi mhír 5.3.8 de na nósanna imeachta seo

**9.7.3** **Is tábhachtach a shonrú go mbaineann míreanna 9.6.3 go 9.6.5, is é sin na 3 mhír, leis na taifid a thugtar do na boird bainistíochta faoi mhír 9.7.2**. Ba chóir a shonrú fosta gur ar leithligh a dhéanfar aon phlé nó cinneadh maidir le bearta eile a bheidh le déanamh maidir le hiompraíocht bhulaíochta líomhnaithe ar aon dul le Polasaí Frithbhulaíochta na scoile agus leis na nósanna imeachta cuí a leagtar amach in Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile

## 9.8 Sonraí achoimre maidir le tuairisciú

**9.8.1** Lena chois sin, mar chuid de thuairisc an phríomhoide don bhord bainistíochta, maífear na nithe seo a leanas sa Tuairisc Mhaoirseachta Cosaint Leanaí -

a) an líon iomlán tuairiscí a rinne an DIA do Tusla ó bhí an cruinniú bord bainistíochta deireanach ann agus an líon tuairiscí acu sin a cuireadh isteach mar thuairiscí faoi shainordú agus cé acu a bhain nó nár bhain aon tuairisc díobh (bíodh siad faoi shainordú nó ná bíodh) le ball den lucht foirne scoile;

b) an líon iomlán cásanna, ó bhí an cruinniú bord bainistíochta deireanach ann, inar iarr an DIA comhairle ar Tusla agus, mar gheall ar an gcomhairle sin, nach ndearna an DIA tuairisc agus cé acu a bhain nó nár bhain aon chás díobh le ball den lucht foirne scoile;

c) an líon iomlán cásanna, ó bhí an cruinniú bord bainistíochta deireanach ann, inar thug ball den lucht foirne scoile cóip de thuairisc don DIA a chuir an duine sin faoi bhráid Tusla maidir le cás ar mheas an DIA nár ghá tuairisciú ina leith nó nár ghá tuairisciú ina leith mar thuairisc faoi shainordú agus agus cé acu a bhain nó nár bhain aon chás díobh le ball den lucht foirne scoile;

d) nuair nach mbíonn aon chás ann ag (a), (b) nó (c) thuas, maífear an méid sin.

## 9.9 Maoirseacht Riachtanais Ráiteas Cosaint Leanaí ag Bord Bainistíochta

**9.9.1** Is é an prionsabal foriomlán a chuireann bonn eolais faoi feidhm mhaoirseachta an bhoird bainistíochta an ceanglas atá ar bhoird bainistíochta a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta daingne ar bun acu chun na nósanna imeachta seo a chur i bhfeidhm agus a bheith cinnte go bhfuil a nósanna imeachta éifeachtach chun a dheimhniú go bhfuil gach leanbh sábháilte ó dhíobháil agus iad ag freastal ar scoil nó ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí scoile. Chuige sin, ba chóir do bhoird bainistíochta a chinntiú go bhfeidhmítear na nósanna imeachta seo ina n-iomláine. Is é a dhéanfaidh an bord bainistíochta go háirithe:

- an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnaithe Riosca a ghlacadh go foirmiúil agus clárófar an méid sin i miontuairiscí an chruinnithe boird chuí
- a chinntiú agus a chlárú i miontuairiscí an chruinnithe boird chuí gur comhlíonadh go hiomlán gach ceanglas i leith thaispeáint, fhoilsiú agus leithdháileadh an Ráitis, faoi mar a leagtar amach sna nósanna imeachta seo.
- athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnaithe Riosca agus fógra a eisiúint ag deimhniú chomhlánú an athbhreithnithe sin leis an bpátrún agus le Cumann na dTuismitheoirí ar aon dul leis na nósanna imeachta a leagtar amach i gcaibidil 8 de na nósanna imeachta seo. Foilseoidh an bord bainistíochta fosta an fógra ag deimhniú chomhlánú an athbhreithnithe bhliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile. Clárófar i miontuairiscí an chruinnithe boird chuí go ndearna siad an t-athbhreithniú agus gur eisigh/fhoilsigh siad fógra á dheimhniú sin.

**9.9.2** Cuirfear aon ghearán nó moladh le haghaidh feabhsúcháin a dhéantar leis an mbord bainistíochta nó le ball den lucht foirne scoile maidir leis an Ráiteas Cosaint Leanaí in iúl don Bhord ag an gcéad chruinniú boird eile. Cuirfear in iúl don bhord faoi aon ghníomh a dhéantar de bhun gearáin nó moladh den sórt. Athbhreithneoidh an bord bainistíochta an cheist agus, más cuí cuirfidh siad aon fheabhsúchán a meastar a bheith riachtanach nó réiteoidh siad aon easnamh a aithnítear maidir le comhlíonadh riachtanais na nósanna imeachta seo i leith Ráiteas Cosaint Leanaí na scoile. Clárófar an méid thuas i miontuairiscí an chruinnithe/na gcruinnithe cuí boird.

**9.9.3** Mar chuid dá athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas Cosaint Leanaí, ní mór don bhord bainistíochta aiseolas a iarraidh ar thuismitheoirí maidir le comhlíonadh riachtanais cosaint leanaí na nósanna imeachta seo ag an scoil. Mar chuid den athbhreithniú bliantúil seo, ba chóir don bhord tuairimí na ndaltaí ar shocruithe cosaint leanaí na scoile a iarraidh orthu fosta. Ba chóir é seo a dhéanamh ar bhealach a oireann d'aois agus d'aibíocht na leanaí atá i gceist. Ba chóir aghaidh a thabhairt ar aon réimsí a aithneofar le haghaidh feabhsúcháin.

## 9.10 Ról an phátrúin

**9.10.1** Ar aon dul le halt 14 den Acht Oideachais 1998, bainistíonn an bord bainistíochta an scoil thar ceann an phátrúin. Cuireann alt 14 den Acht d'iallach ar an mbord bainistíochta dul i gcomhairle leis an bpátrún agus iad a choinneáil ar an eolas faoi chinntí agus moltaí an bhoird. Baineann an riachtanas seo le réimse cinntí agus moltaí de chuid an bhoird lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cosaint leanaí.

**9.10.2** Cuireann na nósanna imeachta seo d'iallach ar an mbord cóip den Ráiteas Cosaint Leanaí agus an fógra a bhaineann leis an athbhreithniú bliantúil den Ráiteas Cosaint Leanaí a chur ar fáil don phátrún.

**9.10.3** Má iarrann an pátrún taifid den athbhreithniú bliantúil den Ráiteas Cosaint Leanaí agus na torthaí a eascraíonn as, cuirfear ar fáil iad.

**9.10.4** Má thuairiscíonn an DIA (nó fostóir) líomhain nó amhras faoi mhí-úsáid nó neamart linbh maidir le ball den bhord bainistíochta do Tusla, cuirfidh an bord bainistíochta in iúl don phátrún gur cuireadh tuairisc a bhaineann le ball den bhord faoi bhráid Tusla. Is faoin bpátrún atá sé a shocrú an gá aon bheart maidir le ról leanúnach an bhaill ar an mbord bainistíochta, lena n-áirítear an bhfeidhmeoidh an pátrún a gcumhachtaí faoi alt 16 den Acht Oideachais 1998.

**9.10.5** Caithfear a chur in iúl don phátrún fosta más amhlaidh nár chomhlíon an bord bainistíochta na nósanna imeachta a leagtar amach i mír 7.3.6 agus murar thuairiscigh siad líomhain mhí-úsáide in aghaidh fostaí do Tusla sa chás gur chomhairligh Tusla dóibh a dhéanamh.

## 9.11 Riachtanais coinneáil taifead

Is gné ríthábhachtach den dea-rialachas agus an mhaoirseacht í an dea-choinneáil taifead. Tá roinnt riachtanas sna nósanna imeachta seo a bhaineann lena chinntiú go gcruthaítear agus go gcoinnítear taifid chuí agus gur féidir iad a rochtain ar chúiseanna maoirseachta. In Aguisín 4 de na nósanna imeachta seo tá achoimre de phríomhriachtanais coinneáil taifead na nósanna imeachta seo.

## 9.12 Ról mhaoirseachta na Roinne Oideachais

**9.12.1** An Roinn Oideachais nua

**9.12.2** atá freagrach as forbairt nósanna imeachta cosaint leanaí do scoileanna bunaithe ar riachtanais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019).

Dála na maoirseachta ag boird bainistíochta scoileanna, ní leor go díreach córais agus nósanna imeachta a chur ar bun le go gcomhlíonfaidh scoileanna iad. Is é an dúshlán cáilíocht na nósanna imeachta a dheimhniú chun a chinntiú go bhfuil siad á bhfeidhmiú go héifeachtach ar bhonn leanúnach. Mar sin de, ní mór don Roinn maoirseacht a dhéanamh ar conas a chomhlíonann scoileanna a n-oibleagáidí reachtaíochta agus, sna nósanna imeachta seo, an aird chuí a thabhairt ar fhreagrachtaí rialachais údaráis scoileanna.

Dála na scoileanna, cuirfidh an Roinn réimse de bhearta comhlántacha maoirseachta ar bun. Beidh feidhmeanna ar leith ag na bearta seo agus déanfar monatóireacht ar ghnéithe éagsúla de na nósanna imeachta. In éineacht lena chéile, áfach, is é an aidhm atá leo cur chuige soiléir, iomlán córais i leith mhaoirseacht agus dheimhniú cáilíochta na nósanna imeachta seo.

D'fhonn comhlíonadh agus maoirseacht éifeachtach a chinntiú, tá d'iallach ar gach scoil glacadh le haon iarratas ón Roinn ar fhaisnéis a bhaineann le comhlíonadh na nósanna imeachta seo acu agus comhlíonadh aon treorach ón Roinn a chuireann iallach orthu na nósanna imeachta seo a chur i bhfeidhm.

Is mar seo a leanas a bheidh maoirseacht de chuid na Roinne:

**Rannóg na Scoileanna**

- Freagracht fhoriomlán as forbairt agus eisiúint Nósanna Imeachta Cosaint Leanaí agus as ábhair thacaíochta
- Caidreamh le Tusla maidir le cosaint leanaí

**Cigireacht**

- Monatóireacht ar fheidhmiú na nósanna imeachta ag leibhéal scoile
- Tuairisciú do Rannóg na Scoileanna ar fheidhmiú na nósanna imeachta

**Grúpa Maoirseachta Cosaint Leanaí (CPOG)**

- Tuairiscí rialta a fháil ó Rannóg Scoileanna na Ronne agus ón gCigireacht faoi chomhlíonadh na nósanna imeachta ag scoileanna agus faoi mhéid agus chineál ábhair imní cosaint leanaí nó gearáin a fhaigheann an Roinn
- Tuairiscí rialta a fháil ó Rannóg Scoileanna na Ronne agus ón gCigireacht ar scoileanna nach gcomhlíonann nósanna imeachta cosaint leanaí
- Cumarsáid a dhéanamh le scoileanna nach gcomhlíonann na nósanna imeachta seo go dtí go gcomhlíonfaidh siad iad

**Bord bainistíochta na Roinne**

- Tuairiscí rialta a fháil ó Rannóg na Scoileanna, ón gCigireacht agus ón CPOG maidir le feidhmiú na nósanna imeachta
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chur chuige na Roinne i leith cosaint leanaí.

**9.12.3** Is é a dhéanfaidh Rannóg Scoileanna na Roinne –

- Nósanna imeachta cosaint leanaí a fhorbairt agus a eisiúint le cois ábhair eile le tacú le scoileanna an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019) a chur i bhfeidhm ina n-iomláine

- Ciorcláin agus treoir a fhorbairt agus a eisiúint a bhaineann le riachtanais scoileanna maidir le cosaint leanaí, amhail foilsiú teimpléad le haghaidh an ráiteas cosaint leanaí agus riachtanais an athbhreithnithe bhliantúil

- Tuairiscí ó na cigirí agus ó rannóga eile a fháil agus beart a dhéanamh de réir mar is cuí maidir le comhlíonadh nósanna imeachta agus ciorcláin cosaint leanaí

- Teagmháil a dhéanamh le scoileanna agus/nó le pátrúin nuair a aithnítear ábhair imní chun a chinntiú go bhfeabhsaítear an cleachtas

- Caidreamh le gníomhaireachtaí seachtracha amhail Tusla, An Garda Síochána srl. lena n-áirítear
    - Gach líomhain a thuairisciú do Tusla
    - Glacadh le ábhair imní ó Tusla faoi scoileanna aonair agus teagmháil a dhéanamh leis an mbord bainistíochta agus/nó leis an bpátrún chun comhoibriú na scoile le Tusla a chinntiú

- Tacú le CPOG agus a chinntí a chur i bhfeidhm

- Tuairisciú don Bhord Bainistíochta ar bhonn démhíosúil ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta cosaint leanaí ag scoileanna.

## 9.13 Maoirseacht ag Cigireacht na Roinne

### 9.13.1 Is é a dhéanfaidh an chigireacht:

- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh riachtanais nósanna imeachta cosaint leanaí ag bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna

- comhairle a thabhairt do scoileanna ar fheidhmiú ginearálta na nósanna imeachta seo, nuair is cuí

- tuairisciú do phríomhoide agus/nó bord bainistíochta gach scoile maidir le comhlíonadh riachtanais na nósanna imeachta seo.

- tuairisciú do Rannóg Scoileanna na Roinne maidir le comhlíonadh na nósanna

imeachta seo ag scoileanna

- tuairisciú don CPOG ar shonraí achoimre ar chásanna aonair scoileanna nach bhfuil ag comhlíonadh na nósanna imeachta seo

- páirt a ghlacadh in CPOG, cuidiú le hoifigigh i Rannóg na Scoileanna agus iad i dteagmháil le scoileanna, boird bainistíochta scoileanna agus le pátrúin de réir mar is cuí

- tuairisciú do Tusla trí Rannóg na Scoileanna nuair a fhaigheann an chigireacht amach faoi imeachtaí nuair nach gcomhlíonann scoileanna riachtanais an Ráitis Cosaint Leanaí

- sonraí agus treochtaí ilghnéitheacha a fhoilsiú ó chigireacht fheidhmiú na nósanna imeachta seo, a dhéantar ó am go chéile

### 9.13.2 Samhlacha agus gníomhaíochtaí cigireachta

Úsáidfidh na cigirí réimse de shamhlacha cigireachta le feidhmiú na nósanna imeachta seo a mhonatóiriú agus tuairisciú ina leith.

Maidir le samhlacha cigireachta agus meastóireachta ina ndírítear ar ghnéithe sainiúla de sholáthar scoile, amhail cigireacht ábhair nó meastóireacht curaclaim agus i gcigireachtaí teagmhasacha, seiceálfaidh cigirí croíghnéithe na nósanna imeachta seo. Cuirfidh sé seo ar chumas na gcigirí a chinneadh an bhfuil croíghnéithe na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ag an scoil, tuairisciú do phríomhoide na scoile agus don Roinn dá réir agus cinntí a dhéanamh faoin ngá a bheadh le bearta leantacha.

Maidir le samhlacha cigireachta agus meastóireachta ina ndírítear ar níos mó ná ghné amháin d'obair scoile, ag Aonad Ardtacaíochta, Ionad Coinneála Leanaí nó Aonad Cúraim Speisialta seiceálfaidh cigirí croíghnéithe agus roinnt riachtanais bhreise na nósanna imeachta seo. Cuirfidh sé seo ar chumas na gcigirí a chinneadh an bhfuil croíghnéithe agus roinnt riachtanais bhreise na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ag an scoil, tuairisciú do phríomhoide na scoile agus don Roinn dá réir agus cinntí a dhéanamh faoin ngá a bheadh le bearta leantacha.

Déanfar cigireachtaí diana, iomlána i samplaí de scoileanna. Cigireachtaí fócasaithe a bheidh iontu seo ar chur i bhfeidhm na nósanna imeachta agus is iondúil go ndéanfar iad le linn samhail chigireachta a bhfuil an tsainaidhm sin aici; .i. Sainchigireacht Cosaint Leanaí (CCCL) agus cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe atá bainteach le Scoileanna Aitheanta 2023 (CCCLSC)

.

D'fhonn a chinneadh cé na scoileanna ar a ndéanfar CCCL/CCCLSC, is é a dhéanfaidh na cigirí-

- sampla de scoileanna a roghnú, mar chuid dár gcur chuige rioscabhunaithe i leith cigireachta, ina ndéanfar na cigireachtaí seo ar bhonn bliantúil.

- scoileanna a d'atreoraigh an CPOG nó Rannóg Scoileanna na Roinne chun na Cigireachta a chuimsiú.

Is féidir CPSInna a dhéanamh le réamhfhógra nó gan é. Dála tuairiscí cigireachta eile, foilseofar cigireachtaí CPSI/CCCLSC ar líne ar aon dul leis na forálacha ar *Threoirlínte ar Fhoilsiú Tuairiscí Cigireachta Scoile (Meán Fómhair 2015)* nó a gcomhionann cuí.[1]

Féadann cigirí feidhmiú na nósanna imeachta seo a scrúdú fosta i gcigireachtaí leantacha. Déanann na cigireachtaí seo meastóireacht agus tuairisciú ar a mhéad a fheidhmíonn scoileanna moltaí a éiríonn as cigireachtaí a rinneadh cheana.

[1] Tá an Treoir do Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí agus an Treoir maidir le cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe atá bainteach le Scoileanna Aitheanta 2023 foilsithe ag an Roinn

### 9.13.3 I ndiaidh na cigireachta

De ghnáth, ag deireadh gach cuairt mheastóireachta cuirfidh an cigire/na cigirí in iúl don phríomhoide agus/nó don bhord cé acu a shíleann nó nach síleann sé/sí an scoil a bheith ag comhlíonadh gach gné de na nósanna imeachta cosaint leanaí a seiceáladh le linn na meastóireachta.

Má mheasann na cigirí go bhfuil aon ghné díobh seo nach bhfuil an scoil a chomhlíonadh, cuirfidh sé/sí na heasnaimh áirithe sin in iúl agus iarrfar ar an bpríomhoide agus/nó ar an mbord a chinntiú go rachfar i ngleic leo gan mhoill agus, más féidir, sula gcríochnófar an próiseas meastóireachta. Mar chuid d'fheidhm chomhairleach na gcigirí, féadann siad comhairle a thabhairt don scoil faoi na bealaí is fearr dul i ngleic leis na heasnaimh.

Mura bhfuil na cigirí sásta gur tugadh faoi na heasnaimh ar bhonn sásúil faoi dheireadh an phróisis meastóireachta, leanfaidh na cigirí de theagmháil leis an scoil go dtí go dtabharfar faoi na ceisteanna a ardaíodh. Féadann cigirí a chinneadh fosta scoileanna nach bhfuil ag comhlíonadh na nósanna imeachta a atreorú chuig Rannóg na Scoileanna agus/nó chuig an CPOG.

Coinneoidh na cigirí taifead de gach scoil a dtugtar cuairt orthu inar seiceáladh aon ghné de chosaint leanaí. Maidir le scoileanna nach bhfuil ag comhlíonadh gnéithe áirithe de na nósanna imeachta sin, coinneofar taifead de na gnéithe nár comhlíonadh agus an dáta ar cuireadh in iúl do na cigirí gur réitíodh an cás go sásúil.

Tuairisceoidh na cigirí do Tusla, trí Rannóg na Scoileanna, faoi scoileanna ar tugadh cuairt orthu nach raibh ráiteas cosaint leanaí acu.

I gcásanna eisceachtúla, cuirfidh na cigirí in iúl láithreach do Rannóg na Scoileanna agus/nó don CPOG faoi easnaimh thromchúiseacha i gcomhlíonadh na nósanna imeachta seo ag scoil roimh chur in iúl don phríomhoide agus/nó don bhord bainistíochta.

Tabharfaidh na cigirí fosta tuairisc ráithiúil don Bhord Bainistíochta ar leibhéil comhlíonta na nósanna imeachta seo i scoileanna ar thug cigirí cuairt orthu.

### 9.13.4 Rochtain cáipéisíochta

Le linn cigireachtaí scoileanna, beidh gá ag cigirí le fáil a bheith acu ar roinnt nó ar gach doiciméad agus taifead ar mór don scoil iad a úsáid agus a choinneáil faoi na nósanna imeachta seo. Tá tábhacht ar leith leis na doiciméid atá ar fáil don bhord bainistíochta maidir lena mhaoirseacht ar thuairisciú agus ar chosaint. Tá an tábhacht chéanna le miontuairiscí chruinnithe an bhoird bainistíochta ina bhfuil fianaise gur fheidhmigh an bord a fhreagrachtaí rialachais. Clárófar sna miontuairiscí gur scrúdaigh an bord bainistíochta na taifid bhainteacha agus gur chinntigh sé go raibh an scoil ag comhlíonadh na nósanna imeachta seo; nó sa chás gur aithníodh nach rabhthas ag comhlíonadh na nósanna imeachta seo, ba chóir go gclárófaí sna miontuairiscí gur réitíodh an cheist nó gur athraíodh an cleachtas de réir stiúir an bhoird.

Dá réir sin, ba chóir go mbeadh na doiciméid seo ar fáil i scoileanna, lena n-áirítear miontuairiscí chruinnithe an bhoird bainistíochta, i gcónaí agus ba chóir iad a chur ar fáil don chigire/na cigirí má iarrtar iad. Má iarrann cigire iad, cuirfidh an scoil comhaid cáis ar fail lena chur ar chumas cigire a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na nósanna imeachta.

### 9.13.5 An Grúpa Maoirseachta Cosaint Leanaí

I ngach cás ina mbíonn údair thromchúiseacha imní ag Rannóg Scoileanna na Roinne nó ag na cigirí faoi chomhlíonadh na nósanna imeachta seo ag scoil, atreorófar an cás chuig an CPOG ar a bhfuil cigirí agus oifigigh de chuid Rannóg Scoileanna na Roinne.

**Maoirseacht ag An Grúpa Maoirseachta Cosaint Leanaí (CPOG)**

Is é a dhéanfaidh an CPOG-

- Bearta na Roinne a chomhordú i gcásanna ina mbíonn ábhair tromchúiseacha imní a bhaineann le comhlíonadh riachtanais na nósanna imeachta seo ag scoil
- Taifid scoileanna a atreoraítear leis a choinneáil, lena n-áirítear taifid de conas agus cén uair a réitítear cásanna
- Teagmháil na Roinne leis an mbord agus/nó le pátrúin scoileanna a bhainistiú nuair a aithníonn na cigirí agus/nó Rannóg Scoileanna na Roinne laigí tromchúiseacha nó teipeanna sa chóras
- Tuairiscí rialta a fháil ó Rannóg na Scoileanna agus ó na cigirí a bhaineann le comhlíonadh, nó neamh-chomhlíonadh na nósanna imeachta ag scoileanna
- A chinntiú go rachfar i dteagmháil leis an mbord agus/nó le pátrúin na scoile, de réir mar is cuí, maidir le gach cás a atreoraíonn Tusla nó An Garda Síochána leis an Roinn. Tá socruithe teagmhála ag an Roinn le Tusla a chuirfear i bhfeidhm nuair is mian le Tusla an Roinn a chur ar a hairdeall faoi chúiseanna imní atá aige maidir le comhlíonadh ag scoil ar leith.

## 9.14 Maoirseacht ag Bord Bainistíochta na Roinne

Is é a dhéanfaidh bord bainistíochta na Roinne-

- Tuairiscí ráithiúla a fháil agus a athbhreithniú ón CPOG ar na scoileanna lena mbíonn CPOG i dteagmháil
- Tuairiscí ráithiúla a fháil agus a athbhreithniú ó na cigirí ar an gcomhlíonadh a shonraíonn na cigirí le linn a gcuairteanna ar scoileanna.
- Ar bhonn bliantúil ar a laghad, éifeachtacht iomlán na nósanna imeachta a

mheas chun a chinntiú go bhfuil scoileanna ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus faoi Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017.

## 9.15 Ról Tusla sa mhaoirseacht

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 tá d'iallach ar bhord bainistíochta cóip de Ráiteas Cosaint Leanaí na scoile a chur ar fáil do Tusla nuair a iarrtar í.

Forálann an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 fosta go bhféadann Tusla clár neamh-chomhlíonta a chur ar bun agus a choinneáil ina sonraítear soláthraithe seirbhísí bainteacha, lena n-áirítear scoileanna nach gcuireann cóip den Ráiteas Cosaint Leanaí ar fáil do Tusla nuair a iarrtar í. Faoin Acht, caithfidh Tusla an clár a chur ar fáil do le go bhféadann an pobal é a scrúdú ag aon am réasúnta ina phríomhoifig.

Tá pointe aonair teagmhála curtha ar fáil fosta ag an Roinn mar a bhféadann Tusla ag leibhéal náisiúnta, i ndiaidh dul trí ghnáthamh cuí géaraithe inmheánach, a chur in iúl don Roinn aon chúis imní ar leith a bheadh ag Tusla maidir le comhlíonadh riachtanais cosaint leanaí ag scoil ar leith.

## 9.16 An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

In 2011, bhunaigh an Rialtas An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ), anois An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus thug le chéile roinnt croíréimsí beartais agus seirbhísí do leanaí, daoine óga agus teaghlaigh. Tá an fhreagracht ar RLCMLÓ as forbairt creat reachtúil agus beartais agus is tríd seo a sholáthraítear, a mhonatóirítear, a ndéantar cigireacht ar agus a thomhaistear seirbhísí cosaint agus leas leanaí.

Tá roinnt oibleagáidí ag an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Féadann an tAire treoirlínte faoi chosaint agus leas leanaí a eisiúint. Foilsíodh Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 leis an riachtanas sin a chomhlíonadh agus, mar sin de, glactar leis mar threoirlínte a eisíodh faoi Alt 6 den Acht. Féadann an tAire fosta rialacháin a dhéanamh ar Ráitis Cosaint Leanaí agus na nósanna imeachta a bhaineann le daoine atá faoi shainordú tuairiscí a dhéanamh. Ní mór don Aire fosta Grúpa Feidhmiúcháin Idir-rannach a bhunú agus na baill agus an cathaoirleach a cheapadh.

## 9.17 Grúpa Forfheidhmithe Idir-rannach Tús Áite do Leanaí

Forálann Alt 4 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, i gcomhair bhunú an Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-rannach Tús Áite do Leanaí. Is fóram é an Grúpa Forfheidhmithe mar a bhféadann baill an ghrúpa ábhair ginearálta imní leas agus cosaint leanaí a ardú nó

ábhair imní a bhfuil gné thrasrannach nó thrasearnálacha acu.

An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a bhunaigh an grúpa seo agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige atá mar chathaoirleach air. Is é an bhallraíocht atá aige daoine ainmnithe as gach Roinn Rialtais, le cois ionadaí ó Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Is iad feidhmeanna an Ghrúpa Forfheidhmithe-

1. Comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin Acht ag Ranna Rialtais a chur chun cinn
2. Feidhmiú na dtreoirlínte a d'eisigh an tAire ag Ranna Rialtais a mhonatóiriú
3. Tacaíocht a thabhairt do Ranna Rialtais maidir le hullmhúchán agus foilsiú pleananna forfheidhmithe earnála
4. Cur chuige comhleanúnach ag Ranna Rialtais a chur chun cinn i leith ullmhúchánagus foilsiú pleananna forfheidhmithe earnála
5. Tuairisciú don Aire, nuair a iarrtar, ar fhorfheidhmiú an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ar fhorfheidhmiú na dtreoirlínte a d'eisigh an tAire
6. Eolas nó comhairle a thabhairt don Aire nó moltaí a dhéanamh ar aon cheist thuas.

Ní mór don Ghrúpa Forfheidhmithe fosta tuairisc bhliantúil ar ghnóthachtáil a fheidhmeanna agus gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

## Aguisín 1: Sceideal na nDaoine faoi Shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015

Sonraítear i Sceideal 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 na haicmí a leanas mar dhaoine faoi shainordú de bhun an Achta seo:

1. Registered medical practitioner within the meaning of section 2 of the Medical Practitioners Act 2007.
2. Registered nurse or registered midwife within the meaning of section 2(1) of the Nurses and Midwives Act 2011.
3. Physiotherapist registered in the register of members of that profession.
4. Speech and language therapist registered in the register of members of that profession.
5. Occupational therapist registered in the register of members of that profession.
6. Registered dentist within the meaning of section 2 of the Dentists Act 1985.
7. Psychologist who practises as such and who is eligible for registration in the register (if any) of members of that profession.
8. Social care worker who practises as such and who is eligible for registration in accordance with Part 4 of the Health and Social Care Professionals Act 2005 in the register of that profession.
9. Social worker who practises as such and who is eligible for registration in accordance with Part 4 of the Health and Social Care Professionals Act 2005 in the register (if any) of that profession.
10. Emergency medical technician, paramedic and advanced paramedic registered with the Pre-Hospital Emergency Care Council under the Pre-Hospital Emergency Care Council (Establishment) Order 2000 (S.I. No. 109 of 2000).
11. Probation officer within the meaning of section 1 of the Criminal Justice (Community Service) Act, 1983.
12. Teacher registered with the Teaching Council.
13. Member of An Garda Síochána.
14. Guardian *ad litem* appointed in accordance with section 26 of the Child Care Act, 1991.

15. Person employed in any of the following capacities:

(a) manager of domestic violence shelter;

(b) manager of homeless provision or emergency accommodation facility;

(c) manager of asylum seeker accommodation (direct provision) centre;

(d) addiction counsellor employed by a body funded, wholly or partly, out of moneys provided by the Oireachtas;
(e) psychotherapist or a person providing counselling who is registered with one of the voluntary professional bodies;
(f) manager of a language school or other recreational school where children reside away from home;
(g) member of the clergy (howsoever described) or pastoral care worker (howsoever described) of a church or other religious community;
(h) director of any institution where a child is detained by an order of a court;
(i) safeguarding officer, child protection officer or other person (howsoever described) who is employed for the purpose of performing the child welfare and protection function of religious, sporting, recreational, cultural, educational and other bodies and organisations offering services to children;
(j) child care staff member employed in a pre-school service within the meaning of Part VIIA of the Child Care Act, 1991;
(k) person responsible for the care or management of a youth work service within the meaning of section 2 of the Youth Work Act, 2001.

16. Youth worker who—
(a) holds a professional qualification that is recognised by the National Qualifications Authority in youth work within the meaning of section 3 of the Youth Work Act, 2001 or a related discipline, and
(b) is employed in a youth work service within the meaning of section 2 of the Youth Work Act, 2001.

17. Foster carer registered with the Agency.
18. A person carrying on a pre-school service within the meaning of Part VIIA of the Child Care Act, 1991.

## Aguisín 2: Cionta Gnéasacha mar a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 [arna leasú in alt 55 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017]

I Sceideal 3 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a leagtar amach cionta de bhun pharagraf (a) den sainmhíniú ar 'mí-úsáid ghnéasach' in alt 2:

1. Rape.
2. Rape under section 4 of the Criminal Law (Rape) (Amendment) Act 1990.
3. Sexual assault.
4. Aggravated sexual assault within the meaning of section 3 of the Criminal Law (Rape) (Amendment) Act 1990.
5. An offence under section 1 of the Punishment of Incest Act 1908 (incest by males).
6. An offence under section 2 of the Punishment of Incest Act 1908 (incest by females of or over 17 years of age).
7. An offence under section 6 (1) of the Criminal Law (Sexual Offences) Act 1993 (soliciting or importuning for purposes of commission of sexual offence).
8. An offence under section 2 of the Criminal Law (Sexual Offences) Act 2006 (defilement of child under 15 years of age).
9. An offence under section 3 of the Criminal Law (Sexual Offences) Act 2006 (defilement of child under 17 years).

9A. An offence under section 3A of the Criminal Law (Sexual Offences) Act 2006 (offence by person in authority).

10. An offence under either of the following provisions of the Child Trafficking and Pornography Act 1998:
    (a) section 3 (child trafficking and taking, etc., child for sexual exploitation);
    (b) section 4 (allowing child to be used for child pornography);
    (c) section 4A (organising etc. child prostitution or production of child pornography);
    (d) section 5A (participation of child in pornographic performance).

11. An offence under section 5 of the Criminal Law (Human Trafficking) Act 2008 in so far as it relates to a child who has been trafficked for the purpose of his or her exploitation (soliciting or importuning for purposes of prostitution of trafficked person).

12. An offence under section 176 of the Criminal Justice Act 2006 (reckless endangerment of children).

13. An offence under section 249 of the Children Act 2001 (causing or encouraging sexual offence upon a child).

14. An offence under any of the following provisions of the Criminal Law (Sexual Offences) Act 2017:
    (a) section 4 (invitation etc. to sexual touching);
    (b) section 5 (sexual activity in the presence of child);
    (c) section 6 (causing child to watch sexual activity);
    (d) section 8 (use of information and communication technology to facilitate sexual exploitation of child).

## Aguisín 3: Prótacal a údaraíonn beart láithreach

Leis na prótacail seo a leanas, údaraítear beart láithreach faoi alt 7.2 de na 'Nósanna Imeachta Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017'.

**Bunscoileanna seachas bunscoileanna atá faoi phátrúnacht BOO**

I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, má éilíonn na cúinsí, mar bheart riachtanach réamhchúraim chun leanaí na scoile a chosaint, tá d'údarás ag cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ó údarás na scoile a rá le fostaí gan bheith i láthair na scoile gan pá a chailleadh go dtí go measfaidh an fostóir an cás. Is an-tábhachtach a shonrú gur aidhm réamhchúraim atá ag an mbeart faoin bprótacal seo seachas aidhm smachta. Is beart eatramhach é an beart faoin bprótacal seo go dtí go ndéanfaidh an fostóir cinneadh faoin gcás.

Iarrfar ar an bhfostaí teacht chuig cruinniú le cathaoirleach an bhoird bainistíochta agus is é an fheidhm leis an gcruinniú a chur in iúl don fhostaí faoin líomhain agus faoin mbeart atá le déanamh. D'fhéadfadh duine cuí, a roghnóidh sé/sí féin, a bheith in éineacht leis an bhfostaí, rud a chuirfear in iúl dó/di.

Ar aon chaoi, cuirfear in iúl don fhostaí i bhfoirm scríofa.

Déanfaidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta taifead den chruinniú fosta agus coinneofar é ar an gcomhad cáis bainteach.

**Iar-bhunscoileanna agus bunscoileanna atá faoi phátrúnacht BOO**

(A) I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, nuair a éilíonn na cúinsí a leithéid, mar bheart réamhchúraim éigeantach chun leanaí sa scoil a chosaint, beidh príomhoide na scoile údaraithe ag údarás bainistíochta na scoile fostaí a threorú chun é nó í féin a neamhláithriú láithreach ón scoil gan aon phá a chailliúint go dtí go ndéanann an fostóir plé leis an ngnó. Is an-tábhachtach a shonrú gur aidhm réamhchúraim atá ag an mbeart faoin bprótacal seo seachas aidhm smachta. Is beart eatramhach é an beart faoin bprótacal seo go dtí go ndéanfaidh an fostóir cinneadh faoin gcás.

Tabharfar cuireadh don fhostaí freastal ar chruinniú leis an bpríomhoide, agus é mar chuspóir a chur in iúl don fhostaí faoin liamhaint agus faoin ngníomhú a bheidh ag tarlú. D'fhéadfadh duine cuí, a roghnóidh sé/sí féin, a bheith in éineacht leis an bhfostaí, rud a chuirfear in iúl dó/di.

Ar aon chaoi, cuirfear in iúl don fhostaí i bhfoirm scríofa.

Déanfaidh an príomhoide taifead den chruinniú agus coimeádfar a leithéid ar chomhad ábhartha an cháis.

(B) I gcás scoile nó coláiste atá faoi choimirce BOO, is é príomhfheidhmeannach an BOO nó duine dar tugadh an t-údarás seo a dhéanfaidh an cinneadh a rá le fostaí gan bheith i láthair sna cúinsí atá leagtha amach ag (A) thuas.

## Aguisín 4: Achoimre ar riachtanais coinneáil taifead

San aguisín seo tá achoimre ar na príomhriachtanais coinneáil taifead a leagtar amach sna nósanna imeachta seo mar seo a leanas -

- In Alt 3.4 leagtar amach riachtanais ata ar bhaill aonair de phearsanra scoileanna ábhair imní a bheadh acu faoi chosaint leanaí a chlárú, lena n-áirítear nochtadh eolais ó pháistí agus aon bheart a rinneadh ina leith.

- In Alt 5.1.1 tá an riachtanas go gcoinneoidh an DIA taifead scríofa d'aon chúis imní a chuir ball den lucht foirne scoile ar a s(h)úile dó/di agus go gcuirfear an taifead seo in áit shlán

- In Alt 5.3.3 tá an riachtanas, i ngach cás nuair a iarrann an DIA comhairle Tusla, go gcoinneoidh an DIA taifead den chomhairliúchán ina sonrófar an dáta, ainm oifigeach de chuid Tusla agus an chomhairle a tugadh.

- In Alt 3.4.4 tá an riachtanas go gcoinneoidh an DIA taifead d'aon bhearta eile a dhéanfaidh an DIA agus de chumarsáid eile le Tusla, leis An nGarda Síochána nó le páirtithe ar bith eile maidir leis an tuairisc sin.

- In Alt 3.4.5 tá an riachtanas go gcaithfear ar bhonn ardrúnda le gach taifead a chruthaítear agus go gcuirfear iad in áit shlán.

- In Alt 3.4.6 tá an riachtanas, d'fhonn taifeadadh éifeachtach agus rianú taifid agus bearta bainteacha, go sannfar cód nó sraithuimhir ar leith do chomhaid cosaint leanaí agus do pháirtithe ar bith dá dtagraítear ina leithéid de chomhaid. Sa chomhthéacs seo is ionann "páirtithe" agus aon pháirtí arbh é an toradh a bheadh ar a (h)ainm a nochtadh go nochtfaí ainm an linbh nó an duine a ndearnadh líomhain ina (h)aghaidh.

- In Alt 9.4 tá an riachtanas go gcaithfear Tuairisc Mhaoirseachta Cosaint Leanaí a chur ar fáil don bhord bainistíochta, mar chuid de thuairisc an phríomhoide don bhord, ar gach cruinniú bord bainistíochta. Tá an t-eolas atá le cur ar fáil sa tuairisc seo leagtha amach ag míreanna 9.5 go 9.8 de na nósanna imeachta seo.

- In Alt 9.5, 9.6 agus 9.7 foráiltear go dtaifeadfar i miontuairiscí cruinnithe den bhord bainistíochta gnóthaí cosaint leanaí trí thagairt do chód nó sraithuimhir ar leith a shannfar don chás/na páirtithe atá i gceist.

- In Alt 5.3.6. tá an riachtanas, nuair a chuireann an DIA in iúl do thuismitheoir/cúramóir go bhfuil tuairisc a bhaineann lena leanbh á déanamh, go gcruthófar taifead den eolas a thugann an DIA don tuismitheoir/cúramóir. Tá riachtanas ann fosta, go dtaifeadfar cinneadh de chuid an DIA gan a chur in iúl do thuismitheoir/cúramóir le cois na gcúiseanna gan é a dhéanamh.

- In Alt 5.3.8. tá an riachtanas má shocraíonn an DIA nár chóir an chúis imní atá ag ball den phearsanra scoile, lena n-áirítear múinteoir cláraithe, a thuairisciú do Tusla, tabharfaidh an DIA ráiteas soiléir don bhall den phearsanra scoile, i scríbhinn, maidir leis na fáthanna nach bhfuil aon bheart á dhéanamh. Coinneoidh an DIA cóip den ráiteas seo. Sa chás ina socraíonn an ball den phearsanra scoile tuairisciú do Tusla, ní mór dó/di cóip den tuairisc a thabhairt don DIA

- In Alt 5.6. tá an riachtanas nuair a thugann an DIA fógra do thuismitheoir ar aon dul leis an alt sin, coinneoidh an DIA cóip den fhógra sin.

- In Alt 3.5.4 tá an riachtanas go gcaithfidh an bord bainistíochta a chinntiú gur ann do shocruithe chun a chinntiú go bhfuil fáil ag an leas-DIA ar thaifid bhainteacha nuair is gá.

- In Alt 8.13.6. tá an riachtanas go gcoinneofar agus go gcuirfear ar fáil don phátrún agus/nó don Roinn, má iarrtar iad, taifid d'athbhreithniú bliantúil Ráiteas Cosaint Leanaí na scoile agus a thorthaí.

Níl i gceist gur liosta cuimsitheach de na riachtanais coinneála taifead sna nósanna imeachta seo an méid thuasluaite agus ba chóir do baill de phearsanra scoileanna a chinntiú go gcoinnítear taifid ar aon dul leis na riachtanas a leagtar amach sin.

## Aguisín 5: Achoimre ar na hathruithe ar na nósanna imeachta atá san áireamh in athbhreithniú 2023

Tá achoimre san aguisín seo ar na hathruithe a rinneadh ar *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* 2017 agus atá san áireamh sna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*

**Mionathruithe lena n-áirítear:**

- An Roinn Oideachais agus Scileanna nuashonraithe don Roinn Oideachais agus na hathruithe brandála gaolmhara
- Tagairtí don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige nuashonraithe don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- Tagairtí do "shuíomh idirlín na Roinne" nuashonraithe go "gov.ie" agus naisc reatha curtha leis
- Tagairtí do nósanna imeachta nó oibleagáidí "nua" bainte amach

**Athruithe substainteacha:**

- Sainmhíniú ar chosaint agus ar chumhdach leanaí curtha leis an ngluais téarmaí
- Tagairt don Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019) curtha le 1.1.1, 9.1.2, 9.3.1 agus 9.12.1
- Tagairt do na hAchtanna um Chosaint Sonraí nuashonraithe chun 2018 agus Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) a chur san áireamh ag 1.3.9, agus áiteanna ábhartha eile
- Mír 1.5 curtha isteach chun tagairt a dhéanamh do Thosú Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Eolas á sholáthar ag an bhfostóir má bhristear fostaí óna bpost nó má éiríonn fostaí as), 2023, ó 11 Mí na Bealtaine 2023
- Mír 5.2.5 nuashonraithe chun tagairt a dhéanamh do thairseach slán gréasáin Tusla chun ábhair imní a thuairisciú agus nasc chuig an tairseach san áireamh
- Tá an téacs breise "de réir alt 9 de na nósanna imeachta seo" curtha san áireamh i míreanna 5.2.10, 5.3.8 agus 5.5.2 anois.
- Tá foclaíocht nuashonraithe curtha san áireamh in mír 5.4.4 chun prótacail tuairiscithe reatha Tusla a léiriú
- Soiléiriú i gcaibidil 7 go bhfuil an prótacal lena n-údaraítear beart láithreach le bainistiú ag an bhfostóir (bord bainistíochta nó BOO, de réir mar is cuí)
- Tá cló trom curtha ar an téacs atá in mír 7.1.3 cheana féin
- Tá an téacs nua "Ní bhaineann an t-anaithnidiú doiciméad atá luaite i 9.5.3 leis an bprótacal lena n-údaraítear beart láithreach" curtha le mír 7.2.9
- Tá an fhoclaíocht bhreise "Le haghaidh tuilleadh eolais, féach mír 9.5.7" curtha le mír 7.3.6
- Nuashonraíodh ailt 8.4.2 agus 8.4.3 chun an soláthar reatha OSPS iar-bhunscoile a léiriú.
- Tá an téacs breise seo a leanas curtha le mír 8.8.7: "Nuair a dhéantar tagairt don Ráiteas um Chosaint Leanaí, ciallaíonn sé seo an Ráiteas um Chosaint Leanaí lena n-áirítear Measúnú Riosca. Nuair a dhéantar tagairt don Mheasúnú Riosca, ciallaíonn sé seo an Measúnú Riosca atá sa ráiteas um Chosaint Leanaí. Tá siad in aon doiciméad amháin agus cuirtear teimpléad éigeantach ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie anseo."
- Cuireadh mír 8.8.9 san áireamh chun tagairt a dhéanamh do *Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí le haghaidh Saoráidí Cónaithe a bhaineann le Scoileanna Aitheanta 2023.*
- Ta téacs breise ag mír 8.9.3: "(lena n-áirítear Measúnú Riosca)". Tá sé seo curtha san áireamh freisin i míreanna 8.2.1, 8.8.5, 8.8.8, 8.8.10, 8.10.1 agus 9.9.1.
- Tá nasc chuig doiciméid tacaíochta ag mír 8.13.3 anois
- Tá téacs breise ag mír 9.5.3 chun treoir a thabhairt d'anaithnidiú agus d'atheagrú na dtaifead go léir a chuirtear ar fáil don bhord faoi 9.5.2 chun a chinntiú nach n-ainmneofar aon duine de na leanaí ná páirtithe ar bith eile a bhaineann leis an ábhar imní nó leis an tuairisc
- Tá téacs nuashonraithe ag mír 9.5.7 ina ndéantar tagairt don chruinniú éigeandála
- Tá tagairt in mír 9.13.2 anois do chigireacht i saoráidí cónaithe
- Rinneadh nuashonrú ar an bhfonóta i mír 9.13.3 chun tagairt a dhéanamh don Treoir do Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí agus an Treoir maidir le cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe atá bainteach le Scoileanna Aitheanta 2023
- Tá na nótaí treoracha a bhaineann leis na hathruithe sna nósanna imeachta seo nuashonraithe dá réir agus tá siad ar fáil anseo